Register your product and get support at

www.philips.com/TVsupport

**8601 series**

# Lámhleabhar

55PUS8601

PHILIPS

# Ábhar


1 Céard atá nua? 4

1.1 Baile agus cainéil 4
1.2 Feidhmchláir agus Bailiúchán Philips TV 4

2 Suiteáil 5

2.1 Léigh Sábháilteacht 5
2.2 Seastán Teilifíse agus Gléasadh Balla 5
2.3 Leideanna maidir le Láithriú 5
2.4 Cábla Cumhachta 5
2.5 Cábla na hAeróige 6
2.6 Mias Satailíte 6
2.7 Taobhchallairí 7

3 Cianrialtán 8

3.1 Forbhreathnú ar na hEochracha 8
3.2 An Cianrialtán a Phéireáil 9
3.3 Cuardach Gutha 9
3.4 Ceap Tadhaill 10
3.5 Méarchlár 10
3.6 Braiteoir Cianrialtáin 11
3.7 Ceallraí 11
3.8 Glanadh 11

4 Ag Casadh Air agus As 12

4.1 Air nó ar Fuireachas 12
4.2 Méaracha teilifíse 12

5 Cainéil 13

5.1 Suiteáil Satailíte 13
5.2 Suiteáil Aeróige/Cábla 16
5.3 Cóipeáil Liosta Cainéal 18
5.4 Maidir le Cainéil 19
5.5 Liosta Cainéal a scagadh 25

6 Nasc Gléasanna 26

6.1 Maidir le Naisc 26
6.2 Poirt HDMI 26
6.3 Y Pb Pr - Comhpháirt 27
6.4 SCART 28
6.5 Fuaim Amach - Optúil 28
6.6 CAM le Cárta Cliste - CI+ 28
6.7 Córas Amharclainne Baile - HTS 30
6.8 Fóin Chliste agus Táibléid 30
6.9 Seinnteoir Diosca Blu-ray 31
6.10 Seinnteoir DVD 31
6.11 Bluetooth - Callairí agus Ceapa Stiúrtha 31
6.12 Cluasáin 32
6.13 Consól Cluiche 32
6.14 Ceap Stiúrtha 33
6.15 Diosca Crua USB 34
6.16 Méarchlár, nasc 35
6.17 Méaróg Chuimhne USB 35
6.18 Ceamara grianghraif 36
6.19 Camthaifeadán 36
6.20 Ríomhaire 36
6.21 Seastáin Callaire Gan sreang PTA860 37

7 Nasc do Android TV 39

7.1 Líonra agus Idirlíon 39
7.2 Cuntas Google 42
7.3 Feidhmchlár Bhailiúchán Philips TV 42
7.4 Socruithe Android 43
7.5 Scáileán Baile 43

8 Feidhmchláir 45

8.1 Maidir le Feidhmchláir 45
8.2 Google Play 45
8.3 Feidhmchlár a Thosú nó a Stopadh 46
8.4 Glasáil Feidhmchláir 47
8.5 Bainistigh Feidhmchláir 48
8.6 Stóráil 48

9 Idirlíon 49

9.1 Tosaigh an tIdirlíon 49
9.2 Roghanna ar an Idirlíon 49

10 Roghchlár na teilifíse 50

10.1 Maidir le Roghchlár na teilifíse 50
10.2 Oscail Roghchlár na teilifíse 50

11 Naisc, Liosta 51

11.1 Athraigh go gléas 51
11.2 Roghanna d'ionchur teilifíse 51
11.3 Ainm agus Cineál Gléis 51
11.4 Ríomhaire 51

12 Socruithe 53

12.1 Socruithe Minice 53
12.2 Pictiúr 53
12.3 Fuaim 58
12.4 Socruithe Ambilight 61
12.5 Éicea-Socruithe 64
12.6 Socruithe Ginearálta 65
12.7 Clog, Réigiún agus Teanga 67
12.8 Rochtain Uilíoch 70
12.9 Glas Leanaí 71

13 Meáin 73

13.1 Ó Nasc USB 73
13.2 Ó Ríomhaire nó NAS 73
13.3 Ó Sheirbhís Stórála sa Néal 73
13.4 Roghchlár Ceanán, Is mó Éilimh, a Seinneadh go deireanach 73
13.5 Seinn do chuid Físeán 74
13.6 Féach ar do chuid Grianghraif 74
13.7 Seinn do Cheol 74

14 Eolaire Teilifíse 76

14.1 A bhfuil de dhíth ort 76
14.2 Sonraí Eolaire Teilifíse 76
14.3 An Eolaire Teilifíse a Úsáid 76

15 Taifeadadh agus Cuir Teilifís ar Sos 78

15.1 Taifeadadh 78
15.2 Cuir teilifís ar sos 79

16 Fóin Chliste agus Táibléid 81

16.1 Philips TV Remote App 81
16.2 Google Cast 81
16.3 AirPlay 81
16.4 MHL 81

17 Cluichí 82

17.1 A bhfuil de dhíth ort 82
17.2 Cluiche a Imirt 82

18 Ambilight 83

18.1 Ambilight, Air nó As 83
18.2 Ambilight As 83
18.3 Socruithe Ambilight 83
18.4 Mód Solais Tolglainne 84

19 Sár-Roghanna 85

19.1 Maidir le Sár-Roghanna *85*
19.2 Ar Theilifís Anois *85*
19.3 Teilifís ar Éileamh *85*
19.4 Físeáin ar Éileamh *85*

20 Netflix 87

21 Ilamharc 88

21.1 TV agus TV *88*
21.2 Téacs agus Teilifís *88*
21.3 HDMI agus teilifís *88*
21.4 Nettv agus Teilifís *88*
21.5 Nettv agus HDMI *88*

22 Bogearaí 90

22.1 Nuashonrú Bogearraí *90*
22.2 Leagan Bogearraí *90*
22.3 Nuashonrú bogearraí uathoibríoch *91*
22.4 Bogearraí Foinse Oscailte *91*
22.5 Ceadúnas Foinse Oscailte *91*
22.6 Fógraí *91*

23 Sonraíochtaí 92

23.1 Comhshaol *92*
23.2 Cumhacht *92*
23.3 Córas Oibriúcháin *92*
23.4 Glacacht *92*
23.5 Cineál Taispeána *93*
23.6 Taifeach taispeána: *93*
23.7 Toisí agus Meáchain *93*
23.8 Nascacht *93*
23.9 Fuaim *93*
23.10 Ilmheáin *94*

24 Cúnamh agus Tacaíocht 95

24.1 Cláraigh do theilifís *95*
24.2 Cabhair a Úsáid *95*
24.3 Fadhbanna *95*
24.4 Cabhair Ar Líne *97*
24.5 Tacaíocht agus Athdheisiú *98*

25 Sábháilteacht agus Cúram 99

25.1 Sábháilteacht *99*
25.2 Glanadh *100*
25.3 Cúram Scáileáin *100*

26 Téarmaí Úsáide 101

26.1 Téarmaí Úsáide - Teilifís *101*
26.2 Téarmaí Úsáide - Bailiúchán Philips TV *101*

27 Cóipchearta 102

27.1 MHL *102*
27.2 HDMI *102*
27.3 Dolby Digital Plus *102*
27.4 DTS Premium Sound ™ *102*
27.5 Microsoft *102*
27.6 Wi-Fi Alliance *102*
27.7 Kensington *102*
27.8 Trádmharcanna Eile *103*

28 Séanadh maidir le seirbhísí agus/nó bogearraí atá á dtairiscint ag tríú páirtithe 104

Innéacs 105

1

# Céard atá nua?

1.1

## Baile agus cainéil

### An lainseálaí nua Baile

Brúigh ⌂ HOME ar do chianrialtán chun do scáileán nua Baile Android a fháil. Is féidir leat an cinneadh a dhéanamh as seo maidir leis na cláracha a bhféachfaidh tú orthu trí na roghanna siamsaíochta a bhrabhsáil ón bhfeidhmchlár agus ó theilifís beo. Tá cainéil ag do leathanach Baile chun ligint duit teacht ar inneachar ó na feidhmchláir is ansa leat. Is féidir leat cainéil bhreise a chur leis an liosta nó feidhmchláir nua a aimsiú chun tuilleadh inneachair a fháil.




### An cainéal “Seinn an Chéad Cheann eile”

Beidh a fhios agat i gcónaí céard é an chéad chlár eile ar an gcainéal **Seinn an Chéad Cheann eile** ar an scáileán Baile. Tosaigh ag féachaint ón áit ar stop tú agus faigh fógraí faoi eagráin nua sa chainéal **Seinn an Chéad Cheann eile** . Brúigh agus coinnigh síos Roghnaigh ar scannán nó clár teilifíse chun é a chur go díreach ar an gcainéal **Seinn an Chéad Cheann eile**.

### Rochtain a fháil ar shocruithe ón scáileán Baile

Is féidir leat rochtain a fháil ar an roghchlár Gach Socrú trí an deilbhín sa choirnéal ar thaobh na láimhe deise. Tá roghchlár na socruithe Minice agus míreanna coiteanna roghchláir le fáil ar an Roghchlár Philips TV chomh maith. Is féidir rochtain dhíreach a fháil orthú ón gcianrialtán.

### An barra córais ar an scáileán Baile

Tá na gnéithe seo a leanas ar fáil ar an mbarra Córais ar bharr an scáileáin Baile:
- Cnaipe Cuardaigh: chun tús a chur le cuardach Google le hionchur gutha nó téacs.
- Foinse ionchuir: chun liosta na bhfoinsí ionchuir a lainseáil agus athrú go dtí aon cheann de na gléasanna nasctha.
- Fógraí: chun teachtaireachtaí a thabhairt duit faoi do chóras Smart TV.
- Socruithe: chun rochtain a fháil ar roghchlár na socruithe uile agus socruithe na teilifíseá a athrú.
- Clog: chun clog an chórais a thaispeáint.

1.2

## Feidhmchláir agus Bailiúchán Philips TV

### Feidhmchláir Ceanáin ar an gcéad ró

Is féidir leat tuilleadh feidhmchlár a fháil ar leathanach na bhFeidhmchlár ar féidir é a oscailt trí chliceáil ar an deilbhín Feidhmchláir ar thaobh na láimhe deise de ró na bhFeidhmchlár Ceanáin. Is féidir leat freisin tuilleadh feidhmchlár a chur leis an liosta ceanán ó leathanach na bhFeidhmchlár.




### Bailiúchán Philips TV

Tá gach ceann de d’fheidhmchláir phréimhe ar fáil laistigh den fheidhmchlár Bailiúchán Philips TV. Is féidir leat é a lainseáil trí úsáid a bhaint as an meirge ar ró na bhFeidhmchlár Ceanáin. Beidh moltaí d’Fheidhmchláir nua agus tuilleadh ar an bhfeidhmchlár Bailiúchán Philips TV.



2
# Suiteáil

2.1
## Léigh Sábháilteacht

Léigh na treoracha sábháilteachta i dtosach sula n-úsáideann tú an teilifís.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Threoracha Sábháilteachta**.

2.2
## Seastán Teilifíse agus Gléasadh Balla

### Seastán teilifíse

Is féidir leat na treoracha chun an seastán teilifíse a ghléasadh a fháil sa Treoir Mhearthosaithe a tháinig leis an teilifís. Is féidir leat an treoir seo a íoslódáil ó www.philips.com sa chás gur chaill tú í.

Úsáid uimhir múnla na teilifíse chun cuardach a dhéanamh don **Treoir Mearthosaithe** atá le híoslódáil.

### Gléasadh Balla

**Rabhadh**

Teastaíonn scileanna sainiúla chun an teilifís a ghléasadh ar an mballa agus ní ceart d'aon duine ach pearsanra atá cáilithe tabhairt faoi. Ba cheart go gcomhlíonfadh gléasadh balla na teilifíse caighdeáin sábháilteachta atá bunaithe ar mheáchan na teilifís. Léigh na réamhchúraim shábháilteachta ar dtús freisin sula lonnóidh tú an teilifís.
Ní bheidh TP Vision Europe B.V. freagrach as aon ghléasadh míchuí ná gléasadh ar bith a éiríoinn timpiste nó gortú as.

Tá do theilifís ullmhaithe do bhrac atá comhlíontach le VESA chun í a ghléasadh ar an mballa (díoltar leis féin é).
Úsáid an cód VESA seo a leanas nuair atá an gléasadh balla á cheannach agat. . .

• 55PUS8601
VESA MIS-F 200x200, M6

• 65PUS8601
VESA MIS-F 200x200, M6

**Ullmhúchán**

Bain amach na 4 scriúchlaibín phlaisteacha as na boisc snáithithe ar chúl na teilifíse ar dtús.

Cinntigh go dtéann na scriúnna miotail thart ar 10mm isteach i mboisc shnáithithe na teilifíse chun an teilifís a ghléasadh leis an mbrac VESA-comhlíontach.




2.3
## Leideanna maidir le Láithriú

• Cuir an teilifís in áit nach bhfuil solas ag lonrú go díreach ar an scáileán.
• Socraigh an teilifís suas le 15 cm ón mballa.
• Is é an t-achar is fearr le bheith ag féachaint ar an teilifís uaidh ná trí oiread méid fhiarthrasna an scáileáin. Nuair atá tú i do shuí, ba cheart go mbeadh do shúile ar an leibhéal céanna le lár an scáileáin.




2.4
## Cábla Cumhachta

• Cuir isteach an cábla cumhachta sa nascóir **POWER** ar chúl na teilifíse.
• Bí cinnte go bhfuil an cábla cumhachta curtha isteach go daingean sa nascóir.
• Bí cinnte gur féidir leat rochtain a fháil i gcónaí ar an bpluga cumhachta sa soicéad balla.
• Nuair a díphlugálann tú an cábla cumhachta, tarraing an pluga i gcónaí, ná tarraing an cábla go deo.




D'ainneoin go bhfuil tomhaltas cumhachta an-íseal ag an teilifís seo nuair atá sé ar fuireachas, bain amach an cábla cumhachta chun fuinneamh a shábháil mura mbeidh an teilifís in úsáid ar feadh tréimhse fada.

2.5
# Cábla na hAeróige

Cuir isteach pluga na haeróige go daingean sa soicéad **Aeróige** ar chúl na teilifíse.

Is féidir leat d'aeróg féin a nascadh nó nasc a dhéanamh le comhartha aeróige ó chóras dáilte aeróige. Úsáid nascóir aeróige IEC Coax 75 Ohm RF.

Úsáid an nasc aeróige seo do chomharthaí ionchuir DVB-T agus DVB-C.




2.6
# Mias Satailíte

## Cúnamh sainiúil

Seans go mbeidh ort cúnamh sainiúil a fháil nuair atá córas mhias satailíte á shuiteáil agat. D'fhéadfaí suiteáil do chórais satailíte a bheith níos casta mar gheall ar shuiteáil atá déanta cheana ach nach bhfuil fhios agat fúithi nó coinníollacha áitiúla na glacachta satailíte. Mura ndéanfaí an tsuiteáil i gceart, d'fhéadfaí damáiste leictreach a dhéanamh don teilifís.

Rabhadh:

Nuair atá LNB Uilíoch ar do mhias satailíte, ná húsáid **scoilteoirí cábla** comhaiseacha mura bhfuil suiteáil Unicable á úsáid agat.




## Tuner amháin

Ní mór duit 2 chábla comhionanna a nascadh ó do mhias satailíte go dtí an teilifís chun féachaint ar chainéal satailíte agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna. Mura bhfuil ar fáil agat ach 1 cábla, ní féidir leat féachaint ar aon chainéal ach amháin an ceann a bhfuil tú ag taifeadadh air.

Nasc an cábla ón mias satailíte go díreach go dtí an nasc **SAT 1**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailíte a nascadh. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Tiúnóir amháin** i rith na suiteála satailíte.




## Dhá Thiúnóir

Ní mór duit 2 chábla comhionanna a nascadh ó do mhias satailíte go dtí an teilifís chun féachaint ar chainéal satailíte agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna.

Nasc an chéad chábla ón mias satailíte go díreach leis

an nasc **SAT 1** agus nasc an dara cábla le **SAT 2**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailíte a nascadh. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Dhá Tiúnóir** i rith na suiteála satailíte.




## Unicable nó MDU

Má tá córas Unicable á úsáid agat, nasc an cábla leis an nasc **SAT 1**. Úsáid cábla comhaiseach chun mias aeróige satailíte a nascadh agus ná húsáid ach scoilteoirí cábla atá oiriúnach le Unicable. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Dhá Thiúnóir** agus **Unicable** ina dhiaidh sin i rith na suiteála satailíte.




2.7
# Taobhchallairí

## Nasc na Taobhchallairí

Tagann 2 taobhchallaire inbhainte le do theilifís. Tá pacáistíocht ar leith ar an 2 challaire sin i mbosca na teilifíse.

Gléas agus nasc an callaire barra fuaime atá istigh leis le do theilifís. Níl fuaim na teilifíse iomlán gan na callairí sin.

Chun na taobhchallairí a ghléasadh …

1 - Tóg an callaire tanaí a bhfuil an cábla nascóra gearr ar a bhun agus beir air in aice le taobh scáileán na teilifíse. Tarraingeoidh na maighnéid ionsuite atá sa challaire chuig an scáileán é agus coinneoidh sé ann é. Is féidir leat an callaire a shleamhnú suas nó anuas beagán chun go mbeidh sé cothrom le barr scáileán na teilifíse. Ba cheart go mbeifeá ag breathnú ar ghríl an challaire.
2 - Nasc an cábla gearr leis an nascóir atá marcáilte mar 🔈 , ar dhá choirnéal íochtair an scáileán teilifíse.
3 - Gléas an callaire eile ar an gcaoi chéanna.

Díphlugáil na nascóirí chun dínascadh.



## Seastáin Callaire PTA860

Is féidir leat do thaobhchallairí a lonnú níos faide ó do scáileán teilifíse le **Seastáin Callaire gan Sreang Inbhainte Philips PTA860***. Scaipfidh an fhuaim níos fearr agus feilfidh sé níos fearr don eispéireas féachana ar an scáileán mór.

* Díoltar an PTA860 leis féin.

3

# Cianrialtán

3.1

## Forbhreathnú ar na hEochracha

### Barr




1 - Fuireachas / Air
Chun an teilifís a chasadh air nó ar ais go Fuireachas..

2 - AMBILIGHT
Chun Ambilight a chasadh air nó as agus chun Ambilight a chasadh air ó Fhuireachas.

3 - EOLAIRE TEILIFÍSE
Chun an tEolaire teilifíse a oscailt nó a dhúnadh.

4 - SOURCES
Chun an roghchlár Roghanna a oscailt nó a dhúnadh.

5 - Roghchlár teilifíseChun roghchlár na teilifíse a oscailt leis na gnáthfheidhmeanna teilifíse.

6 - VOICE micreafón

7 - NETFLIX
Chun an Feidhmchlár Netflix (más ann dó) a oscailt go díreach. Nuair atá an teilifís casta air nó ó fhuireachas.

8 - Socruithe
Chun an roghchlár Socruithe Minice a oscailt.

9 - TOP PICKS
Chun an roghchlár a oscailt le cláir mholta, Físeán ar Éileamh (Físeáin ar Cíos) nó Teilifís Ar Líne (Catch Up TV). Má tá fáil air.

10 - VOICE
Chun tosú ag labhairt do chuardach gutha.

11 - TV - EXIT
Chun athrú ar ais d'fhéachaint ar theilifís. Chun feidhmchlár idirghníomhach teilifíse (cosúil le HbbTV) a oscailt.

### Lár




1 - INFO
Chun eolas cláir a oscailt nó a dhúnadh.

2 - Eochaircheap / Eochracha nascleanúna
Chun bogadh suas, síos, ar chlé nó ar dheas. Chun svaidhpeáil trí liosta.

3 - BACK
Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a roghnaigh tú roimhe sin.
Chun roghchlár a dhúnadh gan aon socrú a athrú.
Chun dul ar ais go dtí an Feidhmchlár/leathanach Idirlín roimhe sin.

4 - Eochracha datha
Roghnú díreach roghanna. Osclaíonn an eochair ghorm, Cabhair.

5 - Airde fuaime
Chun airde na fuaime a athrú.

6 - Mute
Chun an fhuaim a bhalbhú nó a dhíbhalbhú.

7 - OPTIONS
Chun an roghchlár Roghanna a oscailt nó a dhúnadh.

8 - OK eochair
Chun rogha nó socrú a dhearbhú. Chun an liosta cainéal a oscailt agus tú ag féachaint ar an teilifís.

9 - HOME
Chun an roghchlár Baile a oscailt nó a dhúnadh.

10 - Cainéal
Chun athrú go dtí an chéad chainéal eile nó an cainéal roimhe sin i liosta na gcainéal. Chun an chéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin a oscailt in Téacs(Teilithéacs). Chun an chéad chaibidil eile nó an chaibidil roimhe sin ar dhiosca a thosú.

11 - Ilamharc
Chun scáileán beag a oscailt sa scáileán mór.

## Bun




1 - Eochracha uimhreach
Chun cainéal a roghnú go díreach.

2 - SUBTITLE
Chun fotheidil a chasadh air nó as chun iad a thaispeáint go huathoibríoch.

3 - Athsheinm agus Taifead
• Seinn ▶, chun athsheanma.
• Cuir ar sos ⏸, chun athsheinm a chur ar sos
• Stop ■, chun athsheinm a stopadh
• Atochras ◀◀, chun atochras
• Mearchasadh ▶▶, chun mearchasadh
• Taifead ●, chun tús a chur le taifeadadh

4 - TEXT
Chun Téacs/Teilithéacs a chasadh air.

3.2
# An Cianrialtán a Phéireáil

Úsáideann an cianrialtán seo Bluetooth chun a orduithe a sheoladh chuig an teilifís. A mhalairt le cianrialtáin a úsáideann comharthaí infridhearga, ní gá an cianrialtán a phointeáil i dtreo na teilifíse. Chun go mbeidh an cianrialtán in ann cumarsáid leis an teilifís, ba cheart an teilifís agus an cianrialtán araon a bheith péireáilte (nasctha) lena chéile. A thúisce is a bheidh siad péireáilte, ní féidir leat an cianrialtán a úsáid chun teilifís eile a rialú.

### Péireáil

Nuair a chuir tú tús le suiteáil na teilifíse, thug an teilifís cuireadh duit an eochair OK a bhrú, agus leis sin, rinneadh an phéireáil. Mura bhfuil an teilifís ag freagairt nuair a bhrúnn tú eochair ar bith ar an gcianrialtán, níor éirigh le péireáil.

### Péireáil arís

Má tá an phéireáil leis an gcianrialtán imithe, is féidir leat an teilifís a phéireáil arís leis an gcianrialtán.

Chun tosú ag péireáil…

1 - Ar chúl na teilifíse, agus tú i do sheasamh os comhair na teilifíse ar thaobh na láimhe deise, brúigh eochair cumhachta an luamháin stiúrtha ⏻ isteach ar feadh 3 soicind. Taispeánfar teachtaireacht go bhfuil an teilifís réidh le haghaidh a péireála.
2 - Brúigh na heochracha datha ▬ (dearg) agus ▬ (gorm) le chéile ar feadh 1 soicind. Taispeánfar teachtaireacht nuair a éiríonn leis an bpéireáil.

Nuair a chasann tú as an teilifís, stóráltar an phéireáil.

Ní féidir an teilifís seo a phéireáil ach le cianrialtán amháin. Chun an cianrialtán a dhíphéireáil ón teilifís seo, ní mór duit é a phéireáil le teilifís eile.

3.3
# Cuardach Gutha

Is féidir leat cuardach a dhéanamh d'fhíseáin ceol nó rud ar bith eile ar an Idirlíon díreach trí do ghuth a úsáid. Is féidir leat labhairt isteach sa mhicreafón ar an gcianrialtán. Mar rogha air sin, is féidir leat méarchlár an chianrialtáin a úsáid chun téacs a chur isteach.

Chun Guth a úsáid…

1 - Brúigh 🎤 VOICE. Lastar an solas gorm ar an gcianrialtán agus osclaítear an réimse cuardaigh. Fad is atá an deilbhín 🎤 dearg ar an scáileán, tá an micreafón beo.
2 - Abair an rud atá uait go soiléir. Is féidir leat labhairt ar feadh 10 soicind sula gcasfar an micreafón as. D'fhéadfadh sé roinnt ama a thógáil sula dtaispeánfar na torthaí.
3 - Is féidir leat an rud atá uait a roghnú ó na torthaí ar an gcuardach.
4 - Brúigh ← BACK chun na torthaí cuardaigh a dhúnadh más gá.

Chun méarchlár an chianrialtáin a úsáid chun cuardach a dhéanamh…

1 - Brúigh 🎤 VOICE chun an réimse cuardaigh a oscailt.
2 - Brúigh ❯ (deas) chun an réimse téacs a oscailt.
3 - Cas méarchlár an chianrialtáin i do threo agus clóscríobh a bhfuil uait.
4 - Brúigh ← BACK chun an méarchlár ar an scáileán a chur i bhfolach.
5 - Is féidir leat an rud atá uait a roghnú ó na torthaí ar an gcuardach.
6 - Brúigh ← BACK chun na torthaí cuardaigh a dhúnadh más gá.

Féach ar [www.support.google.com/androidtv](http://www.support.google.com/androidtv) freisin

### Socruithe Gutha

Is féidir leat an teanga a úsáideann tú a shocrú le Guth.

Chun an teanga a shocrú do Chuardach Gutha…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Socruithe Android agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh Roghanna > 🎤 Caint agus

brúigh OK.
4 - Roghnaigh an teanga atá uait agus brúigh OK.
5 - Brúigh ← BACK chun dul siar céim amháin nó brúigh EXIT chun an roghchlár a dhúnadh.

3.4
# Ceap Tadhaill

Is ceap tadhaill freisin limistéar na n-eochracha nascleanúna a bhfuil cruth an mhuileata air – na heochracha suas, anuas, clé agus deas. Is féidir leat an ceap tadhaill sin a úsáid chun svaidhpeáil trí liostaí fada nó dul trí liosta céim ar chéim.

An chaoi an ceap tadhaill a úsáid...

1 - Oscail roghchlár teilifíse ar bith a bhfuil liosta air, mar shampla an roghchlár Baile nó liosta Cainéal.
2 - Svaidhpeáil trasna an cheapa tadhaill le d'ordóg chun an liosta a scrolláil. Suas nó anuas, nó clé go deas Má svaidhpeálann tú an ceap tadhaill, tabharfar ar aghaidh ag an gcéad chéim eile tú. Má svaidhpeálann tú agus ansin d'ordóg a choinneáil ar an gceap tadhaill (ní gá é a bhrú), tabharfar tríd an liosta tú go dtí go dtógann tú d'ordóg ón gceap tadhaill.

Bí cinnte go bhfoghlaimeoidh tú an svaidhp seo nó an gotha svaidhp agus coinnigh síos. Is mór an cabhair é agus tú ag dul trí liostaí fada.

Ní féidir an ceap tadhaill a chasadh as.

3.5
# Méarchlár

## Forbhreathnú

### Qwerty agus Azerty

Forbhreathnú ar mhéarchlár Qwerty / Azerty.*




1 - Carachtar Azerty
Suíomh carachtair má tá leagan amach an mhéarchláir athraithe go Azerty.

2 - ⬆Aa Iomlaoid
Chun carachtair cáis uachtair a chlóscríobh.

3 - Eochair Fn
Chun uimhir nó carachtar poncaíochta a chlóscríobh.

4 - ␣ Spásbharra

5 - Nascleanúint agus OK

6 - Roinn é seo
Chun a bhuil tú ag féachaint air faoi láthair a roinnt ar líne.

* Tá méarchlár Qwerty / Azerty nó Qwerty / Coireallach ar do chianrialtán, ag brath ar do réigiún.

### Qwerty agus Coireallach

Forbhreathnú ar mhéarchlár Qwerty / Coireallach.*

1 - Carachtair Choireallacha
Na carachtair atá ar fáil nuair a athraítear an méarchlár go Coireallach.

2 - Athrú go méarchlár Coireallach
Chun an méarchlár a athrú go carachtair Choireallacha nó ar ais go Qwerty.

3 - ⬆Aa Iomlaoid
Chun carachtair cáis uachtair a chlóscríobh.

4 - Eochair Fn
Chun uimhir nó carachtar poncaíochta a chlóscríobh

5 - ␣ Spásbharra

6 - Roinn é seo
Chun a bhuil tú ag féachaint air faoi láthair a roinnt ar líne.

7 - Nascleanúint agus OK

* Tá méarchlár Qwerty/Azerty nó Qwerty/Coireallach ar do chianrialtán, ag brath ar do réigiún.

## Téacs a Scríobh

Is féidir leat an méarchlár ar chúl an chianrialtáin a úsáid chun téacs a scríobh in aon réimse téacs ar an scáileán.

Chun téacs a scríobh...

1 - Roghnaigh réimse téacs mura bhfuil sé roghnaithe fós.
2 - Athraigh méarchlár an chianrialtáin i do threo chun na heochracha a ghníomhachtú. Beir ar an gcianrialtán le do dhá láimh agus úsáid do dhá ordóg chun clóscríobh.
3 - Chun an méarchlár ar scáileán a chur i bhfolach, brúigh ← BACK .
Brúigh OK chun an téacs a dhearbhú.

### Méarchlár ar an Scáileán

Má úsáideann tú an méarchlár an an scáileán chun téacs a chur isteach, is féidir leat leagan amach an mhéarchláir a athrú go ceann a bhfuil taithí agat air.

Chun na socruithe seo a oscailt...

Brúigh HOME, roghnaigh Gach Socrú agus

brúigh OK
5 - Roghnaigh Socruithe Android agus brúigh OK.
6 - Roghnaigh **Roghanna** > **Méarchlár** agus brúigh OK.
7 - Roghnaigh **Cumraigh** > **Teanga** agus brúigh OK. Is féidir leat teanga do mhéarchláir a shocrú anseo.
8 - Brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh chun dul siar céim amháin.
• Oibríonn an cianrialtán is fearr mura bhfuil tú níos mó ná 5 m ón teilifís.
• Agus méarchlár an chianrialtáin á úsáid agat, oibríonn sé is fearr nuair nach bhfuil an uillinn níos mó ná 50 céim.
• Ná blocáil ga IR an chianrialtáin.

## Méarchlár Qwerty, Azerty agus Coireallach

Is é QWERTY leagan amach caighdeánach Mhéarchlár an Chianrialtáin.

### Méarchlár Azerty

Is féidir Méarchlár an Chianrialtáin a athrú go Azerty, ag brath ar an réigiún ina bhfuil tú. Tá na carachtair Azerty ar taispeáint ar bharr na n-eochracha ábhartha ar thaobh na láimhe deise.

Chun méarchlár an chianrialtáin a shocrú go Azerty…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh **Réigiúin agus Teanga** agus brúigh 〉 (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Méarchlár an Chianrialtáin** agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh **AZERTY** nó **QWERTY** agus brúigh OK.
5 - Brúigh 〈 (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Méarchlár Coireallach

Is féidir Méarchlár an Chianrialtáin a athrú go Coireallach, ag brath ar an réigiún ina bhfuil tú.
Tá na carachtair Choireallacha ar taispeáint ar bharr na n-eochracha ábhartha ar thaobh na láimhe deise.

Chun carachtair Choireallacha a scríobh…

1 - Brúigh ar an gcianrialtán.
2 - Brúigh chun athrú ar ais go Qwerty.

3.6
# Braiteoir Cianrialtáin

Úsáideann cianrialtán na teilifíse Bluetooth chun a orduithe a sheoladh chuig an an teilifís. Ní gá an cianrialtán a phointeáil i dtreo na teilifíse nuair atá Bluetooth ann.

Mar sin féin, tá an teilifís in ann glacadh freisin le horduithe ó chianrialtán a úsáideann IR (infridhearg) chun orduithe a sheoladh. Má úsáideann tú a leithéid de chianrialtán, bí cinnte i gcónaí go bpointeálann tú an cianrialtán i dtreo braiteoir infridhearg an chianrialtáin ar aghaidh na teilifíse.

3.7
# Ceallraí

Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú nuair a bheidh cumhacht cheallraí an chianrialtáin íseal.

Chun na ceallraí a athsholáthar, oscail raca na gceallraí ar thaobh an mhéarchláir den chianrialtán.

1 - Úsáid bonn beag nó rud beag maol eile agus brúigh an cnaipe scaoilte, a bhfuil cruth cearnóige aige, chun clúdach na gceallraí a oscailt.
2 - Sleamhnaigh an ceallra i dtreo an lingeáin miotail agus tarraing taobh eile an cheallra amach.
3 - Athsholáthar na seancheallraí le 2 cheallra alcaileacha den chineál **AAA-LR6-1.5V**. Bí cinnte go luífidh na deirí + agus - de na ceallraí isteach i gceart.
4 - Cuir doras na gceallraí ar ais agus brúigh síos é go dtí go gcliceálann sé.

Bain amach na ceallraí mura mbeidh siad in úsáid agat ar feadh tréimhse fada.

Diúscair do sheancheallraí go sábháilte trí na treoracha maidir le deiridh úsáide a leanúint.
Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Deiridh úsáide**.

3.8
# Glanadh

Tá bratú scrabhadh-fhriotaíoch ar do chianrialtán.

Chun an cianrialtán a ghlanadh, úsáid ceirt bhog thais. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh ná glantóirí tí nó an cianrialtán.

# 4
# Ag Casadh Air agus As

## 4.1
## Air nó ar Fuireachas

Cinntigh go bhfuil an teilifís nasctha leis an bpríomhchumhacht AC. Nasc an corda cumhachta a tháinig leis an teilifís leis an nascóir **AC isteach** ar chúl na teilifíse. Lasfar an solas táscaire ag bun na teilifíse.

### Cas air

Brúigh ⏻ ar an gcianrialtán chun an teilifís a chasadh air. Mar rogha air sin, brúigh ⌂ HOME . Is féidir leat freisin an luamhán stiúrtha beag ar chúl na teilifíse a bhrú freisin chun an teilifís a chasadh air mura bhfuil tú in ann teacht ar an gcianrialtán nó má tá na ceallraí caite.

### Athraigh go dtí fuireachas

Chun an teilifís a athrú go dtí fuireachas, brúigh ⏻ ar an gcianrialtán. Is féidir leat freisin an luamhán stiúrtha beag ar chúl na teilifíse a bhrú freisin.




Agus í i bhfuireachas, tá an teilifís nasctha leis an bpríomhlíonra cumhachta i gcónaí ach is beag fuinneamh atá á tomhailt aici.

Chun an teilifís a chasadh as go hiomlán, dínasc an pluga cumhachta.
Nuair atá an pluga cumhachta á dhínascadh agat, tarraing an pluga cumhachta i gcónaí, ní an cábla. Bí cinnte go bhfuil rochtain iomlán agat ar an bpluga cumhachta, an seolán cumhachta agus ar an soicéad asraoin i gcónaí.

## 4.2
## Méaracha teilifíse

Má tá an cianrialtán caillte agat, nó má tá a cheallraí caite, is féidir leat roinnt oibríochtaí bunúsacha teilifíse a dhéanamh i gcónaí.

Chun an roghchlár bunúsach a oscailt...

1 - Agus an teilifís casta air agat, brúigh an eochair luamháin stiúrtha ar chúl na teilifíse chun an roghchlár bunúsach a oscailt.
2 - Brúigh clé nó deas chun 🔊 Airde Fuaime, ≡ Cainéal nó ⇥ Foinsí a roghnú. Roghnaigh 👁 Físeán taispeána chun físeán taispeána a thosú.
3 - Brúigh suas nó síos chun an airde fuaime a athrú nó tiúnáil go dtí an chéad chainéal eile, nó an ceann roimhe sin. Brúigh suas nó síos chun dul trí liosta na bhfoinsí, lena n-áirítear roghnú tiúnóra. Brúigh eochair an luamháin stiúrtha chun an físeán taispeána a thosú.
4 - Imeoidh an roghchlár as amharc go huathoibríoch.

Chun an teilifís a chasadh go dtí fuireachas, roghnaigh ⏻ agus brúigh eochair an luamháin stiúrtha.



5

# Cainéil

5.1

## Suiteáil Satailíte

### Maidir le Suiteáil Satailítí

Suas le 4 Satailít

Is féidir leat suas le 4 satailít (4 LNBanna) a shuiteáil ar an teilifís seo. Roghnaigh díreach an líon satailítí ar mian leat iad a shuiteáil ag tús na suiteála. Éascóidh sé sin an tsuiteáil.

Unicable

Is féidir leat córas Unicable a úsáid chun an mhias aeróige a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Unicable a roghnú do shatailít 1 nó 2 satailít ag tús na suiteála.

### Cuir tús leis an tSuiteáil

Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte nasctha i gceart agus go bhfuil sé ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Chun an tsuiteáil satailíte a thosú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Cainéil > Suiteáil Satailíte. Cuir isteach do chód PIN más gá.
3 - Roghnaigh Déan Cuardach do Shatailít.
4 - Roghnaigh Déan Cuardach do Chainéal. Déan an teilifís cuardach do shatailítí.
5 - Roghnaigh Cumraigh. Taispeánann an teilifís an tsuiteáil satailíte reatha.
Má tá uait an tsuiteáil sin a athrú, roghnaigh Socruithe.
Mura bhfuil uait an tsuiteáil sin a athrú, roghnaigh Cuardaigh. Téigh go céim 7.

6 - In Córas Suiteála, roghnaigh an líon satailítí a bhfuil uait iad a shuiteáil nó roghnaigh ceann de na córais Unicable. Nuair a roghnaíonn tú Unicable, is féidir leat na hUimhreacha Banda Úsáideora a roghnú agus na Minicíochtaí Banda Úsáideora a chur isteach do gach tiúnóir. Is féidir an banda úsáideora a aimsiú sa ródaire unicable. Is féidir leat roinnt sainsocruithe a athrú do gach LNB i roinnt tíortha in Tuilleadh Socraithe.
7 - Déanfaidh an teilifís cuardach do na satailítí atá ar fáil nuair a bheidh do mhias aeróige ailínithe. D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil. Má aimsítear satailít, taispeánfar a hainm agus a threise glactha ar an scáileán.
8 - Nuair atá na satailítí atá uait aimsithe ag an teilifís, roghnaigh Suiteáil.
9 - Má thairgeann satailít Pacáistí Cainéal, taispeánfaidh an teilifís na pacáistí atá ar fáil don satailít sin. Roghnaigh an pacáiste atá uait.
10 - Chun an tsuiteáil satailíte a stóráil chomh maith leis na cainéil suiteáilte agus stáisiúin raidió, roghnaigh Déanta.

### Socruithe Suiteála Satailíte

Tá na socruithe suiteála satailíte réamhshocraithe de réir tíre. Cinneann na socruithe sin an chaoi a ndéanann an teilifís cuardach agus an chaoi a suiteálann sé satailítí agus a gcainéil. Is féidir leat na socruithe sin a athrú i gcónaí.

Chun na socruithe suiteála satailíte a athrú…

1 - Cuir tús leis an tsuiteáil satailíte.
2 - Ar an scáileán ar ar féidir leat tús a chur leis an gcuardach do shatailítí, roghnaigh Socruithe agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh an líon satailítí a bhfuil uait iad a shuiteáil nó roghnaigh ceann de na córais Unicable. Nuair a roghnaíonn tú Unicable, is féidir leat na hUimhreacha Banda Úsáideora a roghnú agus na Minicíochtaí Banda Úsáideora a chur isteach do gach tiúnóir.
4 - Nuair atá sé sin déanta agat, roghnaigh Ar Aghaidh agus brúigh OK.
5 - Brúigh OK ar an roghchlár Socruithe chun filleadh ar an scáileán agus tús a chur le cuardach do shatailítí.

Trasfhreagróir Frithinge agus LNB

Is féidir leat na sainsocruithe don trasfhreagróir frithinge agus do gach LNB a athrú i roinnt tíortha. Ná húsáid ná athraigh na socruithe sin nuair atá teiptha ar ghnáthshuiteáil. Má tá trealamh satailíte nach bhfuil caighdeánach agat, is féidir leat na socruithe sin a úsáid chun na gnáthshocruithe a shárú. D'fhéadfadh roinnt soláthróirí luachanna don trasfhreagróir nó don LNB a thabhairt duit ar féidir leat iad a chur isteach anseo.

### CAManna Satailíte

Má úsáideann tú CAM – Modúl Rochtana Coinníollaí a bhfuil cárta cliste aige – chun féachaint ar chainéil satailíte, molaimid go ndéanfaí an tsuiteáil satailíte nuair atá an CAM curtha isteach sa teilifís.

Baintear úsáid as an gcuid is mó de CAManna chun cainéil a dhíscrobhadh.

Is féidir leis na CAManna is nuaí (CI+ 1.3 le Próifíl Oibritheora), na cainéil satailíte a shuiteáil leo féin ar do theilifís. Tabharfaidh an CAM cuireadh duit a shatailít(í) agus cainéil a shuiteáil. Ní hamháin go suiteálann agus ndíscrobhann na CAManna seo na cainéil ach láimhseálann siad nuashonruithe cainéal

rialta freisin.

## Pacáistí Cainéal

Is féidir le hoibritheoirí satailíte pacáistí cainéal a thairiscint a chuachann cainéil shaora agus a thairgeann sórtáil a fheileann do thír. Tairgeann roinnt satailítí pacáistí suibscríbhinne - cnuasach cainéal a n-íocann tú astu.

## Suiteáil Unicable

### An Córas Unicable

Is féidir leat córas Chábla Singil, MDU nó córas Unicable a úsáid chun an mhias aeróige a nascadh leis an teilifís. Úsáideann córas Chábla Singil cábla amháin chun an mhias satailíte a nascadh le gach tiúnóir satailíte ina chóras. Is iondúil go n-úsáidfear córas Chábla Singil i bhfoirgnimh árasán. Má úsáideann tú córas Unicable, iarrfaidh an teilifís ort uimhreacha banda úsáideora agus minicíochtaí comhfhreagracha a shannadh i rith na suiteála. Is féidir leat 1 nó 2 satailít a shannadh le Unicable ar an teilifís seo.

Má thugann tú faoi deara go bhfuil roinnt cainéal ar iarraidh i ndiaidh suiteáil Unicable, tá an seans ann go ndearnadh suiteáil eile ag an am céanna ar an gcóras Unicable. Déan an tsuiteáil arís chun na cainéil atá ar iarraidh a shuiteáil.

### Uimhir Bhanda Úsáideora

I gcóras Unicable, ní mór uimhir a bheith ag gach tiúnóir satailíte nasctha (e.g. 0, 1, 2 nó 3 etc.).

Is féidir leat na bandaí úsáideora atá ar fáil mar aon lena n-uimhir a fháil ar an lascbhosca Unicable. Giorraítear banda úsáideora uaireanta do UB. Tá lascbhoscaí Unicable ann a thairgeann 4 nó 8 banda úsáideora. Má roghnaíonn tú Unicable sna socruithe, iarrfaidh an teilifís ort an uimhir banda úsáideora uathúil dá ghlacadóir satailíte ionsuite a shannadh. Ní féidir an uimhir banda úsáideora chéanna a bheith ag glacadóir satailíte amháin is atá ag glacadóir satailíte eile sa chóras Unicable.

### Minicíocht Bhanda Úsáideora

Chomh maith leis an uimhir banda úsáideora uathúil, tá minicíocht an uimhir banda úsáideora atá roghnaithe ag teastáil ón nglacadóir satailíte ionsuite. Taispeántar na minicíochtaí sin den chuid is mó in aice leis an uimhir banda úsáideora ar lascbhosca Unicable.

## Nuashonrú Cainéal de Láimh

Is féidir leat nuashonrú cainéal a thosú tú féin i gcónaí.

Chun nuashonrú cainéal a thosú de láimh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Satailíte**.
3 - Roghnaigh **Déan Cuardach do Chainéil**.
4 - Roghnaigh **Nuashonraigh Cainéil**. Tosóidh nuashonrú ar an teilifís. D'fhéadfadh an nuashonrú roinnt nóiméad a thógáil.
5 - Lean na treoracha ar an scáileán. D'fhéadfadh an nuashonrú roinnt nóiméad a thógáil.
6 - Roghnaigh **Críochnaigh** agus brúigh **OK**.

## Cuir satailít leis an liosta

Is féidir leat satailít bhreise a chur le do shuiteáil satailíte reatha. Ní dhéanann sé aon difríocht do na satailítí suiteáilte ná dá gcainéil. Ní cheadaíonn roinnt oibritheoirí satailíte duit satailít a chur leis an liosta.

Ba cheart caitheamh leis an satailít bhreise mar rud breise. Ní hé do phríomhshuibscríbhinn satailíte é ná an phríomhshatailít a bhfuil a pacáiste cainéal á úsáid agat. Chuirfeá an 4ú satailít leis an liosta nuair atá 3 shatailít suiteáilte agat cheana féin. Má tá 4 shatailít suiteáilte agat cheana féin, d'fhéadfá breithniú a dhéanamh ar cheann a bhaint as chun go mbeifeá in ann satailít nua a shuiteáil.

### Suiteáil

Mura bhfuil ach 1 nó 2 satailít suiteáilte agat, tá an seans ann nach ligfidh na socruithe suiteála reatha duit satailít bhreise a chur leis an liosta. Má chaitheann tú na socruithe suiteála a athrú, ní mór duit an tsuiteáil satailíte a athdhéanamh ina iomlán. Ní féidir leat **Cuir satailít leis an liosta** a úsáid má tá athrú socruithe ag teastáil.

Chun satailít a chur leis an liosta…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Satailíte**.
3 - Roghnaigh **Déan Cuardach do Shatailít**.
4 - Roghnaigh **Cuir Satailít leis an Liosta**. Taispeánfar na satailítí reatha.
5 - Roghnaigh **Déan Cuardach do Chainéal**. Déanann an teilifís cuardach do shatailítí nua.
6 - Má tá satailít amháin nó níos mó aimsithe ag an teilifís, roghnaigh **Suiteáil**. Suiteálann an teilifís cainéil na satailítí a aimsíodh.
7 - Roghnaigh **Críochnaigh** agus brúigh **OK** chun na cainéil agus na stáisiúin raidió a stóráil.

## Satailít a Bhaint as

Is féidir leat satailít amháin nó níos mó a bhaint as ó do shuiteáil satailíte reatha. Baineann tú an tsatailít agus a cainéil as. Tá roinnt oibritheoirí satailíte ann nach gceadaíonn satailít a bhaint as.

Chun satailítí a bhaint as…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Satailíte**.
3 - Roghnaigh **Déan Cuardach do Shatailít**.
4 - Roghnaigh **Bain Satailít As**. Taispeánfar na satailítí reatha.
5 - Roghnaigh satailít agus brúigh **OK** chun iad a mharcáil le haghaidh a mbainte as.
6 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Suiteáil de Láimh

Is do shainúsáideoirí atá Suiteáil de Láimh dírithe.

Is féidir leat Suiteáil de Láimh a úsáid chun cainéil nua a chur leis an liosta go tapaidh ó thrasfhreagróir satailíte. Ní mór minicíocht agus polarú an trasfhreagróra a bheith ar eolas agat. Suiteálfaidh an teilifís gach cainéal ón trasfhreagróir sin. Má suiteáladh an trasfhreagróir cheana, bogfar gach ceann dá chainéil - na cinn a bhí ann cheana agus na cinn nua - go dtí deireadh an liosta cainéal Gach Cainéal.
Ní féidir leat Suiteáil de láimh a úsáid má theastaíonn uait líon na satailítí a athrú. Má tá gá leis seo, ní mór duit suiteáil iomlán a dhéanamh le Suiteáil Satailítí.

Chun trasfhreagróir a shuiteáil…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Satailíte**.
3 - Roghnaigh **Suiteáil de Láimh** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Má tá níos mó ná 1 satailít suiteáilte agat, roghnaigh an **LNB** a bhfuil uait cainéil a chur leis.
5 - Socraigh an **Polarú** atá ag teastáil uait. Má shocraíonn tú an **Mód Ráta Siombaile** do **De Láimh**, is féidir leat an **Ráta siombaile** a chur isteach de láimh.
6 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an mhinicíocht a athrú, agus roghnaigh **Déanta**.
7 - Roghnaigh **Cuardaigh** agus brúigh **OK**. Taispeánfar neart an chomhartha ar an scáileán.
8 - Má tá uait cainéil trasfhreagróra nua a stóráil, roghnaigh **Stóráil** agus brúigh **OK**.
9 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Trasfhreagróir Frithinge agus LNB

Is féidir leat na sainsocruithe don trasfhreagróir frithinge agus do gach LNB a athrú i roinnt tíortha. Ná húsáid ná athraigh na socruithe sin nuair atá teiptha ar ghnáthshuiteáil. Má tá trealamh satailíte nach bhfuil caighdeánach agat, is féidir leat na socruithe sin a úsáid chun na gnáthshocruithe a shárú. D'fhéadfadh roinnt soláthróirí luachanna don trasfhreagróir nó don LNB a thabhairt duit ar féidir leat iad a chur isteach anseo.

### Cumhacht LNB

Is é Air an réamhshocrú do Chumhacht LNB.

### Ton 22 kHz

Is é Uathoibríoch an réamhshocrú do Thon.

### Minicíocht Íseal LO/ Minicíocht Ard LO

Socraítear minicíochtaí an ascaltóra áitiúil do luachanna caighdeánacha. Ná hathraigh na luachanna ach amháin i gcás trealaimh eisceachtúil a bhfuil luachanna éagsúla ag teastáil uaidh.

## Fabhtcheartú

### Ní féidir leis an teilifís na satailítí atá uaim a aimsiú nó suiteálann an teilifís an tsatailít chéanna faoi dhó

• Cinntigh go bhfuil an líon ceart satailítí socraithe i Socruithe ag tús na suiteála. Is féidir leat an teilifís a shocrú chun cuardach a dhéanamh do shatailít amháin, dhá shatailít nó 3/4 shatailít.

### Ní féidir le LNB déchnoga an dara satailít a aimsiú

• Má aimsíonn an teilifís satailít amháin ach mura féidir leis an dara ceann a aimsiú, cas an mhias cúpla céim. Ailínigh an mhias chun an comhartha is treise a fháil don chéad satailít. Seiceáil táscaire treise comhartha an chéad satailít ar an scáileán. Nuair atá an chéad satailít socraithe ag an gcomhartha is treise, roghnaigh Déan cuardach arís chun an dara satailít a aimsiú.
• Cinntigh go bhfuil na socruithe athraithe go Dhá shatailít.

### Níor réitíodh m'fhadhb nuair a athraíodh na socruithe suiteála

• Ní stóráltar aon socrú, satailít nó cainéal go dtí deireadh na suiteála nuair a chríochnaíonn tú.

### Tá gach cainéal satailíte imithe.

• Má tá córas Unicable in úsáid agat, cinntigh gur shann tú dhá uimhir banda uathúla sna socruithe Unicable don dá thiúnóir ionsuite. D'fhéadfadh glacadóir satailít eile i do chóras Unicable a bheith ag úsáid an uimhir banda úsáideora chéanna.

Tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt cainéal satailíte imithe ó liosta na gcainéal.

• Má tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt cainéal imithe nó san áit mhícheart, d'fhéadfadh suíomh trasfhreagróra na gcainéal sin a bheith athraithe ag an gcraoltóir. Is féidir leat triail a bhaint as nuashonrú ar an bpacáiste cainéal chun suíomhanna na gcainéal a chur ar ais.

Ní féidir liom satailít a bhaint as

• Ní ligeann pacáistí suibscríbhinne duit satailít a bhaint as. Chun an tsatailít a bhaint as, ní mór duit suiteáil iomlán a dhéanamh arís agus pacáiste eile a roghnú.

Bíonn an ghlacacht lag ó am go chéile

• Cinntigh go bhfuil an mhias satailíte gléasta go daingean agat. Tá gaotha láidre in ann an mhias a bhogadh.
• Tá sneachta agus báisteach in ann an glacadh a dhíghrádú.

5.2
# Suiteáil Aeróige/Cábla

## Nuashonraigh nó athshuiteáil

### Cainéil dhigiteacha a nuashonrú

Is féidir leat nuashonrú cainéal a thosú tú féin i gcónaí.

Chun nuashonrú cainéal a thosú de láimh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Aeróige/Cábla**.
3 - Cuir isteach do chód PIN más gá.
4 - Roghnaigh **Déan Cuardach do Chainéil**.
5 - Roghnaigh **Tosaigh**.
6 - Roghnaigh **Nuashonraigh cainéil dhigiteacha**.
7 - Brúigh **OK** na cainéil dhigiteacha a nuashonrú. D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil.
8 - Brúigh ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

### Athshuiteáil thapaidh

Roghnaigh Athshuiteáil thapaidh chun gach cainéal a athshuiteáil arís leis na réamhshocruithe.

Chun Athshuiteáil thapaidh a thosú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Aeróige/Cábla**.
3 - Cuir isteach do chód PIN más gá.
4 - Roghnaigh **Déan Cuardach do Chainéil**.
5 - Roghnaigh **Tosaigh**.
6 - Roghnaigh **Athshuiteáil thapaidh**.
7 - Brúigh **OK** na cainéil dhigiteacha a nuashonrú. D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil.
8 - Brúigh ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

### Athshuiteáil chasta

Is féidir leat gach cainéal a athshuiteáil agus gach socrú teilifíse eile a fhágáil mar atá.

Má tá cód PIN socraithe, beidh ort an cód seo a chur isteach sular féidir leat cainéil a athshuiteáil.

Chun cainéil a athshuiteáil…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Aeróige/Cábla**.
3 - Cuir isteach do chód PIN más gá.
4 - Roghnaigh **Déan Cuardach do Chainéil**.
5 - Roghnaigh **Tosaigh** agus brúigh **OK**.
6 - Roghnaigh **Ard-athshuiteáil** agus brúigh **OK**.
7 - Roghnaigh an tír ina bhfuil tú anois agus brúigh **OK**.
8 - Roghnaigh an cineál suiteála atá uait, **Aeróg (DVB-T)** nó **Cábla (DVB-C)** agus brúigh **OK**.
9 - Roghnaigh na cineáil cainéal atá uait, **Cainéil Dhigiteacha agus Analógacha** nó **Cainéil Dhigiteacha Amháin** agus brúigh **OK**.
10 - Brúigh **OK** na cainéil dhigiteacha a nuashonrú. D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil.
11 - Brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

### Uasdátú Cainéil Uathoibríoch

Má fhaigheann tú cainéil dhigiteacha, is féidir leat an teilifís a shocrú chun na cainéil seo a nuashonrú go huathoibríoch.

Déanann an teilifís nuashonrú ar na cainéil agus stórálann sé cainéil nua uair amháin in aghaidh an lae, ag 6 AM. Stóráltar cainéil nua sa Liosta Cainéal agus marcáltar iad le ✱. Baintear cainéil atá gan chomhartha as. Ní mór don teilifís a bheith ar Fuireachas chun cainéil a nuashonrú go huathoibríoch. Is féidir leat Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch a chasadh as.

Chun an nuashonrú uathoibríoch a chasadh as…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Aeróige/Cábla**.
3 - Cuir isteach do chód PIN más gá.
4 - Roghnaigh **Nuashonrú Uathoibríoch Cainéal**.
5 - Roghnaigh **As**.
6 - Brúigh < (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Nuair a aimsítear cainéil nua nó má dhéantar nuashonrú ar chainéil nó má bhaintear as iad, taispeántar teachtaireacht ar an teilifís nuair a chastar

air í. Is féidir leat an teachtaireacht sin a chasadh as ionas nach dtaispeánfar í i ndiaidh gach nuashonrú cainéal.

Chun an teachtaireacht a chasadh as…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Aeróige/Cábla**.
3 - Cuir isteach do chód PIN más gá.
4 - Roghnaigh **Teachtaireacht Nuashonrú Cainéal**
5 - Roghnaigh **As**.
6 - Brúigh < (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Déantar an Nuashonrú cainéal uathoibríoch i roinnt tíortha nuair atáthar ag féachaint ar an teilifís nó uair ar bith nuair atá an teilifís ar Fuireachas.

## DVB-T nó DVB-C

### Socruithe DVB

#### Mód Minicíochta Líonra

Má tá sé ar intinn agat an modh tapaidh **Mearscanadh** a úsáid chun cainéil a chuardach sa **Scanadh Minicíochta**, roghnaigh **Uathoibríoch**. Bainfidh an teilifís úsáid as 1 de na minicíochtaí líonra réamhshainithe (nó HC - cainéal frithinge) atá in úsáid ag an gcuid is mó de na hoibritheoirí cábla i do thír.

Má fuair tú luach sonrach minicíocht líonra chun cainéil a chuardach, roghnaigh **De Láimh**.

#### Minicíocht Líonra

Nuair atá an socrú **De Láimh** i bhfeidhm don **Mhód Minicíochta Líonra**, is féidir leat an luach minicíochta líonra a fuair tú ó d'oibritheoirí cábla a chur isteach anseo. Úsáid na heochracha uimhreach chun an luach a chur isteach.

#### Scanadh Minicíochta

Roghnaigh an modh chun cuardach a dhéanamh do chainéil. Is féidir leat an modh níos tapúla **Mearscanadh** a roghnú agus na socruithe réamhshainithe atá á n-úsáid ag an gcuid is mó de na hoibritheoirí cábla i do thír a úsáid.

Má fhágann sé sin nach mbeidh aon chainéal suiteáilte nó má tá roinnt cainéal ar iarraidh, is féidir leat an modh **Scanadh Iomlán** a úsáid. Bíonn níos mó ama ag teastáil ón modh sin chun cainéil a chuardach agus a shuiteáil.

#### Méid Céime Minicíochta

Déanann an teilifís cuardach do chainéil in eatraimh de **8MHz**.

Má fhágann sé sin nach mbeidh aon chainéal suiteáilte nó má tá roinnt cainéal ar iarraidh, is féidir leat cuardach a dhéanamh in eatraimh níos lú de **1MHz**. Má bhaintear úsáid as na heatraimh 1MHz, beidh níos mó ama ag teastáil chun cainéil a chuardach agus a shuiteáil.

#### Cainéil Dhigiteacha

Má tá a fhios agat nach bhfuil d'oibritheoir cábla ag tairiscint cainéal digiteach, ní fiú duit cuardach a dhéanamh do chainéil dhigiteacha.

#### Cainéil Analógacha

Má tá a fhios agat nach bhfuil d'oibritheoir cábla ag tairiscint cainéal analógach, ní fiú duit cuardach a dhéanamh do chainéil analógacha.

#### Saor / Scrofa

Má tá suibscríbhinn agus CAM - Modúl Rochtana Coinníollaí agat le haghaidh seirbhísí teilifíse nach mór íoc astu, roghnaigh **Saor + Scrofa**. Mura bhfuil suibscríbhinn agat chun cainéil nó seirbhísí teilifíse nach mór íoc astu a fháil, is féidir leat **Cainéil in Aisce Amháin** a roghnú.

#### Caighdeán Glacachta

Is féidir leat caighdéan agus neart comhartha chainéil dhigitigh a sheiceáil. Má tá d'aeróg féin agat, is féidir leat triail a bhaint as suíomh na haeróige a athrú chun an ghlacacht a fheabhsú.

Chun caighdeán glacachta chainéil dhigitigh a sheiceáil…

1 - Tiúnáil don chainéal.
2 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Aeróige/Cábla**. Cuir isteach do chód PIN más gá.
4 - Roghnaigh **Digiteach: Tástáil Ghlacachta**.
5 - Roghnaigh **Déan Cuardach do Chainéal**. Taispeánfar an mhinicíocht dhigiteach don chainéal seo.
6 - Roghnaigh **Cuardaigh** arís agus brúigh **OK** chun caighdeán comhartha na minicíochta a sheiceáil. Taispeánfar toradh na tástála ar an scáileán. Is féidir leat suíomh na haeróige a athrú nó na naisc a sheiceáil chun an ghlacacht a fheabhsú.

7 - Is féidir leat freisin an mhinicíocht a athrú tú féin. Roghnaigh an uimhir minicíochta ceann i ndiaidh a chéeile agus úsáid na heochracha ∧ (suas) nó ∨ (síos) chun an luach a athrú. Roghnaigh **Cuardaigh** agus brúigh **OK** chun an ghlacacht a thástáil arís.
8 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Suiteáil de Láimh

Is féidir cainéil teilifíse analógacha a shuiteáil de láimh, cainéal i ndiaidh cainéil.

Chun cainéil analógacha a shuiteáil de láimh...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** > **Suiteáil Aeróige/Cábla**. Cuir isteach do chód PIN más gá.
3 - Roghnaigh **Analógach: Suiteáil de Láimh**

• Córas
Chun córas na teilifíse a shuiteáil, roghnaigh **Córas**. Roghnaigh do thír nó an chuid sin den domhan a bhfuil tú anois ann agus brúigh **OK**.

• Cuardaigh Cainéal
Chun cainéal a aimsiú, roghnaigh **Cuardaigh Cainéal**. Is féidir leat minicíocht a chur isteach tú féin chun cainéal a aimsiú nó ligint don teilifís cuardach a dhéanamh don chainéal. Brúigh > (deas) chun **Cuardaigh** a roghnú chun cuardach a dhéanamh do chainéal go huathoibríoch. Taispeánfar an cainéal a aimseofar ar an scáileán agus má tá an ghlacacht go dona, brúigh **Cuardaigh** arís. Má tá uait an cainéal a stóráil, roghnaigh **Déanta** agus brúigh **OK**.

• Stóráil
Is féidir leat an cainéal a stóráil ar an uimhir cainéil reatha nó uimhir cainéil nua.
Roghnaigh **Stóráil Cainéal Reatha** nó **Stóráil mar Chainéal Nua**. Taispeánfar an uimhir nua cainéal.

Is féidir leat na céimeanna seo a dhéanamh arís agus arís eile go dtí go bhfuil gach cainéal teilifíse analógach aimsithe agat.

5.3
# Cóipeáil Liosta Cainéal

## Liosta Cainéal a chóipeáil

Chun liosta cainéal a chóipeáil...

1 - Cas air an teilifís. Ba cheart go mbeadh cainéil suiteáilte ag an teilifís seo.
2 - Plugáil isteach méaróg chuimhne USB.
3 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
4 - Roghnaigh **Cainéil** > **Cóipeáil Liosta Cainéal**.
5 - Roghnaigh **Cóipeáil chuig USB**. D'fhéadfaí iarraidh ort an cód PIN Glais Leanaí a chur isteach chun an liosta cainéal a chóipeáil.
6 - Nuair atá an chóipeáil déanta, bain amach pluga an mhéaróg chuimhne USB.
7 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Is féidir leat an liosta cainéal atá cóipeáilte a uaslódáil anois go dtí teilifís Philips eile.

## Leagan Liosta Cainéal

Seiceáil leagan reatha an liosta cainéal...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Cainéil** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Cóipeáil Liosta Cainéal** agus roghnaigh **Leagan Reatha**, ansin brúigh **OK**.
4 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Liosta Cainéal a Uaslódáil

### Teilifíseanna nach bhfuil suiteáilte

Ag brath ar do theilifís a bheith suiteáilte cheana féin nó gan a bheith suiteáilte, ní mór duit bealach éagsúil a úsáid chun liosta cainéal a uaslódáil.

Go dtí teilifís nach bhfuil suiteáilte fós
1 - Plugáil isteach an pluga cumhachta chun an tsuiteáil a thosú agus roghnaigh teanga agus tír. Is féidir leat dul thar an gcuardach cainéal. Críochnaigh an tsuiteáil.
2 - Plugáil isteach an mhéaróg chuimhne USB a bhfuil liosta cainéal na teilifíse eile air.
3 - Chun an uaslódáil liosta cainéal a thosú, brúigh ⚙, roghnaigh **Gach Socrú** agus brúigh **OK**.
4 - Roghnaigh **Cainéil** > **Cóipeáil Liosta Cainéal** > **Cóipeáil go dtí an teilifís**. Cuir isteach do chód PIN más gá.
5 - Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú má chóipeáiltear an liosta cainéal go dtí an teilifís go rathúil. Bain amach an mhéaróg chuimhne USB.

### Teilifíseanna Suiteáilte

Ag brath ar do theilifís a bheith suiteáilte cheana féin nó gan a bheith suiteáilte, ní mór duit bealach éagsúil a úsáid chun liosta cainéal a uaslódáil.

Go dtí teilifís atá suiteáilte cheana féin
1 - Fíoraigh socrú tíre na teilifíse. (Chun an socrú seo a fhíorú, féach ar an gcaibidil Athshuiteáil Gach Cainéal. Tosaigh an nós imeachta seo go dtí go

mbainfidh tú an socrú tíre amach.
Brúigh ← BACK chun an tsuiteáil a chealú.)
Má tá an tír ceart, lean ar aghaidh le céim 2.
Mura bhfuil an tír ceart, ní mór duit athshuiteáil nua a dhéanamh. Féach ar an gcaibidil Athshuiteáil Gach Cainéal agus tosaigh an tsuiteáil. Roghnaigh an tír cheart agus gabh thar an gcuardach cainéil. Críochnaigh an tsuiteáil. Nuair atá sé sin déanta agat, lean ar aghaidh le céim 2.
2 - Plugáil isteach an mhéaróg chuimhne USB a bhfuil liosta cainéal na teilifíse eile air.
3 - Chun an uaslódáil liosta cainéal a thosú, brúigh ⚙, roghnaigh Gach Socrú agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Cainéil > Cóipeáil Liosta Cainéal > Cóipeáil go dtí an teilifís. Cuir isteach do chód PIN más gá.
5 - Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú má chóipeáiltear an liosta cainéal go dtí an teilifís go rathúil. Bain amach an mhéaróg chuimhne USB.

5.4
# Maidir le Cainéil

## Liostaí Cainéal

### Maidir le Liostaí Cainéal

Taispeánfar gach cainéal sa liosta cainéal i ndiaidh suiteáil cainéal. Taispeántar cainéil lena n-ainm agus a lógó má tá an fhaisnéis sin ar fáil.

Tá liosta cainéal le gach cainéal suiteáilte i gcás gach cineál tiúnóra - Aeróg/Cábla (DVB-T/C) nó Satalít (DVB-S). Ní féidir leat ach an liosta sin a scagadh chun díreach cainéil teilifíse nó raidió a thaispeáint. Nó is féidir leat na cainéil a scagadh de réir satailíte nuair atá roinnt satailítí suiteáilte agat.

Agus liosta cainéal roghnaithe, brúigh na saigheada ∧ (suas) nó ∨ (síos) chun cainéal a roghnú, ansin brúigh OK chun féachaint ar an gcainéal atá roghnaithe. Ní thiúnálann tú ach go dtí na cainéil atá sa liosta sin nuair atá na heochracha ≡ + nó ≡ – á n-úsáid agat.

### Deilbhíní cainéal

I ndiaidh do Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch a bheith déanta ar an liosta cainéal, marcáltar cainéil a aimsíodh den chéad uair le ✸ (réiltín).
Má ghlasálann tú an cainéal, marcálfar le 🔒 é (glas).
Marcáltar na 3 cainéal is mó a bhfuil tóir orthu faoi láthair le 1, 2 nó 3.

### Stáisiúin Raidió

Má tá craolachán digiteach ar fáil, suiteáltar stáisiúin raidió dhigiteacha le linn suiteála. Athraigh go cainéal raidió díreach ar an gcaoi chéanna is a athraíonn tú go cainéal teilifíse. Is iondúil go lonaíonn suiteáil cainéal Cábla (DVB-C) stáisiúin raidió ó uimhir cainéil 1001 ar aghaidh.

Is féidir leis an teilifís seo teilifís dhigiteach ar chaighdeán DVB a fháil. D'fhéadfadh an teilifís gan oibriú i gceart le roinnt oibritheoirí teilifíse digití, neamhchomhlíonadh le riachtanais an chaighdeáin ina n-iomláine.

### Liosta Cainéal a oscailt

in aice leis an liosta le gach cainéal do gach tiúnóir, Aeróg/Cábla nó tiúnóir Satalíte, is féidir leat liosta scagtha a roghnú nó ceann de na liostaí ceanán a chruthaigh tú a roghnú.

Chun an liosta cainéal reatha a oscailt…

1 - Brúigh TV, chun athrú go dtí an teilifís.
2 - Brúigh ≡ LIST* nó OK chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
3 - Brúigh ← BACK chun an liosta cainéal a dhúnadh.

Chun ceann amháin de na liostaí cainéal a roghnú…

1 - Le liosta cainéal oscailte ar an scáileán.
2 - Roghnaigh ainm an liosta ag barr an liosta cainéal agus brúigh OK chun roghchlár na liostaí a oscailt.
3 - Roghnaigh ceann amháin de na liostaí cainéal atá ar fáil i roghchlár na liostaí agus brúigh OK.

Leid

Is féidir leat athrú go héascú idir an dá thiúnóir sa roghchlár Foinsí.
Brúigh ⮹ SOURCES agus roghnaigh Féach ar theilifís chun athrú go dtí an tiúnóir Aeróige/Cábla. Roghnaigh Féach ar Shatailít chun athrú go dtí an tiúnóir satailíte.
Osclóidh an teilifís i gcónaí an liosta cainéal is déanaí a roghnaíodh don tiúnóir roghnaithe.

* Má tá an eochair ≡ LIST ar fáil ar do chianrialtán

### Déan cuardach do Chainéal

Is féidir leat cuardach a dhéanamh do chainéal chun é a aimsiú i liosta fada cainéal.

Is féidir leis an teilifís cuardach a dhéanamh do chainéal laistigh de cheann amháin de na 3 phríomhliostaí cainéal - an liosta cainéal Aeróige, Cábla nó Satailíte.

Chun cuardach a dhéanamh do chainéal…

1 - Brúigh TV.
2 - Brúigh OK chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
3 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Déan cuardach do Chainéal agus brúigh OK chun réimse téacs a oscailt. Is féidir leat

méarchlár an chianrialtáin (más ann dó) a úsáid nó an méarchlár ar an scáileán a úsáid chun téacs a chur isteach.
5 - Cuir isteach uimhir, ainm nó cuid d'ainm agus roghnaigh Cuir i bhfeidhm agus brúigh OK.
Déanfaidh an teilifís cuardach d'ainmneacha cainéal a mheaitseálann an liosta atá roghnaithe agat.

Liostálfar torthaí cuardaigh mar liosta cainéal - féach ar ainm an liosta ag an mbarr. Imeoidh na torthaí cuardaigh as amharc comhuain is a roghnaíonn tú liosta cainéal eile nó nuair a dúnann tú an liosta leis na torthaí cuardaigh.

## Ag féachaint ar Chainéil

### Tiúnáil go dtí Cainéal

Chun tosú ag féachaint ar chainéil teilifíse, brúigh TV. Tiúinfidh an teilfís go dtí an cainéal teilifíse ar fhéach tú go deireanach air.

### Cainéil a Athrú

Chun cainéil a athrú, brúigh ≡ + or ≡ −.
. Má tá uimhir an chainéil ar eolas agat, clóscríobh an uimhir leis na heochracha uimhreach. Brúigh OK tar éis an uimhir a chur isteach chun athrú láithreach.

Má tá an t-eolas ar fáil ón Idirlíon, taispeánann an teilifís ainm agus sonraí an chláir reatha agus ansin ainm agus sonraí an chéad chlár eile.

### Cainéil roimhe sin

Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a bhí tiúináilte cheana féin, brúigh ← BACK.

Is féidir leat tiúnáil go cainéil ó Liosta Cainéal freisin .

### Cainéal a Ghlasáil

### Chun Cainéal a Ghlasáil agus a Dhíghlasáil

Chun leanaí a chosc ó fhéachaint ar chainéal, is féidir leat cainéal a ghlasáil. Chun féachaint ar chainéal atá glasáilte, ní mór duit an Cód Glais Leanaí a chur isteach ar dtús. Ní féidir leat cláir a ghlasáil ó ghléasanna nasctha.

Chun cainéal a ghlasáil…

1 - Brúigh TV.
2 - Brúigh OK chun an liosta cainéal a oscailt. Athraigh an liosta cainéal más gá.
3 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Glasáil/Díghlasáil agus brúigh OK.
5 - Cuir isteach do chód PIN le 4 digit má iarrann an teilifís é.
6 - Roghnaigh an cainéal a bhfuil uait é a ghlasáil agus brúighOK. Marcáltar cainéal glasáilte le glas 🔒 (glas).
7 - Brúigh < (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun cainéal a dhíghlasáil…

1 - Brúigh TV.
2 - Brúigh OK chun an liosta cainéal a oscailt. Athraigh an liosta cainéal más gá.
3 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Glasáil/Díghlasáil agus brúigh OK.
5 - Cuir isteach do chód PIN le 4 digit má iarrann an teilifís é.
6 - Brúigh < (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Má ghlasálann tú nó má dhíghlasálann tú cainéil i liosta cainéal, níl ort ach an cód PIN a chur isteach díreach uair amháin go dtí go ndúnfaidh tú an liosta cainéal.

### Rátáil Tuismitheora

Is féidir leat rátáil aoise a shocrú chun leanaí a stopadh ó bheith ag féachaint ar chlár nach bhfuil feiliúnach dá n-aois.

Is féidir le cláir ar chainéil dhigiteacha a bheith rátáilte de réir aoise. Nuair atá rátáil aoise cláir cothrom le nó níos airde ná an aois atá socraithe agat mar rátáil aoise do do leanbh, beidh an clár glasáilte. Ní mór duit an cód Rátáil Tuismitheora a chur isteach ar dtús chun féachaint ar chlár atá glasáilte.

Chun rátáil aoise a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Glas Leanaí > Rátáil Tuismitheora.
3 - Cuir isteach Cód glais leanaí a bhfuil 4 digit ann. Mura bhfuil cód socraithe agat fós, roghnaigh Socraigh Cód in Glas Leanaí. Cuir isteach Cód glais leanaí a bhfuil 4 digit ann agus dearbhaigh. Anois is féidir leat rátáil aoise a shocrú.
4 - Téigh ar ais go Rátáil Tuismitheora, agus roghnaigh an aois.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun rátáil aoise tuismitheora a chasadh as, roghnaigh Gan aon cheann. Mar sin féin, ní mór duit rátáil aoise a shocrú i roinnt tíortha.

Ní ghlasálann an teilifís ach cláir a bhfuil rátáil níos airde acu i gcás roinnt craoltóirí/oibritheoirí. Socraítear an rátáil aoise tuismitheora do gach cainéal.

## Roghanna Cainéal

### Roghanna Oscailte

Agus tú ag féachaint ar chainéal, is féidir leat roinnt roghanna a shocrú.

Ag brath ar an gcineál cainéil a bhfuil tú ag féachaint air nó ag brath ar na socruithe teilifíse atá déanta agat, tá roinnt roghanna ar fáil.

Chun roghchlár na roghanna a oscailt…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal, brúigh + OPTIONS > Sár-roghanna.
2 - Brúigh + OPTIONS arís chun é a dhúnadh.

## Athaimnigh Cainéal

Agus tú ag féachaint ar chainéal, is féidir leat an cainéal sin a athainmniú.

Chun cainéal a athainmniú…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal, brúigh + OPTIONS .
2 - Roghnaigh Sár-roghanna > Athainmnigh Cainéal.
3 - Úsáid an méarchlár ar chúl an chianrialtáin chun an t-ainm reatha a scriosadh agus chun ainm nua a chur isteach.

## Comhéadan Coiteann

Má tá CAM suiteáilte agat i gceann amháin de na sliotáin Comhéadain Choitinn, is féidir leat féachaint ar fhaisnéis faoin CAM agus faoin oibritheoir nó roinnt socruithe a bhaineann le CAM a athrú.

Chun féachaint ar fhaisnéis faoin CAM …

1 - Brúigh SOURCES .
2 - Roghnaigh an cineál cainéil a bhfuil tú ag úsáid an CAM leis, Féach ar Theilifís nó Féach ar Shatailít.
3 - Brúigh + OPTIONS agus roghnaigh Sár-roghanna > Comhéadan Coiteann.
4 - Roghnaigh an sliotán Chomhéadan Coiteann cuí agus brúigh > (deas).
5 - Roghnaigh oibritheoir teilifíse an CAM agus brúigh OK. Is ón oibritheoir teilifíse a thagann na scáileáin seo a leanas.

## Hbb TV ar an gcainéal seo

Má tá uait rochtain ar leathanaigh HbbTV a sheachaint ar chainéal ar leith, is féidir leat na leathanaigh HbbTV a bhlocáil don chainéal sin amháin.

1 - Tiúin go dtí an cainéal a bhfuil uait na leathanaigh HbbTV a bhlocáil.
2 - Brúigh + OPTIONS, roghnaigh Sár-roghanna > HbbTV ar an gCainéal seo agus brúigh > (deas).
3 - Roghnaigh As agus brúigh OK.
4 - Brúigh < (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun HbbTV a bhlocáil go hiomlán ar an teilifís…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Socruithe Ginearálta > Ardsocruithe > HbbTV.
3 - Roghnaigh As agus brúigh OK.
4 - Brúigh < (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

## Eolas Cainéil

Is féidir leat féachaint ar thréithe teicniúla cainéil faoi leith, amhail digiteach nó cineál fuaime, etc.

Chun féachaint ar fhaisnéis theicniúil faoi chainéal…

1 - Tiúnáil don chainéal.
2 - Brúigh + OPTIONS, roghnaigh Sár-roghanna agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh Eolas Cainéil agus brúigh OK.
4 - Brúigh OK chun an scáileán seo a dhúnadh.

## Faisnéis Cláir

### Féach ar shonraí cláir

Chun sonraí an chláir atá roghnaithe a thaispeáint…

1 - Tiúnáil don chainéal.
2 - Brúigh + OPTIONS, roghnaigh Sár-roghanna agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh Eolas Cláir agus brúigh OK, is féidir leat eolas faoin gclár a fheiceáil.
4 - Brúigh ← BACK chun dúnadh.

## Monofónach / Steiréafónach

Is féidir leat fuaim cainéil analógaigh a athrú go Monofónach nó Steiréafónach.

Chun athrú go Monofónach nó Steiréafónach…

1 - Tiúnáil go dtí cainéal analógaigh.
2 - Brúigh + OPTIONS, agus roghnaigh Sár-roghanna > Monofónach /Steiréafónach agus brúigh > (deas).
3
- Roghnaigh Monofónach nó Steiréafónach agus brúigh OK.
4 - Brúigh < (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

### Roghnú Físeáin

Tá cainéil teilifíse dhigiteacha in ann comharthaí ilfhíse (craoltaí ilfhotha) a thairiscint, uillinneacha ceamara éagsúla a thabhairt den eachtra chéanna nó cláir éagsúla a thaispeáint ar aon chainéal teilifíse amháin. Taipseánann an teilfís teachtaireacht má tá a leithéid de chainéil teilifíse ar fáil.

### Dual I-II

Má tá dhá theanga fuaime ag comhartha fuaime ach gan aon tásc teanga ag teanga amháin nó ag an dá theanga, beidh an rogha seo ar fáil.

### Mapáil Cainéal

Mura bhfuil aon eolas faoin gclár ann ag an tús, is féidir leat an cainéal a mhapáil chun tuilleadh eolais faoin gclár a fháil.

1 - Brúigh TV GUIDE, agus úsáid na heochracha nascleanúna chun ⋮ a roghnú sa lár agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Eolaire Teilifíse Ón Idirlíon agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh ceann de na cainéil san eolaire teilifíse, ansin brúigh OK chun féachaint ar an gcainéal atá roghnaithe.
4 - Agus tú ag féachaint ar chainéal, brúigh + OPTIONS .
5 - Roghnaigh Sár-roghanna > Mapáil Cainéal.
6 - Roghnaigh mír amháin sa liosta agus brúigh OK.
7 - Roghnaigh Mapáil Cainéal.
8 - Nuair a bheidh sé curtha i gcrích agat, feicfidh tú an t-eolas faoin gcainéal mapáilte sa chlár.

### Athraigh Lógó

Mura bhfuil aon eolas faoin gclár ann ag an tús, is féidir leat níos mó eolais faoin gclár a fháil trí na céimeanna seo a leanas a leanúint.

1 - Brúigh TV GUIDE, agus úsáid na heochracha nascleanúna chun ⋮ a roghnú sa lár agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Eolaire Teilifíse Ón Idirlíon agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh ceann de na cainéil san eolaire teilifíse, ansin brúigh OK chun féachaint ar an gcainéal atá roghnaithe.
4 - Agus tú ag féachaint ar chainéal, brúigh + OPTIONS .
5 - Roghnaigh Roghanna > Athraigh Lógó.
6 - Roghnaigh mír amháin sa liosta agus brúigh OK.
7 - Roghnaigh Athraigh Lógó.
8 - Nuair a bheidh sé curtha i gcrích agat, feicfidh tú an t-eolas faoin gcainéal mapáilte sa chlár.

## Cainéil Cheanáin

### Maidir le Cainéil Cheanáin

Is féidir leat na cainéil a thaitníonn leat a bhailiú le chéile i liosta cainéal ceanáin.

Is féidir leat 8 liosta cainéal ceanán a chruthú le haghaidh zaipeáil cainéal éasca. Is féidir leat gach Liosta Ceanán a ainmniú ina gceann agus ina gceann. Ní féidir leat ord nua a chur ar chainéil ach amháin i Liosta Ceanán.

Agus liosta cainéal roghnaithe, brúigh na saigheada ∧ (suas) nó ∨ (síos) chun cainéal a roghnú, ansin brúigh OK chun féachaint ar an gcainéal atá roghnaithe. Ní thiúnálann tú ach go dtí na cainéil atá sa liosta sin nuair atá na heochracha ≡ + nó ≡ − á n-úsáid agat.

### Cruthaigh Liosta Ceanán

Chun liosta cainéal ceanán a chruthú ó liosta cainéal...

1 - Brúigh TV, chun athrú go dtí an teilifís.
2 - Brúigh ≡ LIST (más ann dó) nó OK chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
3 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Cruthaigh Liosta Ceanán agus brúigh OK.
5 - Roghnaigh cainéal ón liosta ar chlé a bhfuil uait ceanán a dhéanamh as agus brúigh + OPTIONS. Taispeánfar cainéil sa liosta ar thaobh na láimhe deise san ord ina chuireann tú isteach iad. Roghnaigh an cainéal sa liosta ar chlé agus brúigh + OPTIONS arís chun é a chealú. Is féidir leat raon cainéal a roghnú freisin trí ∨ a bhrú (síos) chun cainéal deireanach an raoin a bhfuil uait é a chur leis an liosta a roghnú agus ansin brúigh OK.
6 - Brúigh ← BACK nuair atá tú réidh ag cur cainéil leis an liosta.
7 - Iarrfaidh an teilifís ort an Liosta Ceanána athainmniú. Is féidir leat an méarchlár ar an scáileán a úsáid nó ← BACK a bhrú chun an méarchlár ar an scáileán a chur i bhfolach, ansin úsáid an méarchlár ar chúl an chianrialtáin (más ann dó) chun an t-ainm nua a chur isteach.

Má tá an liosta cainéal fada, mar rogha air sin, is féidir leat aon chainéal a roghnú, ansin brúigh + OPTIONS chun an roghchlár Roghanna a oscailt, ansin roghnaigh Cruthaigh Liosta Ceanán agus brúigh OK.

#### Chun liosta cainéal ceanán nua a chruthú trí liosta cainéal ceanán reatha a chóipeáil...

1 - Brúigh TV, chun athrú go dtí an teilifís.
2 - Brúigh ≡ LIST (más ann dó) nó OK chun an liosta cainéal reatha a oscailt.

3 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Dúbláil Liosta Ceanán agus brúigh OK.
5 - Roghnaigh cainéal ón liosta ar chlé a bhfuil uait ceanán a dhéanamh as agus brúigh + OPTIONS. Taispeánfar cainéil sa liosta ar thaobh na láimhe deise san ord ina chuireann tú isteach iad. Roghnaigh an cainéal sa liosta ar chlé agus brúigh + OPTIONS arís chun é a chealú. Is féidir leat raon cainéal a roghnú freisin trí ⌄ a bhrú (síos) chun cainéal deireanach an raoin a bhfuil uait é a chur leis an liosta a roghnú agus ansin brúigh OK.
6 - Brúigh ← BACK nuair atá tú réidh ag cur cainéil leis an liosta.
7 - Iarrfaidh an teilifís ort an Liosta Ceanána athainmniú. Is féidir leat an méarchlár ar an scáileán a úsáid nó ← BACK a bhrú chun an méarchlár ar an scáileán a chur i bhfolach, ansin úsáid an méarchlár ar chúl an chianrialtáin (más ann dó) chun an t-ainm nua a chur isteach.

Is féidir leat réimse cainéal a chur leis an liosta in aon ghéabh amháin nó Liosta Ceanán nua a thosú tríd an liosta cainéal a chóipeáil le gach cainéal agus na cainéil nach bhfuil uait a scriosadh.

### Cuir Réimse Cainéal leis an Liosta

Is féidir leat Roghnaigh Réimse a úsáid chun raon leanúnach cainéal a chur le Liosta Ceanán.

Chun réimse cainéal a chur leis an liosta…

1 - Brúigh SOURCE .
2 - Roghnaigh Ceanáin.
3 - Oscail an Liosta Ceanán san áit a bhfuil tú ag iarraidh na cainéil a chur isteach.
4 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
5 - Roghnaigh Athraigh Liosta Ceanán agus brúigh OK.
6 - Roghnaigh céad chainéal an réimse sa liosta ar chlé a bhfuil uait é a chur leis an liosta agus brúigh OK.
7 - Brúigh ⌄ (síos) chun cainéal deireanach an raoin a bhfuil uait é a chur leis an liosta a roghnú agus ansin brúigh OK.
8 - Roghnaigh Lean ar aghaidh agus brúigh OK. Marcáltar na cainéil ar thaobh na láimhe clé.

### Liosta Ceanán a Athainmniú

Ní féidir leat ach Liosta Ceanán a athainmniú.

Chun Liosta Ceanán a athainmniú…

1 - Brúigh SOURCE .
2 - Roghnaigh Ceanáin.
3 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Athainmnigh Liosta Ceanán agus brúigh OK.
5 - Úsáid an méarchlár ar an scáileán nó brúigh ← BACK chun an méarchlár ar an scáileán a chur i bhfolach, ansin úsáid an méarchlár ar chúl an chianrialtáin (más ann dó) chun an t-ainm nua a chur isteach.
6 - Nuair atá sé sin déanta agat, iompaigh an cianrialtán, roghnaigh Dún agus brúigh OK.
7 - Brúigh ← BACK chun an liosta cainéal a dhúnadh.

### Bain Liosta Ceanán as

Ní féidir leat ach Liosta Ceanán a bhaint as.

Chun Liosta Ceanán a bhaint as…

1 - Brúigh SOURCE .
2 - Roghnaigh Ceanáin.
3 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Bain Liosta Ceanán As agus brúigh OK.

### Ord Cainéal a athrú

Ní féidir leat ord cainéal athrú (athordaigh) ach amháin i Liosta Ceanán.

Chun an seicheamh cainéal a athrú…

1 - Brúigh SOURCES, agus roghnaigh Ceanáin.
2 - Oscail an Liosta Ceanán a bhfuil uait ord nua a chur air.
3 - Roghnaigh ⋮ ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Athordaigh Cainéil agus brúighOK.
5 - Sa Liosta Ceanán, roghnaigh an cainéal a bhfuil uait é a chur in ord nua agus brúigh OK. (Marcálfar an cainéla bosca liath)
6 - Bog an cainéal go dtí an áit atá uait leis na méaracha ⌃ (suas) nó ⌄ (síos).
7 - Brúigh OK chun an suíomh nua a dhearbhú.
8 - Is féidir leat ord nua a chur ar chainéil ar an gcaoi chéanna go dtí go ndúnann tú an Liosta Ceanán leis an eochair ← BACK.

## Téacs / Teilithéacs

### Leathanaigh Téacs

Chun Téacs/Teilitéacs a oscailt, brúigh TEXT, agus tú ag féachaint ar chainéil teilifíse.
Chun Téacs a dhúnadh, brúigh TEXT arís.

### Roghnaigh leathanach téacs

Chun leathanach a roghnú… . .

1 - Cuir isteach uimhir an leathanaigh leis na heochracha uimhreacha.
2 - Úsáid na heochracha saighde chun nascleanúint.
3 - Brúigh eochair datha chun ábhar atá dathchódaithe a roghnú ag bun an scáileáin.

Foleathanaigh téacs

Tá roinnt foleathanach in ann a bheith ag leathanach téacs. Taispeántar uimhreacha na bhfoleathanach ar bharra in aice le huimhir an phríomhleathanaigh. Chun foleathanach a roghnú, brúigh ❮ nó ❯.

T.O.P. Leathanaigh téacs

Tairgeann roinnt craoltóirí Téacs T.O.P. Téacs. Chun T.O.P. a oscailt. Leathanaigh Téacs laistigh de Théacs, brúigh + OPTIONS agus roghnaigh T.O.P. Forbhreathnú .

Leathanaigh ceanán

Déanann an teilifís liosta den 10 leathanach Téacs deireanacha a d'oscail tú. Is féidir leat iad a athoscailt sa cholún Leathanaigh Téacs Ceanán.

1 - In Téacs, roghnaigh ❤ (croí) ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe clé chun colún na leathanach ceanán a thaispeáint.
2 - Brúigh ⌄ (síos) nó ⌃ (suas) chun uimhir leathanaigh a roghnú agus brúigh OK chun an leathanach a oscailt.
Is féidir leat an liosta a ghlanadh leis an rogha Glan Leathanaigh Cheanáin.

Téacs a chuardach

Is féidir leat focal a roghnú agus Téacs a scanadh le haghaidh gach ásc den fhocal sin.

1 - Oscail leathanach Téacs agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh focal nó uimhir leis na méaracha saighde.
3 - Brúigh OK arís chun dul díreach go dtí an chéad ásc eile den fhocal nó den uimhir sin.
4 - Brúigh OK arís chun dul go dtí an chéad ásc eile.
5 - Chun an cuardach a stopadh, brúigh ⌃ (suas) go dtí nach bhfuil aon rud roghnaithe.

Téacs ó ghléas nasctha

Tá roinnt gléasanna atá in ann glacadh le cainéil teilifíse in ann Téacs a thairsicint chomh maith. Chun Téacs a oscailt ó ghléas nasctha. . .

1 - Brúigh SOURCES roghnaigh an gléas agus brúigh OK.
2 - Agus tú ag féachaint ar chainéal ar an ngléas, brúigh + OPTIONS , roghnaigh Taispeáin eochracha an Ghléis agus roghnaigh an eochair agus brúighOK.
3 - Brúigh ← BACK chun na heochracha gléis a chur i bhfolach.
4 - Chun Téacs a dhúnadh, brúigh ← BACK arís.

Téacs (Ríocht Aontaithe amháin)

Tairgeann roinnt craoltóirí teilifíse digití Téacs Digiteach nó teilifís idirghníomhach ar a gcainéil dhigiteacha teilifíse. Áirítear leis seo gnáth-Théacs a úsáidtear leis na heochracha uimhreacha, dathanna agus nascleanúna chun roghanna a dhéanamh agus chun bogadh.

Chun Téacs Digiteach a dhúnadh, brúigh ← BACK.

* Ní féidir teilithéacs a fháil ach amháin nuair atá na cainéil suiteáilte go díreach ar thiúnóir inmheánach na teililfíse agus nuair atá Mód teilifíse air. Má tá bosca bairr á úsáid, ní bheidh fáil ar an teilithéacs tríd an teilifís. Sa chás sin, is féidir teilithéacs an bhosca bhairr a úsáid ina áit.

---

Roghanna Téacs

Brúigh + OPTIONS in Téacs/Teilitéacs chun na rudaí seo a leanas a roghnú…

• Reoigh leathanch
Chun rothlú uathoibríoch fo-leathanach a stopadh
• Déscáileán / Scáileán iomlán
Chun an cainéal teilifíse agus Téacs a thaispeáint in aice a chéile.
• Forbhreathnú ar T.O.P. overview
Chun T.O.P. a oscailt. Téacs.
• Méadaigh
Chun an leathanach Téacs a mhéadú le go mbeidh sé éasca é a léamh.
• Nochtaigh
Chun eolas atá i bhfolach ar an leathanach a thaispeáint.
• Timthriall Fo-leathanach
Chun fo-leathanaigh a thimthriall nuair atá fáil orthu .
• Leathanaigh Ceanáin a chur i bhFolach/a Thaispeáint
Chun liosta na leathanach ceanán a chur i bhfolach nó a thaispeáint.
• Glan Leathanaigh Cheanáin
Chun an liosta leathanach ceanán a ghlanadh.
• Teanga
Chun an grúpa carachtar a mbaineann Téacs úsáid astu chun taispeáint i gceart a athrú.
• Téacs 2.5
Chun Téacs 2.5 a ghníomhachtú le haghaidh tuilleadh dathanna agus grafaicí níos fearr.

---

Téacs a Shuiteáil

Teanga théacs

Tá roinnt teangacha Téacs ar fáil ag roinnt craoltóirí teilifíse digití.
Chun do theanga Téacs phríomhúil agus tánaisteach a shocrú. . .

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Réigiúin agus Teanga agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.

3 - Roghnaigh **Teanga** > **Príomhthéacs** nó **Téacs Tánaisteach**.
4 - Roghnaigh na teangacha Téacs is fearr leat.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Téacs 2.5

Má tá sé ar fáil, tairgeann Text 2.5 níos mó dathanna agus grafaicí níos fearr. Gníomhachtaítear Téacs 2.5 mar ghnáthshocrú monarchan.
Chun Téacs 2.5 a chasadh as...

1 - Brúigh **TEXT**.
2 - Nuair atá Téacs/Teilitéacs oscailte ar an scáileán, brúigh **+OPTIONS**.
3 - Roghnaigh **Téacs 2.5** > **As** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

5.5

# Liosta Cainéal a scagadh

Is féidir leat liosta leis na cainéil ar fad a scagadh. Is féidir leat an liosta cainéal a shocrú chun díreach na cainéil teilifíse nó na stáisiúin Raidió a thaispeáint. I gcás cainéal Aeróige/Cábla is féidir leat an liosta a shocrú chun na cainéil atá Saor nó na cainéil Scrofa a thaispeáint. Nuair atá roinnt satailítí suiteáilte agat, is féidir leat an liosta cainéal satailíte a scagadh in aghaidh na satailíte.

Chun scagaire a shocrú ar liosta a bhfuil gach cainéal air...

1 - Brúigh TV.
2 - Brúigh **OK** chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
3 - Agus liosta cainéal oscailte ar an scáileán, roghnaigh ainm an liosta ar bharr an liosta cainéal agus brúigh **OK** chun an roghchlár liosta a oscailt.
4 - Roghnaigh an liosta a bhfuil uait é a scagadh sa roghchlár liosta.
5 - Brúigh ‹ (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← chun an roghchlár a dhúnadh.

6

# Nasc Gléasanna

6.1

## Maidir le Naisc

### Treoir maidir le Nascacht

Nasc gléas leis an teilifís i gcónaí leis an nasc is airde caighdeáin atá ar fáil. Anuas air sin, úsáid cáblaí ar chaighdeán maith chun a chinntiú go mbeidh aistriú maith pictiúr agus fuaimeanna ann.

Nuair a nascann tú gléas, aithníonn an teilifís a chineál agus tugann sé ainm cineáil ceart do gach gléas. Is féidir leat an t-ainm cineáil a athrú más mian leat. Má shocraítear ainm cineáil ceart do ghléas, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí na socruithe teilifíse is fearr a fheileann di nuair a athraíonn tú go dtí an gléas seo sa roghchlár Foinsí.

Má tá cabhair ag teastáil uait chun roinnt gléasanna a nascadh leis an teilifís, is féidir leat cuairt a thabhairt ar threoir nascachta Philips TV. Tugann an treoir eolas maidir leis an gcaoi nascadh agus maidir leis na cáblaí atá le húsáid.

Téigh go dtí www.connectivityguide.philips.com

### Port Aeróige

Má tá Bosca bairr (glacadóir digiteach) nó Taifeadán agat, nasc cáblaí na haeróige chun comhartha na haeróige a rith tríd an mBosca bairr agus/nó an Taifeadán i dtosach sula n-iontrálfaidh sé an teilifís. Ar an gcaoi sin, is féidir leis an aeróg agus an Bosca bairr cainéil bhreise fhéideartha a sheoladh go dtí an Taifeadán le haghaidh a dtaifeadta.




6.2

## Poirt HDMI

### Cáilíócht HDMI

Bíonn an caighdeán pictiúir agus fuaime is fearr ann le nasc HDMI. Bíonn na comharthaí físe agus fuaime araon le chéile in aon chábla HDMI amháin. Úsáid cábla HDMI le haghaidh comhartha teilifíse.

Úsáid cábla HDMI Ardluais chun an t-aistriú comhartha is fearr a fháil agus ná húsáid cábla HDMI níos faide ná 5 m.

Mura bhfuil gléas atá nasctha le HDMI ag obair i gceart, bain triail as socrú **HDMI Ultra HD** éagsúil chun an fhadhb a réiteach. Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **HDMI Ultra HD**.




**Cosaint ar chóipeáil**

Tacaíonn cáblaí HDMI le HDCP 2.2 (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Leitheadbhanda). Is comhartha chosaint ar chóipeáil HDCP a chuireann cosc ar chóipeáil ábhar ó dhiosca DVD nó Diosca Blu-ray. Tagraítear dó fresin mar DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach).

### HDMI ARC

Tá **HDMI ARC** (Cainéal Fillte Fuaime) ag gach ceann de na naisc HDMI ar an teilifís.

Má tá an nasc HDMI ARC ag an ngléas freisin, ar gnách gur Córas Amharclainne Baile (HTS) é, nasc le haon cheann de na naisc HDMI ar an teilifís seo é. Ní chaithfidh an cábla fuaime breise a sheolann fuaim na teilifíse go dtí an HTS a bheith agat nuair atá nasc HDMI ARC ann. Tá an dá chomhartha sa nasc HDMI ARC.

Is féidir leat aon nasc HDMI ar an teilifís seo a úsáid chun an HTS a nascadh ach níl ARC ar fáil ach do 1 gléas/nasc ag aon uair amháin.

## HDMI MHL

Is féidir leat a bhfuil le feiceáil ar d'fhón cliste Android nó ar do thaibléad a sheoladh chuig scáileán teilifíse le **HDMI MHL**.

Tá **MHL 2.0** (Mobile High-Definition Link) istigh leis an nasc **HDMI 4** ar an teilifís seo.

Baineann an-chobhsaíocht agus leithead banda leis an nasc sreangaithe seo, mar aon le haga folaigh íseal, gan aon briseadh isteach gan sreang mar aon le hatáirgeadh fuaime ar chaighdeán maith. Anuas air sin, luchtóidh an nasc MHL ceallra d'fhón cliste nó do thaibléad. Bíodh is go bhfuil sé nasctha, ní bheidh do ghléas soghluaiste ag luchtú nuair atá an teilifís ar fuireachas.

Bí ar an eolas faoin gcábla MHL fulangach atá feiliúnach do do ghléas soghluaiste. Tabhair faoi deara go háirithe an cinéal nascóra atá de dhíth ort chun nascadh le d'fhón cliste nó do thaibléad leis an nascóir HDMI don theilifís ar thaobh amháin.

Is trádmharcanna de chuid an MHL, LLC iad MHL, Mobile High-Definition Link agus Lógó MHL.

## HDMI CEC - EasyLink

Bíonn an caighdeán pictiúir agus fuaime is fearr ann le nasc HDMI. Bíonn na comharthaí físe agus fuaime araon le chéile in aon chábla HDMI amháin. Úsáid an cábla HDMI le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Úsáid cábla HDMI Ardluais chun an t-aistriú comhartha is fearr a fháil agus ná húsáid cábla HDMI níos faide ná 5 m.




### EasyLink HDMI CEC

Má tá do ghléasanna nasctha le HDMI agus má tá EasyLink acu, is féidir leat iad a oibriú leis an gcianrialtán teilifíse. Ní mór EasyLink HDMI CEC a chasadh air ar an teilifís agus ar an ngléas nasctha.

Is féidir leat gléas nasctha a oibriú le cianrialtán na teilifíse le EasyLink. Úsáideann EasyLink HDMI CEC (Consumer Electronics Control) chun cumarsáid a dhéanamh leis na gléasanna nasctha. Ní mór do ghléasanna tacú le HDMI CEC agus a bheith nasctha le nasc HDMI.

### Suiteáil EasyLink

Tagann an teilifís le EasyLink casta air. Bí cinnte go bhfuil na socruithe HDMI CEC suiteáilte i gceart ar na gléasanna EasyLink atá nasctha. Tá an seans ann nach n-oibreoidh EasyLink le gléasanna ó bhrandaí eile.

### HDMI CEC ar bhrandaí eile

Tá ainmneacha éagsúla ag feidhmiúlacht HDMI CEC ar bhrandaí éagsúla. Seo roinnt samplaí: Anynet, Aquos Link, Bravia Theatre Sync, Kuro Link, Simplink agus Viera Link. Níl gach branda comhoiriúnach go hiomlán le EasyLink.

Is lena n-úinéirí faoi seach ainmneacha branda HDMI CEC .

## DVI go HDMI

Má tá gléas agat i gcónaí nach bhfuil air ach gléas DVI, is féidir leat an gléas a nascadh le haon ceann de na naisc **HDMI** le cuibheoir DVI go HDMI.

Nasc an cábla fuaime Clé/Deas leis an nascóir **AUDIO IN** (mion-seac 3.5mm).




## Cosaint ar Chóipeáil

Tacaíonn cáblaí DVI agus HDMI le HDCP (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Leitheadbhanda). Is comhartha chosaint ar chóipeáil HDCP a chuireann cosc ar chóipeáil ábhar ó dhiosca DVD nó Diosca Blu-ray. Tagraítear dó fresin mar DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach).

## 6.3
# Y Pb Pr - Comhpháirt

Is nasc ardchaighdeánY **Pb Pr**- Fís Chomhpháirte.

Is féidir an nasc YPbPr a úsáid le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Cuir isteach na comharthaí Fuaime Clé agus Deas in aice leis na comharthaí Y, Pb agus Pr.

Meaitseáil na dathanna nascóra YPbPr (uaine, gorm, dearg) le plugaí na gcábla nuair a nascann tú.
Úsáid cábla Fuaime Clé/Deas má tá fuaim ag do ghléas chomh maith.




## 6.4
# SCART

Is nasc ar chaighdeán maith é **SCART**.

Is féidir an nasc SCART a úsáid le haghaidh comharthaí físe CVBS agus RGB ach ní féidir é a úsáid le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Tá comharthaí físe agus fuaime sa nasc SCART. Tacaíonn an nasc SCART freisin le hathsheinm NTSC.




## 6.5
# Fuaim Amach - Optúil

Nasc fuaime ar ardchaighdeán é **Fuaim Amach - Optúil**.

Tá an nasc optúil seo in ann 5.1 cainéal fuaime a iompar. Mura bhfuil aon nasc HDMI ARC ar do ghléas, ar ghnách gur Córas Amharclainne Baile (HTS) é, is féidir leat an nasc seo a úsáid leis an nasc Fuaime Isteach - Optúil ar an HTS. Seolann an nasc Fuaime Amach - Optúil an fhuaim ón teilifís go dtí an HTS.




## 6.6
# CAM le Cárta Cliste - CI+

## Maidir le CI+

**Tabhair faoi deara**: Níl tacaíocht ar fáil do thíortha san Áise, san Aigéan Ciúin, sa Mheánoirthear ná san Afraic.

## CI+

Tá an teilifís seo réidh do **Rochtain Choinníollach CI+**.

Is féidir leat féachaint ar scothchláir HD, cosúil le scannáin agus cláir spóirt atá curtha ar fáil ag oibritheoirí teilifíse digití i do réigiún le CI+. Déanann an t-oibritheoir teilifíse scrobhadh ar na cláir seo agus díscrobhtar iad le modúl CI+ réamhíoctha.
Cuireann oibritheoirí teilifíse digití modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollach - CAM) ar fáil mar aon le cárta cliste a ghabhann leis, nuair a liostálann tú lena gclár phréimhe. Bíonn ardleibhéal cosanta ar chóipeáil ag an cláir seo.

Déan teagmháil le oibritheoir teilifíse digití le haghaidh tuilleadh eolais maidir le téarmaí agus coinníollacha.

## Cárta Cliste Amháin

Cuireann oibritheoirí teilifíse digití modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollaí - CAM) ar fáil, agus cárta cliste a ghabhann leis, nuair a dhéanann tú suibscríbhinn dá scothchláir.

Cuir an cárta cliste isteach sa mhodúl CAM. Féach ar an treoir a fuair tú ón oibritheoir.

Chun an CAM a chur isteach sa teilifís…

1 - Beidh an modh ceart chun an CAM a chur isteach le feiceáil ar an gCAM. Má chuireann tú isteach mícheart é, d'fhéadfá damáiste a dhéanamh don CAM agus don teilifís.
2 - Agus tú ag féachaint ar chúl na teilifíse, agus aghaidh an CAM i do threo, cuir an CAM isteach go réidh sa sliotán COMMON INTERFACE 1.
3 - Brúigh an CAM isteach chomh fada is a rachaidh sé. Fág sa sliotán go buan é.




Nuair chasann tú air an teilifís, d'fhéadfadh roinnt nóiméad a bheith i gceist sula ngníomhachtófar an CAM. Má chuirtear CAM isteach agus má íoctar na táillí suibscríbhinne (bíonn modhnna suibscríbhinne éagsúla ann), is féidir leat féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn an cárta cliste CAM leo.

Is do do theilifís amháin an CAM agus an cárta cliste. Má bhaineann tú an CAM amach, ní bheidh tú in ann féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn CAM leo.

## Dhá Chárta Cliste

Is féidir le roinnt oibritheoirí teilifíse digití an dara modúl CI+ (CAM) agus cárta cliste a chur ar fáil. Teastaíonn an dara CAM agus cárta cliste nuair atá uait féachaint ar chainéal amháin agus taifeadadh ar chainéal eile ón oibritheoir teilifíse céanna.

Más féidir leat féachaint ar an líon céanna cainéal leis an dá chárta, tá na cearta féachana céanna ag an dá chárta. Má tá tú in ann féachaint ar níos lú cainéal le ceann amháin de na cártaí, níl cearta féachana na gcártaí mar a chéile.

Má tá na cearta féachana céanna ag do chártaí, is cuma cé acu de na cártaí a chuireann tú sna sliotáin. Má tá cearta féachana níos mó ag ceann amháin de na cártaí, cuir an cárta a bhfuil níos mó cearta féachana aige sa sliotán COMMON INTERFACE 1. Cuir an cárta a bhfuil níos lú cearta féachana aige sa sliotán COMMON INTERFACE 2.

Cuir na cártaí cliste isteach sna modúil CAM. Féach ar an treoir a fuair tú ón oibritheoir.

Chun an CAM a chur isteach sa teilifís…

1 - Beidh an modh ceart chun an CAM a chur isteach le feiceáil ar an gCAM. Má chuireann tú isteach mícheart é, d'fhéadfá damáiste a dhéanamh don CAM agus don teilifís.
2 - Agus tú ag féachaint ar chúl na teilifíse, agus aghaidh an CAM i do threo, cuir an CAM isteach go réidh sa sliotán.
3 - Brúigh an CAM isteach chomh fada is a rachaidh sé. Fág sa sliotán go buan é.

Nuair chasann tú air an teilifís, d'fhéadfadh roinnt nóiméad a bheith i gceist sula ngníomhachtófar an CAM. Má chuirtear CAM isteach agus má íoctar na táillí suibscríbhinne (bíonn modhnna suibscríbhinne éagsúla ann), is féidir leat féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn an cárta cliste CAM leo.

Is do do theilifís amháin an CAM agus an cárta cliste. Má bhaineann tú an CAM amach, ní bheidh tú in ann féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn CAM leo.

## Pasfhocail agus cóid PIN

Ní mór duit cód PIN a chur isteach i gcás roinnt CAManna chun féachaint ar a chainéil. Nuair a shocraíonn tú an cód PIN don CAM, molaimid duit an cód céanna a úsáid is atá in úsáid agat chun an teilifís a dhíghlasáil.

Chun an cód PIN a shocrú don CAM…

1 - Brúigh SOURCES .
2 - Cliceáil ar an gcineál cainéil atá á úsáid agat don CAM do Féach ar theilifís.
3 - Brúigh + OPTIONS agus roghnaigh Comhéadan Coiteann.

4 -  Roghnaigh oibritheoir teilifíse an CAM. Is ón oibritheoir teilifíse a thagann na scáileáin seo a leanas. Lean na treoracha ar an scáileán chun an cód PIN a fháil.

6.7
# Córas Amharclainne Baile - HTS

## Nasc le HDMI ARC

Úsáid an cábla HDMI chun Córas Amharclainne Baile (HTS) a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Philips Soundbar a nascadh nó HTS a bhfuil seinnteoir diosca ionsuite aige.

### HDMI ARC

Má tá nasc HDMI ARC ag do Chóras Amharclainne Baile, is féidir leat aon nasc HDMI ar an teilifís a úsáid chun nascadh. Ní gá an cábla fuaime breise a nascadh nuair atá HDMI ARC ann. Tá an dá chomhartha istigh leis an nasc HDMI ARC.
Tá gach nasc HDMI ar an teilifís in ann an comhartha Cainéal Fillte Fuaime (ARC) a thairiscint. Ach a thúisce is atá an Córas Amharclainne Baile nasctha agat, ní féidir leis an teilifís ach an comhartha ARC a sheoladh chuig an nasc HDMI seo.




### Sioncronú fuaime go físe (sionc)

Mura meaitseálann an fhuaim an fhís ar an scáileán, is féidir leat moill a shocrú ar an gcuid is mó de Chórais Amharclainne Baile a bhfuil seinnteoir diosca acu chun an fhuaim a mheaitseáil leis an fhís.

## Nasc le HDMI

Úsáid an cábla HDMI chun Córas Amharclainne Baile (HTS) a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Philips Soundbar a nascadh nó HTS a bhfuil seinnteoir diosca ionsuite aige.

Mura bhfuil aon nasc HDMI ARC ag an gCóras Amharclainne Baile, úsáid cábla fuaime optúil (Toslink) chun fuaim na teilifíse a sheoladh go dtí an Córas Amharclainne Baile.




### Sioncronú fuaime go físe (sionc)

Mura meaitseálann an fhuaim an fhís ar an scáileán, is féidir leat moill a shocrú ar an gcuid is mó de Chórais Amharclainne Baile a bhfuil seinnteoir diosca acu chun an fhuaim a mheaitseáil leis an fhís.

## Fadhbanna le fuaim HTS

### Fuaim le torann ard

Má fhéachann tú ar fhíseán ó mhéaróg chuimhne USB atá plugáilte isteach nó ríomhaire nasctha, d'fhéadfadh an torann ó do Chóras Amharclainne Baile a bheith díchumtha. Cloistear an torann sin nuair atá fuaim DTS ag an gcomhad fuaime nó físeáin ach gan próiseáil fuaime DTS a bheith ag an gCóras Amharclainne Baile. Is féidir leat caoi a chur air sin trí **Formáid Fuaim Amach** na teilifíse a athrú go **Steiréó (neamh-chomhbhrúite)**.

Brúigh ✿ le haghaidh **Suiteáil** > **Fuaim** > **Ardsocruithe** > **Formáid Fuaime Amach**.

### Níl aon fhuaim ann

Mura bhfuil tú in ann an fhuaim a chloisteáil ón teilifís ar do Chóras Amharclainne Baile, seiceáil ar nasc tú an cábla HDMI le nasc **HDMI ARC** ar an gCóras Amharclainne Baile. Is nasc HDMI ARC gach nasc HDMI ar an teilifís.

## 6.8
# Fóin Chliste agus Táibléid

Chun fón cliste nó taibléad a nascadh leis an teilifís, is féidir leat nasc gan sreang nó sreangaithe a úsáid.

### Gan sreang

I gcás naisc gan sreang, íoslódáil an Philips TV Remote App ó shiopa feidhmchlár go dtí d'fhón cliste nó do thaibléad.

### Sreangaithe

I gcás naisc sreangaithe, úsáid an nasc HDMI 4 MHL ar chúl na teilifíse. Chun tuilleadh eolais a fháil, in Cabhair, roghnaigh Eochairfhocail agus déan cuardach do HDMI MHL.

## 6.9
# Seinnteoir Diosca Blu-ray

Úsáid cábla **HDMI ardluais** chun an seinnteoir Diosca Blu-ray a nascadh leis an teilifís.




Má tá EasyLink HDMI CEC ag an seinnteoir Diosca Blu-ray, is féidir leat an seinnteoir a oibriú le cianrialtán na teilifíse .

## 6.10
# Seinnteoir DVD

Úsáid an HDMI cábla chun an seinnteoir DVD a nascadh leis an teilifís.




Má tá an seinnteoir DVD nasctha le HDMI agus má tá EasyLink CEC aige, is féidir leat an seinnteoir a oibriú le cianrialtán na teilifíse.

## 6.11
# Bluetooth - Callairí agus Ceapa Stiúrtha

## A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat gléas gan sreang a nascadh le Bluetooth® leis an teilifís seo – callaire gan sreang, fo-dhordaire, barra fuaime nó cluasáin. Is féidir leat ceap stiúrtha gan sreang a nascadh le Bluetooth LE.

Chun fuaim na teilifíse a sheinnt ar challaire gan sreang, ní mór duit an callaire gan sreang a phéireáil leis an teilifís. Is féidir leat roinnt callairí gan sreang agus 4 ghléas Bluetooth LE (ísealfhuinneamh) ar a mhéid a phéireáil. Ní féidir leis an teilifís ach fuaim a sheinnt ar challaire amháin san iarraidh. Má nascann tú fo-dhordaire, seinntear an fhuaim ar an teilifís agus ar an bhfo-dhordaire. Má nascann tú barra fuaime, ní sheinntear an fhuaim ach ar an mbarra fuaime amháin.

### Aire - Sioncronú Fuaim le Fís

Tá 'tréimhse folaigh', mar a thugtar air, ard ag go leor córas callairí Bluetooth. Ciallaíonn tréimhse folaigh ard go mbíonn an fhuaim taobh thair den fhís, rud a fhágann nach mbíonn an 'beolbheachtú' sioncronaithe. Sula gceannóidh tú córas callairí Bluetooth gan sreang, bí cinnte go bhfuil tú ar an eolas faoi na múnlaí is nuaí agus aimsigh ceann a bhfuil rátáil tréimhse folaigh íseal aige. Beidh do mhiondíoltóir in ann comhairle a chur ort.

## Gléas a Phéireáil

Lonnaigh an callaire gan sreang laistigh d'achar 5 méadar ón teilifís. Léigh treoir úsáideora an ghléis chun eolas sonrach a fháil faoi phéireáil agus faoi raon gan sreang. Cinntigh go bhfuil an socrú Bluetooth ar an teilifís casta air.

A luaithe is atá ceap stiúrtha gan sreang péireáilte, is féidir leat é a úsáid. Nuair atá callaire gan sreang péireáilte, is féidir leat é a roghnú chun fuaim na teilifíse a sheinnt. Nuair atá gléas péireáilte, ní gá é a phéireáil arís mura mbainfidh tú an gléas as.

Chun callaire gan sreang a phéireáil leis an teilifís…

1 - Cas air an callaire gan sreang agus lonnaigh laistigh de raon na teilifíse é.
2 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Roghnaigh **Bluetooth** > **Cuardaigh Gléas Bluetooth**.
5 - Roghnaigh **Tosaigh** agus brúigh **OK**. Lean na treoracha ar an scáileán. Péireálfaidh tú an gléas leis an teilifís agus stórálfaidh an teilifís an nasc. Seans go mbeidh ort gléas atá péireáilte a dhíphéireáil i dtosach má tá an uasmhéid na ngléasanna péireáilte bainte amach.
6 - Roghnaigh an cineál gléis (cluasáin, fodhordaire, ...).
7 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

* Ní thacaíonn do theilifís le fodhordaire Bluetooth ná le callairí Bluetooth mura bhfuil siad comhoiriúnach le Bluetooth LE.

** Tá nasc HDMI de dhíth don bharra fuaime, callaire agus do ghléasanna fuaime eile mura bhfuil said comhoiriúnach le Bluetooth LE.

## Roghnaigh Gléas

A luaithe is atá callaire gan sreang Bluetooth péireáilte, is féidir leat é a roghnú chun fuaim na teilifíse a sheinnt.

Chun callaire a roghnú chun fuaim na teilifíse a sheinnt...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Callairí** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh an córas callaire atá uait.
3 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Bain Gléas as

Is féidir leat gléas Bluetooth gan sreang a nascadh nó a dhínascadh. Nuair atá gléas Bluetooth nasctha, is féidir leat an ceap stiúrtha a úsáid nó fuaim na teilifíse a chloisteáil tríd an gcallaire gan sreang. Is féidir leat gléas Bluetooth gan sreang a bhaint as freisin. Má bhaineann tú gléas Bluetooth as, díphéireálfar an gléas.

Chun gléas gan sreang a bhaint as nó a dhínascadh...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan Sreang agus Líonraí**.
3 - Roghnaigh **Bluetooth** > **Bain Gléas As**.
4 - Roghnaigh an gléas gan sreang sa liosta.
5 - Roghnaigh **Dínasc** nó **Bain As**.
6 - Roghnaigh **OK**.
7 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

6.12

# Cluasáin

Is féidir leat cluasáin a nascadh leis an nasc 🎧 ar chúl na teilifíse. Is mion-seac 3.5mm an nasc. Is féidir leat airde fuaime na gcluasán a athrú leo féin.

Chun an airde fuaime a athrú...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Airde Fuaime na gCluasán**.
2 - Brúigh na saigheada ∧ (suas) nó ∨ (síos) chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.



6.13
# Consól Cluiche

## HDMI

Nasc an consól cluiche leis an teilifíis le cábla HDMI ardluais chun an caighdeán is fearr a fháil.




## Y Pb Pr

Nasc an consól cluiche le cábla físchomhartha comhpháirteanna (Y Pb Pr) agus le cábla fuaim Deas/Clé leis an teilifís.




## SCART

Nasc an consól cluiche leis an teilifís le cábla ilchodach (CVBS) agus le cábla fuaime Deas/Clé leis an teilifís.

Mura bhfuil ach aschur Físeáin (CVBS) agus Fuaime Clé/Deas ag do chonsól cluiche, úsáid cuibheoir Físe Fuaime Clé/Deas go Scart chun nascadh leis an nasc SCART.




## An Socrú is Fearr

Sula dtosóidh tú ag imirt cluiche ó chonsól cluiche nasctha, molaimid duit an teilifís a shocrú go dtí an socrú is fearr **Cluiche**.

Chun an teilifís a shocrú go dtí an socrú is fearr a fheileann…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh **>** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Stíl Pictiúir** > **Cluiche**.
4 - Brúigh **<** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

6.14
# Ceap Stiúrtha

## Nasc Ceap Stiúrtha

Chun cluichí ón Idirlíon a sheinnt ar an teilifís seo, is féidir leat raon roghnaithe Ceapa Stiúrtha gan sreang a nascadh. Is féidir leat Ceapa stiúrtha a úsáid le glacadóir nano USB nó ceapa stiúrtha le Bluetooth.

Chun Ceap stiúrtha a nascadh le glacadóir nano USB…

1 - Plugáil isteach an nanaghlacadóir beag i gceann amháin de na naisc USB ar thaobh na teilifíse. Tagann an nanaghlacadóir gan sreang leis an gCeap Stiúrtha.
2 - Má tá an Ceap Stiúrtha casta air, is féidir leat an Ceap Stiúrtha a úsáid.

Is féidir leat an dara Ceap Stiúrtha a nascadh sa dara nasc USB ar thaobh na teilifíse.

## Fabhtcheartú

Chun trasnaíocht fhéideartha le gléasanna gan sreang eile ar an teilifís a réiteach...

• Úsáid a seolán sínidh USB agus bog an nanaghlacadóir thart ar 1 méadar ón teilifís.
• Mar rogha air sin, is féidir leat mol USB a bhfuil cumhacht aige agus atá nasctha leis an teilifís a úsáid agus na nanaghlacadóirí a phlugáil isteach sa mhol USB.

6.15

# Diosca Crua USB

## A bhfuil de dhíth ort

Má nascann tú Diosca Crua USB, is féidir leat craoltaí teilifíse digití a chur ar sos nó a thaifeadadh (craoltaí DVB nó a leithéid).

Íos-Spás Diosca
• Chun Cuir ar sos
Chun craoladh a chur ar sos, teastaíonn Diosca Crua uait atá comhoiriúnach le USB 2.0 agus a bhfuil ar a laghad 4GB de spás air.
• Chun Taifeadadh
Chun craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, teastaíonn diosca a bhfuil ar a laghad 250GB de spás saor air.

## Suiteáil

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhormáidiú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB.

1 - Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.
2 - Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.
3 - Nuair atá an teilifís tiúnáilte le cainéal teilifíse digití, brúigh ⏸ (Cuir ar Sos). Má dhéanann tú iarracht é a chur ar sos, tosóidh an formáidiú.

Lean na treoracha ar an scáileán.

Nuair a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.




Rabhadh:

Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stóráilte a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fheidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhormáidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhormáidiú ag teastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

## Formáidiú

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos nó a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhormáidiú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB. Má tá uait craoltaí a thaifeadadh le sonraí ón Eolaire Teilifíse ón Idirlíon, ní mór duit an nasc Idirlín a shuiteáil sula suiteálann tú an Diosca Crua USB.

Rabhadh:

Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stóráilte a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fheidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhormáidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhormáidiú ag teastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

Chun Diosca Crua USB a fhormáidiú...

1 - Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.
2 - Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.
3 - Nuair atá an teilifís tiúnáilte le cainéal teilifíse

digití, brúigh ⏸ (Cuir ar Sos). Má dhéanann tú iarracht é a chur ar sos, tosóidh an formáidiú. Lean na treoracha ar an scáileán.
4 - Fiafróidh an teilifís díot an bhfuil uait an Diosca Crua USB a úsáid chun feidhmchláir a stóráil, aontaigh leis an gceist más ea.
5 - Nuair a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.




6.16

# Méarchlár, nasc

## Nasc

Nasc méarchlár USB (den chineál USB-HID) chun téacs a chur isteach ar do theilifís.

Úsáid ceann de na naisc **USB** chun nascadh.




## Cumraigh

### Suiteáil an méarchlár

Cas air an teilifís agus nasc an méarchlár USB le ceann de na naisc USB ar an teilifís chun an méarchlár USB a shuiteáil. Nuair a bhraitheann an teilifís an méarchlár den chéad uair, is féidir leat leagan amach do mhéarchláir a roghnú agus do rogha a thástáil. Má roghnaíonn tú leagan amach méarchláir Choireallaigh nó Ghréigise ar dtús, is féidir leat leagan amach méarchláir Laidinigh a roghnú mar cheann tánaisteach.

Chun socrú leagan amach an mhéarchláir a athrú nuair a roghnaíodh leagan amach…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Socruithe Méarchlár USB** chun suiteáil an mhéarchláir a thosú.

## Eochracha Speisialta

Méaracha chun téacs a chur isteach
• Eochair iontrála = OK
• Cúlspás = scrios an carachtar roimh an gcursóir
• Méaracha saighde = bogadh laistigh de réimse téacs
• Chun athrú ó leagan amach méarchláir amháin go ceann eile, má tá leagan amach tánaisteach socraithe, brúigh na méaracha **Ctrl** + **Spásbharra** ag an am céanna.
Eochracha d'fheidhmchláir agus do leathanaigh Idirlín
• Táb agus Iomlaoid + Táb = Ar Aghaidh agus Siar
• Baile = scrollaigh go dtí barr an leathanaigh
• Deireadh = scrollaigh go dtí bun an leathanaigh
• Leathanach Suas = téigh leathanach amháin suas
• Leathanach Síos = téigh leathanach amháin síos
• + = zúmáil isteach céim amháin
• - = zúmáil amach céim amháin
• * = cuir an leathanach gréasáin in oiriúint do leithead an scáileáin.

6.17

# Méaróg Chuimhne USB

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg USB nasctha.

Cuir isteach méaróg chuimhne USB i gceann de na naisc **USB** ar an teilifís nuair atá an teilifís casta air.




Braitheann an teilifís an mhéaróg chuimhne agus osclaíonn sí liosta a thaispeánann a bhfuil ann.

Mura dtaispeántar a bhfuil ann go huathoibríoch, brúigh SOURCES agus roghnaigh USB.

Chun éirí as a bheith ag féachaint ar ábhar ón mhéaróg chuimhne USB, brúigh EXIT nó roghnaigh gníomhaíocht eile.
Chun an mhéaróg chuimhne a dhínascadh, is féidir leat an mhéaróg chuimhne a tharraingt amach ag am ar bith.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi féachaint ar ábhar ó mhéaróg chuimhne USB nó é a sheinnt, in Cabhair, roghnaigh Eochairfhocail agus déan cuardach do Ghrianghraif, Físeáin agus Ceol.

6.18

# Ceamara grianghraif

Chun féachaint ar ghrianghraif atá stóráilte ar do cheamara grianghraf digiteach, is féidir an ceamara a nascadh go díreach leis an teilifís.

Úsáid ceann de na naisc USB ar an teilifís chun nascadh. Cas air an ceamara tar éis duit an nasc a dhéanamh.

Mura dtaispeántar liosta na n-ábhar go huathoibríoch, brúigh SOURCES ,agus roghnaigh USB.
Seans go mbeidh ort do cheamara a shocrú chun a bhfuil air a aistriú le PTP (Picture Transfer Protocol). Léigh treoirleabhar úsáideora an cheamara grianghraf digiteach.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi féachaint ar ghrianghraif a fháil, in Cabhair, roghnaigh Eochairfhocail agus déan cuardach do Ghrianghraif, Físeáin agus Ceol.

6.19

# Camthaifeadán

## HDMI

Chun an caighdeán is fearr a fháil, úsáid cábla HDMI chun an camthaifeadán a nascadh leis an teilifís.




## LR / Scart Fuaime Físe

Is féidir leat nasc HDMI, YPbPr nó SCART a úsáid chun do cheamthaifeadán a nascadh. Mura bhfuil ach aschur Físe (CVBS) agus Fuaime Clé/Deas ag do cheamthaifeadán, úsáid cuibheoir Físe Fuaime Clé/Deas go SCART (díoltar as féin é) chun nascadh leis an nasc SCART.




6.20

# Ríomhaire

## Nasc

Is féidir leat do ríomhaire a nascadh leis an teilifís agus an teilifís a úsáid mar mhonatóir ríomhaire.

### Le HDMI

Úsáid cábla HDMI chun an ríomhaire a nascadh leis an teilifís.




## An socrú is fearr

Má nascann tú ríomhaire, molaimid duit ainm ceart an chineál gléis a thabhairt sa roghchlár Foinse don nasc a bhfuil an ríomhaire nasctha air. Má athraíonn tú do **Ríomhaire** ansin sa roghchlár Foinse, socrófar an teilifís go dtí an socrú Ríomhaire is fearr go huathoibríoch.

Chun an teilifís a shocrú go dtí an socrú is fearr a fheileann…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh 〉 (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Ríomhaire**.
4 - Roghnaigh **Air** nó **As**.
5 - Brúigh 〈 (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

6.21

# Seastáin Callaire Gan sreang PTA860

## Maidir leis an PTA860

Is féidir leat do thaobhchallairí a lonnú níos faide ó do scáileán teilifíse le **Seastáin Callaire gan Sreang Inbhainte Philips PTA860***. Scaipfidh an fhuaim níos fearr agus feilfidh sé níos fearr don eispéireas féachana ar an scáileán mór. Meaitseálann dearadh íostach na seastán dearadh na gcallairí tánaí. Tá na callairí nasctha gan sreang leis an teilifís ar na seastáin seo.



Is féidir leat an PTA860 a úsáid leis an bhFo-dhordaire SUB100 gan sreang * chun fuaim shaibhir spásúil níos doimhne a fháil.

*Díoltar an PTA860 agus an SUB100 astu féin.

## Suiteáil

Sula dtosóidh tú ag réiteach an dá sheastán callaire PTA860, bí cinnte go bhfuil 2 asraon cumhachta ar fáil agat. Ceann do gach seastán.

Chun an atáirgeadh fuaime is fearr a fháil, ná lonnaigh na seastáin callaire níos faide ná 1 méadar ón teilifís. Bí cinnte go lonnaíonn tú an callaire Clé ar thaobh na láimhe clé agus an callaire Deas ar thaobh na láimhe deise den teilifís. Tá na seastáin callaire marcáilte ar a mbonn.

Chun na callairí a ghléasadh ar na seastáin callaire…

1 - Agus an teilifís casta as agat, dínasc plugaí na gcallairí ó na nascóirí ar chúl na teilifíse.
2 - Tarraing an callaire amach ó thaobh na teilifíse. Tá na callairí daingnithe le maighnéid.
3 - Chun an cábla agus an caipín a dhíscor ón gcallaire, tóg an callaire i lámh amháin agus an cábla beag sa lámh eile agus tarraing an cábla amach go réidh ar aon líne leis an gcallaire. Díscoirfidh tú an pionna nascóra imheánaigh ón gcallaire.
4 - Sleamhnaigh an oscailt ar bhun an challaire thar phionna nascóra cholún an seastáin. Cinntigh go gcasann tú an callaire leis an eang bheag ar thaobh amháin ar an mbonn chun oiriúint don táb ar cholún an seastáin. Brúigh an seastán síos go réidh ar an gcolún go dtí go bhfuil an dá aonad feistithe le chéile i gceart.
5 - Plugáil isteach an dangal PTA860 USB i gceann de na nascóirí **USB** ar chúl na teilifíse agus nasc an nascóir uaine mion-seac leis an nasc **WIRELESS AUDIO**.
6 - Nasc na cordaí cumhachta leis an dá sheastán callaire agus plugáil isteach sa dá asraon cumhachta iad.

Tá an dangal PTA860 USB agus an dá sheastán callaire péireáilte sa mhonarcha cheana féin mar áis duit.

Is féidir leat cosa insocraithe sheastán an challaire a úsáid chun an colún a cheartú má tá sé claonta nó chun é a dhéanamh níos daingne.

# Péireáil

Tá an dangal PTA860 USB agus an dá sheastán callaire péireáilte sa mhonarcha cheana féin mar áis duit. Nuair a shocraíonn tú na seastáin, ní gá duit iad a pheireáil. Tabharfaidh an solas LED bán ar an dangal USB agus ar an dá sheastán le fios go bhfuil cumhacht ag na 3 cinn acu agus go bhfuil siad nasctha.

## Péireáil nó péireáil arís

Mura nascann an dangal USB dongle agus na seastáin callaire ar chúis ar bith agus caochaíl dhearg ar cheann amháin nó ar gach ceann de na LEDanna, ní mór duit iad a phéireáil arís.

Chun péireáil arís...

1 - Brúigh an cnaipe beag péireála ∾ a an dangal USB ar feadh 5 soicind agus déan an rud céanna ar gach seastán callaire chun an próiseas péireála a thosú. Tá an t-am agat é seo a dhéanamh ceann amháin i ndiaidh a chéile. Beidh caochaíl bhán mhall ar gach LED.
2 - Déanfaidh an córas iarracht an dangal USB a phéireáil leis an dá sheastán callaire.
3 - Má tá an dangal USB agus an dá sheastán callaire péireáilte, beidh solas bán ar na LEDanna atá orthu.
4 - Má leanann LED ar cheann de na seastáin callaire ag caochaíl dearg, brúigh an cnaipe péireála ∾ ar an dangal USB arís ar feadh 5 soicind agus déan amhlaidh ar an seastán callaire eile. Déanfaidh an córas iarracht nascadh arís.

Nuair a athraíonn tú an teilifís go fuireachas, athróidh an dá sheastán callaire inbhainte go fuireachas freisin. Beidh solas dearg ar na LEDanna.

7

# Nasc do Android TV

7.1

## Líonra agus Idirlíon

### Líonra Baile

Ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon chun leas a bhaint as cumais iomlána an Philips Android TV.

Nasc an teilifís le líonra baile a bhfuil nasc ardluais don Idirlíon aige. Is féidir leat do theilifís a nascadh le do ródaire líonra gan sreang nó sreangaithe.

### Nasc le Líonra

#### Nasc gan Sreang

##### A bhfuil de dhíth ort

Teastaíonn ródaire Wi-Fi a bhfuil nasc don Idirlíon aige chun an teilifís a nascadh leis an Idirlíon gan sreang.

Úsáid nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon.




##### Déan an Nasc

Gan sreang

Chun nasc gan sreang a dhéanamh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Nasc le Líonra**.
4 - Roghnaigh **Gan Sreang**.
5 - Cliceáil ar do líonra gan sreang sa liosta de na líonraí a aimsíodh. Mura bhfuil do líonra sa liosta mar go bhfuil ainm an líonra i bhfolach (chas tú as craoladh SSID an ródaire), roghnaigh **Cuir Líonra Nua leis an liosta** chun ainm an líonra a chur isteach tú féin.
6 - Ag brath ar chineál an ródaire, cuir isteach d'eochair criptithe - WEP, WPA nó WPA2. Más rud é gur chuir tú isteach an eochair chriptithe don líonra seo cheana féin, is féidir leat **OK** a chliceáil chun an nasc a dhéanamh láithreach.
7 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Wi-Fi Air/As

Cinntigh go bhfuil Wi-Fi casta air sula ndéanfaidh tú iarracht nascadh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan Sreang agus Líonraí** agus brúigh > (deas).
3 - Roghnaigh **Gan sreang nó Wi-Fi** > **Wi-Fi Air/As**.
4 - Má tá sé casta as, roghnaigh **Air** agus brúigh **OK**.

##### WPS

Má tá WPS ag do ródaire, is féidir leat nascadh leis an ródaire go díreach gan scanadh a dhéanamh do líonraí. Má tá gléasanna agat i do líonra gan sreang a úsáideann an córas slándála criptithe WEP, ní féidir leat WPS a úsáid.

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Nasc le Líonra**.
4 - Roghnaigh **WPS**.
5 - Téigh go dtí an ródaire, brúigh an cnaipe WPS agus téigh ar ais go dtí an teilifís laistigh de 2 nóiméad.
6 - Cliceáil **Nasc** chun an nasc a dhéanamh.
7 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

##### WPS le cód PIN

Má tá WPS a bhfuil cód PIN air ag do ródaire, is féidir leat nascadh go díreach leis an ródaire gan scanadh a dhéanamh do líonraí. Má tá gléasanna agat i do líonra gan sreang a úsáideann an córas slándála criptithe WEP, ní féidir leat WPS a úsáid.

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Nasc le Líonra**.
4 - Roghnaigh **WPS le cód PIN**.
5 - Scríobh síos an cód PIN a bhfuil 8 digit ann atá ar taispeáint ar an scáileán agus cuir isteach i mbogearraí an ródaire ar do ríomhaire é. Faigh comhairle ó threoirleabhar an ródaire faoin áit a bhfuil an cód PIN le cur isteach i mbogearraí an ródaire.
6 - Cliceáil **Nasc** chun an nasc a dhéanamh.
7 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

### Fabhtcheartú

**Níor aimsíodh an líonra gan sreang nó tá sé díchumtha**

• Tá oighinn micreathonnacha, fóin DECT nó gléasanna eile Wi-Fi 802.11b/g/n i do chomharsanacht in ann cur isteach ar an líonra gan sreang.
• Bí cinnte go ligeann na ballaí dóiteáin i do líonra rochtain ar nasc gan sreang na teilifíse.
• Mura n-oibreoidh an líonra gan sreang i gceart i do theach, bain triail as an líonra sreangaithe a shuiteáil.

**Ní oibríonn an tIdirlíon**

• Má tá an nasc don ródaire ag obair i gceart, seiceáil nasc an ródaire don Idirlíon.

**Tá an ríomhaire agus an nasc Idirlín mall**

• Féach i dtreoirleabhar úsáideora do ródaire gan sreang chun eolas a fháil maidir le raon laistigh, ráta aistrithe nó fachtóirí eile a bhaineann le caighdeán an chomhartha.
• Úsáid nasc Idirlín ardluais (leathanbhanda) do do ródaire.

**DHCP**

• Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP (Prótacal Óstchumraíochta Dinimiciúla) an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

### Nasc Sreangaithe

#### A bhfuil de dhíth ort

Teastaíonn ródaire líonra uait atá nasctha leis an an Idirlíon chun an teilifís a nascadh leis an Idirlíon. Úsáid nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon.



#### Déan an Nasc

Chun nasc sreangaithe a dhéanamh…




1 - Nasc an ródaire leis an teilifís le cábla líonra (cábla Ethernet**).
2 - Bí cinnte go bhfuil an ródaire casta air.
3 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
4 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh **>** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
5 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Nasc le Líonra**.
6 - Roghnaigh **Sreangaithe**. Déanann an teilifís cuardach leanúnach don nasc líonra.
7 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

**Chun rialacháin EMC a chomhlíonadh, úsáid cábla Ethernet FTP Cat. 5E díonta.

## Socruithe Líonra

### Féach ar Shocruithe Líonra

Is féidir leat gach socrú líonra reatha a fheiceáil anseo. An seoladh IP agus MAC, neart an chomhartha, luas, modh criptithe, etc.

Chun na socruithe líonra reatha a fheiceáil…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh **>** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Féach ar Shocruithe Líonra**.
4 - Brúigh **<** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Cumraíocht Líonra

Mar rogha air sin, más ardúsáideoir tú agus má tá uait do líonra a shuiteáil le seolachán IP Statach, athraigh socrú na teilifíse go **IP Statach**.

Chun an teilifís a shocrú go IP Statach…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh **>** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Cumraíocht Líonra** agus brúigh **OK**.
4 - Roghnaigh **IP Statach** agus brúigh **OK** chun **Cumraíocht IP Statach** a chumasú.
5 - Roghnaigh **Cumraíocht IP Statach** agus cumraigh an nasc.
6 - Is féidir leat an uimhir a shocrú don **Seoladh IP**, **Netmask**, **Gateway**, **DNS 1**, nó **DNS 2**.
7 - Brúigh **<** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Cas Air le Wi-Fi (WoWLAN)

Is féidir leat an teilifís seo a chasadh air ó d'fhón cliste nó do thaibléad má tá an teilifís i staid fuireachais. Ní mór an socrú **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)** a bheith

casta air.

Chun athrú go WoWLAN…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)**.
4 - Roghnaigh **Air**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

---

Cas air nasc Wi-Fi

Is féidir leat an nasc Wi-Fi a chasadh air nó as ar do theilifís.

Chun Wi-Fi a chasadh air…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Gan sreang nó Wi-Fi** > **Wi-Fi Air/As**.
4 - Roghnaigh **Air**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

---

Rindreálaí Meán Digiteach - DMR

Mura seinneann do chomhaid meán ar do theilifís, cinntigh go bhfuil an Rindreálaí Meán Digiteach casta air. Bíonn DMR casta air mar réamhshocrú.

Chun DMR a chasadh air…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Rindreálaí Meán Digiteach -DMR**.
4 - Roghnaigh **Air**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

---

Scáileán cliste Wi-Fi

Ní mór duit Scáileán Cliste Wi-Fi a chasadh air chun féachaint ar chainéil teilifíse dhigiteacha ar d'fhón cliste nó taibléad leis an Philips TV Remote App. Tá an seans ann nach mbeidh roinnt cainéal scrofa ar fáil ar do ghléas soghluaiste.

Chun Scáileán Cliste Wi-Fi a chasadh air…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Gan sreang nó Wi-Fi** > **Scáileán Cliste Wi-Fi**.
4 - Roghnaigh **Air**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

---

Ainm an Líonra Teilifíse

Má tá níos mó ná teilifís amháin i do líonra baile agat, is féidir leat ainm uathúil a thabhairt don teilifís.

Chun ainm na teilifíse a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Ainm Líonra na Teilifíse**.
4 - Cuir isteach an t-ainm le méarchlár an chianrialtáin.
5 - Roghnaigh ✓ chun críochnú.
6 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

---

Glan Cuimhne Idirlín

Glanann tú do chlárú le freastalaí Philips le Glan Cuimhne Idirlín chomh maith le do shocruithe rátáil tuismitheora, do logálacha isteach d'fheidhmchláir shiopa físeán, gach ceanán Feidhmchlár Philips, leabharmharc Idirlín agus stair. Ta feidhmchláir MHEG idirghníomhacha in ann 'fianáin', mar a thugtar orthu, a shábháil ar do theilifís freisin. Glanfar na comhaid sin freisin.

Chun an chuimhne Idirlín a ghlanadh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Gan sreang agus Líonraí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sreangaithe nó Wi-Fi** > **Glan Cuimhne Idirlín**.
4 - Roghnaigh **OK** chun deimhniú.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

---

# Comhroinnt Comhad

Tá an teilifís in ann nascadh le gléasanna eile i do líonra gan sreang, cosúil le do ríomhaire nó d'fhón cliste. Is féidir leat ríomhaire a úsáid a bhfuil Microsoft Windows nó Apple OS X air.

Is féidir leat grianghraif, ceol agus físeáin atá stóráilte ar do ríomhaire a oscailt ar an teilifís seo. Úsáid aon bhogearraí freastalaí meán úrnua atá DLNA-

deimhnithe.

7.2
# Cuntas Google

## Sínigh isteach

Is féidir leat síniú isteach go Google le do Chuntas Google chun an leas is fearr a a bhaint as cumais do Philips Android TV.

Nuair a shíníonn tú isteach, beidh tú in ann na cluichí is ansa leat a imirt ar d'fhón, do thaibleád nó ar do theilifís. Gheobhaidh tú moltaí pearsantaithe físe agus ceoil freisin ar scáileán baile do theilifíse chomh maith le rochtain ar YouTube, Google Play agus feidhmchláir eile.

### Sínigh isteach

Úsáid an **Google Account** atá agat cheana féin chun síniú isteach go Google ar do theilifís. Seoladh ríomhphoist agus pasfhocal atá i gceist le Cuntas Google. Mura bhfuil Cuntas Google agat fós, úsáid do ríomhaire nó do thaibléad chun ceann a chruthú (accounts.google.com). Teastaíonn próifíl Google+ uait chun cluichí a imirt ar Google Play. Murar shínigh tú isteach i rith chéad shuiteáil na teilifíse, is féidir leat síniú isteach níos déanaí.

Chun síniú isteach tar éis suiteáil na teilifíse a bheith déanta ...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Android** agus brúigh **OK**.
3 - Brúigh ∨ (síos) agus roghnaigh **Pearsanta** > **Cuir cuntas leis an liosta** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh **OK** ar **SIGN IN**.
5 - Cuir isteach do sheoladh ríomhphoist leis an méarchlár ar an gcianrialtán agus brúigh an eochair bheag **OK** ar thaobh na láimhe deise den mhéarchlár.
6 - Cuir isteach do phasfhocal agus brúigh an eochair bheag chéanna **OK** chun síniú isteach.
7 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Socruithe Android

Is féidir leat roinnt socruithe sonracha nó eolas Android a shocrú nó a fheiceáil. Is féidir leat liosta na bhfeidhmchlár atá suiteáilte ar do theilifís a aimsiú, agus an spás stórála atá ag teastáil uathu. Is féidir leat an teanga a úsáideann tú a shocrú le Cuardach Gutha. Is féidir leat an méarchlár ar an scáileán a chumrú nó cead a thabhairt d'fheidhmchláir do shuíomh a úsáid. Bain triail as na socruithe éagsúla Android. Is féidir leat dul go dtí www.support.google.com/androidtv chun tuilleadh eolais a fháil faoi na socruithe seo.

Chun na socruithe seo a oscailt...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Android**.
3 - Bain triail as na socruithe éagsúla Android.
4 - Brúigh ← **BACK** arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

7.3
# Feidhmchlár Bhailiúchán Philips TV

## Leathanach na Sainfheidhmchláir

Tá gach ceann de d'fheidhmchláir phréimhe ar fáil laistigh den fheidhmchlár Bhailiúchán Philips TV, faoin rannóg Sainfheidhmchláir. Úsáid an meirge ar chainéal na bhfeidhmchlár ceanán chun é a lainseáil.

Is don teilifís go sainiúil a rinneadh feidhmchláir Bhailiúchán Philips TV. Is féidir feidhmchláir Bhailiúchán Philips TV a íoslódáil agus a shuiteáil saor in aisce. Tá feidhmchláir Bhailiúchán Philips TV in ann a bheith éagsúil i dtíortha nó réigiúin éagsúla. Beidh moltaí ann d'Fheidhmchláir nua agus tuilleadh i mBailiúchán Philips TV freisin.

Bíonn roinnt feidhmchlár ó fheidhmchláir Bhailiúchán Philips TV suiteáilte ar do theilifís roimh ré. Iarrfar ort glacadh leis na Téarmaí Úsáide sula mbeidh tú in ann feidhmchláir eile ó fheidhmchláir Bhailiúchán Philips TV a shuiteáil. Is féidir leat na Socruithe Príobháideachta a shocrú de réir mar a fheileann duit.

Chun feidhmchlár a shuiteáil ó fheidhmchláir Bhailiúchán Philips TV...

1 - Brúigh ⌂ **HOME**.
2 - Roghnaigh **Bailiúchán Philips TV** agus brúigh OK. Osclóidh sé an rannán Sainfheidhmchláir.
3 - Roghnaigh an táb "Gach ceann" agus brúigh **OK**. Taispeánfaidh sé na feidhmchláir ar fad atá ar fáil don úsáideoir, na cinn atá suiteáilte san áireamh.
4 - Brabhsáil trí na feidhmchláir agus roghnaigh an deilbhín feidhmchláir ar mian leat é a shuiteáil, agus brúigh OK. Osclóidh sé an leathanach a bhfuil eolas faoi Fheidhmchláir air.
5 - Roghnaigh an cnaipe **Cuir leis an liosta** agus brúigh OK chun an feidhmchlár a shuiteáil.

Beidh fáil ar an bhfeidhmchlár a suiteáladh ar leathanach na bhFeidhmchlár, agus is féidir é a oscailt ón scáileán Baile Android tríd an deilbhín Feidhmchláir ar thaobh na láimhe deise de ró na bhFeidhmchlár Ceanán a bhrú.

## Téarmaí Úsáide

Ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide chun feidhmchláir Bhailiúchán Philips TV a shuiteáil agus a úsáid. Murar aontaigh tú leis na téarmaí sin i rith chéad shuiteáil na teilifíse, is féidir leat glacadh leo níos deireanaí. A luaithe is a n-aontaíonn tú leis na Téarmaí Úsáide, beidh roinnt feidhmchlár ar fáil láithreach agus is féidir leat brabhsáil i mBailiúchán Philips TV chun feidhmchláir eile a shuiteáil.

Chun glacadh leis na Téarmaí Úsáide tar éis an teilifís a bheith suiteáilte agat…

1 - Brúigh HOME, roghnaigh **Bailiúchán Philips TV** agus brúigh **OK**. Brúigh an eochair **Roghanna** arís chun an roghchlár Roghanna a oscailt.
2 - Is féidir leat **Téarmaí Úsáide** a roghnú, ansin brúigh **OK** chun iad a léamh.
3 - Roghnaigh **Glac** agus brúigh **OK**. Ní féidir leat dul siar ar an bhfaomhadh seo.
4 - Brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

## Socruithe Príobháideachta

Is féidir leat roinnt socruithe príobháideachta a shocrú d'fheidhmchláir Bhailiúchán Philips TV.

• Is féidir leat cead a thabhairt staitisticí teicniúla a sheoladh chuig Philips.
• Is féidir leat moltaí pearsanta a cheadú.
• Is féidir leat fianáin a cheadú.
• Is féidir leat an Glas Leanaí a chasadh air d'fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ acu.

Chun na socruithe príobháideachta i mBailiúchán Philips TV a shocrú…

1 - Brúigh HOME, roghnaigh **Philips TV Collection** agus brúigh **OK**. Brúigh an eochair **Roghanna** arís chun an roghchlár Roghanna a oscailt.
2 - Is féidir leat **Polasaí Príobháideachta** a roghnú, ansin brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh gach socrú agus brúigh **OK** chun é a cheadú nó gan é a cheadú. Is féidir leat léamh go mion faoi gach socrú.
4 - Brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

7.4
# Socruithe Android

Is féidir leat roinnt socruithe sonracha nó eolas Android a shocrú nó a fheiceáil. Is féidir leat liosta na bhfeidhmchlár atá suiteáilte ar do theilifís a aimsiú, agus an spás stórála atá ag teastáil uathu. Is féidir leat an teanga a úsáideann tú a shocrú le Cuardach Gutha. Is féidir leat an méarchlár ar an scáileán a chumrú nó cead a thabhairt d'fheidhmchláir do shuíomh a úsáid. Bain triail as na socruithe éagsúla Android. Is féidir leat dul go dtí www.support.google.com/androidtv chun tuilleadh eolais a fháil faoi na socruithe seo.

Chun na socruithe seo a oscailt…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Android**.
3 - Bain triail as na socruithe éagsúla Android.
4 - Brúigh ← BACK arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

7.5
# Scáileán Baile

## Maidir leis an Scáileán Baile

Nasc an teilifís leis an Idirlíon chun an leas is fearr a bhaint as do theilifís Android.

Díreach cosúil le d'fhón cliste Android nó do thaibléad, is é an scáileán Baile croí do theilifíse. Is ar an scáileán Baile atá tú in ann an cinneadh a dhéanamh cé air a fhéachfaidh tú trí na roghanna siamsaíochta ón bhfeidhmchlár agus ó theilifís bheo a bhrabhsáil. Tá cainéil ag do leathanach Baile chun ligint duit teacht ar inneachar ó na feidhmchláir is ansa leat. Is féidir leat cainéil bhreise a chur leis an liosta nó feidhmchláir nua a aimsiú chun tuilleadh inneachair a fháil.

Eagraítear an scáileán Baile i rónna.

### Feidhmchláir

Is ar an gcéad ró atá na Feidhmchláir is ansa leat. Gheobhaidh tú na Feidhmchláir don Teilifís sa ró seo freisin, cosúil le **Bailiúchán Philips TV**, **Féach ar Theilifís**, **Eolaire Teilifíse**, **Meáin** agus eile. Is féidir leat tuilleadh feidhmchlár a fháil ar leathanach na bhFeidhmchlár, ar féidir é a oscailt trí chliceáil ar an deilbhín **Feidhmchláir** ar thaobh na láimhe clé de ró na bhfeidhmchlár Ceanán. Is féidir leat freisin tuilleadh feidhmchlár a chur leis an liosta ceanán ó leathanach na bhFeidhmchlár.

Ar an leathanach Feidhmchláir, gheobhaidh tú gach Feidhmchlár suiteáilte a thagann leis an teilifís mar aon leis na Feidhmchláir a shuiteálann tú féin ón **mBailiúchán Philips TV** nó **Google Play™ Store** .

### Seinn an chéad chainéal eile

Beidh a fhios agat i gcónaí céard é an chéad chlár eile ar an gcainéal **Seinn an Chéad Cheann eile** ar an scáileán Baile. Tosaigh ag féachaint ón áit ar stop tú agus faigh fógraí faoi eagráin nua sa chainéal **Seinn an Chéad Cheann eile**. Brúigh agus coinnigh síos Roghnaigh ar scannán nó clár teilifíse chun é a chur go díreach ar an gcainéal **Seinn an Chéad Cheann eile**.

### Google Play Movies & cainéal teilifíse

Tóg amach scannáin nó cláir teilifíse ar cíos ar an gcainéal seo ó Google Play Movies & TV.

### Cainéal cabhrach

Tá físeáin teagaisc “An chaoi le...” ar an gcainéal seo chun tú a chur ar an eolas faoin gcaoi an trealamh a bhaint amach as an mbosca, an chaoi gléasanna seachtracha a nascadh, an chaoi cainéal a shuiteáil, etc.

### Cainéal YouTube

Ar an gcainéal seo, gheobhaidh tú d’fhíseáin YouTube Mholta, Suibscríbinne nó Treochtaí.

### Saincheap cainéil

Cliceáil an cnaipe SAINCHEAP CAINÉIL chun cainéil a chur ar do scáileán Baile agus iad a bhaint de.

Féach ar www.support.google.com/androidtv freisin

---

## Oscail an Scáileán Baile

Chun an Scáileán Baile a oscailt agus mír a oscailt...

1 - Brúigh ⌂ HOME.
2 - Roghnaigh mír agus brúigh OK chun é a oscailt nó a thosú.
3 - Brúigh ← BACK go leanúnach nó brúigh ⌂ HOME le dul ar ais chuig an scáileán Baile.

Nuair atá tú ag oscailt an scáileán Baile, stopfaidh an feidhmchlár/an t-inneachar atá á seinnt sa chúlra. Ní mór duit an feidhmchlár nó an t-inneachar a roghnú ón scáileán Baile chun atosú.

# 8 Feidhmchláir

## 8.1 Maidir le Feidhmchláir

Is féidir leat teacht ar na Feidhmchláir is ansa eat ar ró na bhFeidhmchlár sa roghchlár Baile.

Díreach cosúil le feidhmchláir ar d'fhón cliste nó do thaibléad, tairgeann na feidhmchláir ar do theilifís feidhmeanna sonracha chun d'eispéireas teilifíse a shaibhriú. Feidhmchláir cosúil le YouTube, cluichí teilifíse nó tuartha aimsire (i measc feidhmchlár eile). Is féidir leat úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár Brabhsálaí Idirlín chun brabhsáil ar an Idirlíon.

Tá Feidhmchláir in ann teacht ó Bhailiúchán Philips TV nó ón Google Play™ Store. Tá roinnt Feidhmchlár praiticiúil réamhshuiteáilte ar do theilifís.

Chun feidhmchláir a shuiteáil ó Bhailiúchán Philips TV nó ón Google Play™ Store , ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon. Ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide chun feidhmchláir ó Bhailiúchán Philips TV a úsáid. Ní mór duit síniú isteach le Cuntas Google chun na feidhmchláir Google Play agus Google Play™ Store a úsáid.

## 8.2 Google Play

### Scannáin agus teilifís

Le Google Play Movies & TV , is féidir leat scannáin nó cláir teilifíse a thógáil amach ar cíos nó a cheannach.

A bhfuil de dhíth ort
• ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
• ní mór duit síniú isteach le do Chuntas Google ar an Teilifís
• cuir cárta creidmehasa le do Chuntas Google chun scannáin agus clár teilifíse a cheannach

Chun scannán nó clár teilifíse a thógáil amach ar cíos nó a cheannach…

1 - Brúigh HOME.
2 - Roghnaigh Google Play Movies & TV.
3 - Roghnaigh scannán nó clár teilifíse agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh an t-earra atá uait agus brúigh OK. Treorófar tríd an bpróiseas ceannacháin tú.

Chun féachaint ar scannán nó clár teilifíse atá ar cíos nó ceannaithe…

1 - Brúigh HOME.
2 - Roghnaigh Google Play Movies & TV.
3 - Roghnaigh an scannán nó an clár teilifíse ó do leabharlann san fheidhmchlár, roghnaigh an teideal agus brúigh OK.
4 - Is féidir leat úsáid a bhaint as na heochracha ■ (stop), ⏸ (cuir ar sos), ◀◀ (atochras) nó ▶▶ (mearchasadh) ar an gcianrialtán.
5 - Chun an feidhmchlár Movies & TV a stopadh, brúigh ← BACK arís agus arís eile nó brúigh TV EXIT.

Mura bhfuil an Feidhmchlár ar do scáileán Baile, is féidir leat é a chur ann tríd an leathanach Feidhmchláir nó trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár Cuir feidhmchlár leis an liosta ceanán ar ró na bhfeidhmchlár Ceanán. Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

### Ceol

Is féidir leat an ceol is ansa leat a sheinnt ar an teilifís le Google Play Music.

Is féidir leat ceol nua a cheannach ar do ríomhaire nó ar do ghléas soghluaiste le Google Play Music. Nó is féidir leat liostaáil le All Access ar do theilifís, an suibscríbhinn do Google Play Music. Mar rogha air sin, is féidir leat an ceol ar leat é cheana féin agus atá stóráilte ar do ríomhaire a sheinnt.

A bhfuil de dhíth ort
• ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
• ní mór duit síniú isteach le do Chuntas Google ar an Teilifís
• cárta creidmheasa a chur ar do Chuntas Google chun suibscríbhinn ceoil a thógáil

Chun Google Play Music a thosú…

1 - Brúigh HOME.
2 - Roghnaigh Google Play Music.
3 - Roghnaigh an ceol atá uait agus brúigh OK.
4 - Chun an feidhmchlár Ceoil a stopadh, brúigh ← BACK arís agus arís eile nó brúigh TV EXIT.

Mura bhfuil an Feidhmchlár ar do scáileán Baile, is féidir leat é a chur ann tríd an leathanach Feidhmchláir nó trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár Cuir feidhmchlár leis an liosta ceanán ar ró na bhfeidhmchlár Ceanán. Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

## Cluichí

Is féidir leat cluichí a imirt ar an teilifís le Google Play Games. Ar líne nó as líne.

Is féidir leat an cluiche atá á imirt ag do chairde faoi láthair a fheiceáil nó páirt a ghlacadh. Is féidir leat a bhfuil bainte amach agat a thaifeadadh nó tosú ón áit ar chríochnaigh tú an uair dheireanach.

A bhfuil de dhíth ort
• ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
• ní mór duit síniú isteach le do Chuntas Google ar an Teilifís
• cárta creidmheasa a chur ar do Chuntas Google chun cluichí nua a cheannach

Tosaigh an feidhmchlár Google Play Games cluiche nua a roghnú agus a shuiteáil ar do theilifís. Tá roinnt cluichí in aisce. Taispeánfar teachtaireacht má tá ceap stiúrtha ag teastáil chun an cluiche a imirt.

Chun Google Play Games a thosú nó a stopadh…

1 - Brúigh HOME.
2 - Roghnaigh Google Play Games.
3 - Roghnaigh cluiche le himirt nó roghnaigh cluiche nua le suiteáil agus brúigh OK.
4 - Nuair atá tú réidh, brúigh ← BACK arís agus arís eile nó brúigh TV EXIT nó is féidir leat an feidhmchlár a stopadh leis an gcnaipe.

Mura bhfuil an Feidhmchlár ar do scáileán Baile, is féidir leat é a chur ann tríd an leathanach Feidhmchláir nó trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár Cuir feidhmchlár leis an liosta ceanán ar ró na bhfeidhmchlár Ceanán. Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

## Google Play Store

Is féidir leat feidhmchláir nua a íoslódáil agus a shuiteáil ón Google Play™ Store . Tá roinnt feidhmchlár in aisce.

A bhfuil de dhíth ort
• ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
• ní mór duit síniú isteach le do Chuntas Google ar an Teilifís
• cuir cárta creidmheasa le do Chuntas Google chun feidhmchláir nua a cheannach

Chun feidhmchlár nua a shuiteáil…

1 - Brúigh HOME.
2 - Roghnaigh Google Play Store agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh an mhír a bhfuil uait é a shuiteáil agus brúighOK.
4 - Chun an Google Play Store a dhúnadh, brúigh ← BACK arís agus arís eile nó brúigh TV EXIT.

Rialuithe Tuismitheora

Is féidir leat feidhmchláir a cheilt sa Google Play™ Store , ag brath ar aibíocht na n-úsáideoirí/na gceannaitheoirí. Ní mór duit cód PIN a chur isteach chun an leibhéal aibíochta a roghnú nó a athrú.

Chun an rialú tuismitheora a shocrú…

1 - Brúigh HOME.
2 - Roghnaigh Google Play Store agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh Socruithe > Rialaithe Tuismitheora.
4 - Roghnaigh an leibhéal aibíochta atá uait.
5 - Cuir isteach an cód PIN nuair a iarrtar é.
6 - Chun an Google Play Store a dhúnadh, brúigh ← BACK arís agus arís eile nó brúigh TV EXIT.

Mura bhfuil an Feidhmchlár ar do scáileán Baile, is féidir leat é a chur ann tríd an leathanach Feidhmchláir nó trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár Cuir feidhmchlár leis an liosta ceanán ar ró na bhfeidhmchlár Ceanán. Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

## Íocaíochtaí

Chun íocaíocht Google Play a dhéanamh ar an teilifís, ní mór duit cineál íocaíochta a shonrú – cárta creidmheasa (lasmuigh de na Stáit Aontaithe) – ar do Chuntas Google. Nuair a cheannaíonn tú scannán nó clár teilifíse, déanfar tú a mhuirearú ar an gcárta creidmheasa seo.

Chun cárta creidmheasa a chur leis an liosta…

1 - Téigh go dtí accounts.google.com agus sínigh isteach leis an gCuntas Google a mbainfidh tú úsáid as le Google Play ar an Teilifís.
2 - Téigh go dtí wallet.google.com chun cárta a chur le do Chuntas Google.
3 - Cuir isteach sonraí do chárta creidmheasa agus glac leis na téarmaí agus na coinníollacha.

8.3
# Feidhmchlár a Thosú nó a Stopadh

Is féidir leat feidhmchlár a thosú ón scáileán Baile.

Chun feidhmchlár a thosú…

1 - Brúigh HOME.
2 - Scrolláil síos chuig ró na bhfeidhmchlár Ceanán, roghnaigh an feidhmchlár atá uait agus brúigh OK.

3 - Chun feidhmchlár a stopadh, brúigh ← BACK nó brúigh 📺 EXIT nó is féidir leat an feidhmchlár a stopadh leis an gcnaipe.

Nuair atá tú ag oscailt an scáileán Baile, stopfaidh an feidhmchlár/an t-inneachar atá á seinnt sa chúlra. Ní mór duit an feidhmchlár nó an t-inneachar a roghnú ón scáileán Baile chun atosú.

8.4

# Glasáil Feidhmchláir

## Maidir le Glasanna Feidhmchlár

Is féidir leat glas a chur ar fheidhmchláir nach bhfuil feiliúnach do leanaí. Is féidir leat glas a chur ar fheidhmchláir ó Bhailiúchán Philips TV a bhfuil rátáil 18+ orthu nó próifíl shrianta a shocrú ar an roghchlár Baile.

18+

Iarrfaidh an glas feidhmchláir 18+ ort cód PIN a chur isteach nuair a dhéanann tú iarracht feidhmchlár a bhfuil rátáil 18+ air a thosú. Níl an glas seo bailí ach d'fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ orthu ó Bhailiúchán Philips TV.

Próifíl shrianta

Is féidir leat próifíl shrianta a shuiteáil don roghchlár Baile nach bhfuil fáil uirthi ach na feidhmchláir a cheadaíonn tú. Ní mór cód PIN a chur isteach chun an phróifíl shrianta a shuiteáil agus a chasadh air.

Google Play Store - Aibíocht

Is féidir leat feidhmchláir a cheilt sa Google Play™ Store , ag brath ar aibíocht na n-úsáideoirí/na gceannaitheoirí. Ní mór duit cód PIN a chur isteach chun an leibhéal aibíochta a roghnú nó a athrú. Beidh na feidhmchláir atá ar fáil le haghaidh a suiteála ag brath ar an leibhéal aibíochta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in Cabhair, roghnaigh Eochairfhocail agus déan cuardach do Google Play Store.

## Cuir glas ar fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ orthu.

Is féidir leat glas a chur ar fheidhmchláir ó Bhailiúchán Philips TV a bhfuil rátáil 18+ orthu. Rialaíonn an socrú seo an socrú 18+ i Socruithe Príobháideachta Bhailiúchán Philips TV.

Chun fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ orthu a ghlasáil…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Glas Leanaí, roghnaigh Glas Feidhmchlár.
3 - Roghnaigh Air.
4 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Próifíl Shrianta

Maidir le Próifíl Shrianta

Is féidir leat srian a chur ar fheidhmchláir áirithe tríd an teilifís a athrú go próifíl shrianta. Ní thaispeánfaidh an roghchlár Baile ach na feidhmchláir atá ceadaithe agat. Teastaíonn cód PIN uait chun athrú amach as an bpróifíl shrianta.

Nuair atá an teilifís athraithe go próifíl shrianta ní féidir leat…

• Feidhmchláir a aimsiú nó a oscailt má tá siad marcáilte mar Dícheadaithe
• Rochtain a fháil ar an Google Play™ Store
• Rudaí a cheannach trí Google Play Movies & TV, ná Google Play Games
• Úsáid a bhaint as feidhmchláir tríú páirtí nach n-úsáideann an síniú isteach Google

Nuair atá an teilifís athraithe go próifíl shrianta, is féidir leat…

• Féachaint ar ábhar atá tógtha amach ar cíos cheana féin nó ceannaithe ó Google Play Movies & TV
• Cluichí atá ceannaithe agus suiteáilte cheana féin Google Play Games a imirt.
• Rochtain a fháil ar na socruithe seo a leanas: Líonra Wi-Fi, Caint agus Inrochtaineacht
• Oiriúintí Bluetooth a chur leis an liosta

Fanfaidh an Cuntas Google ar an teilifís logáilte isteach. Ní athraíonn úsáid próifíle srianta an Cuntas Google.

Suiteáil

Chun an phróifíl shrianta a shuiteáil…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Socruithe Android agus brúigh OK.
3 - Brúigh ⌄ (síos) agus roghnaigh Pearsanta > Slándáil & sriantaí agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Próifíl Shrianta agus brúigh OK.
5 - Roghnaigh Socruithe agus brúigh OK.
6 - Cuir isteach cód PIN leis an gcianrialtán.
7 - Roghnaigh Feidhmchláir ceadaithe agus brúigh OK.
8 - I liosta na bhfeidhmchláir atá ar fáil, roghnaigh feidhmchlár agus brúigh OK chun an feidhmchlár seo a cheadú nó gan é a cheadú.
9 - Brúigh ← BACK chun dul siar céim amháin nó brúigh 📺 EXIT chun an roghchlár a dhúnadh.

Is féidir leat an phróifíl shrianta a chur isteach anois.

Is féidir leat an cód PIN a athrú i gcónaí leis an gcód PIN nó an liosta feidhmchlár atá ceadaithe nó nach bhfuil ceadaithe a athrú.

### Iontráil

Chun an phróifíl shrianta a iontráil (athraigh go)…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Android** agus brúigh **OK**.
3 - Brúigh ∨ (síos) agus roghnaigh **Pearsanta** > **Slándáil & sriantaí** agus brúigh **OK**.
4 - Roghnaigh **Iontráil próifíl shrianta** agus brúigh **OK**.
5 - Cuir isteach cód PIN leis an gcianrialtán.
6 - Brúigh ← **BACK** chun dul siar céim amháin nó brúigh **EXIT** chun an roghchlár a dhúnadh.

Taispeánfar deilbhín ar an scáileán Baile má théann tú isteach i bpróifíl shrianta. Scrolláil síos chuig ⚙ **Socruithe** agus scrolláil ar dheis ar fad.

### Scrios

Chun an phróifíl shrianta a scriosadh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Android** agus brúigh **OK**.
3 - Brúigh ∨ (síos) agus roghnaigh **Pearsanta** > **Slándáil & sriantaí** agus brúigh **OK**.
4 - Roghnaigh **Scrios próifíl shrianta** agus brúigh **OK**.
5 - Cuir isteach an cód PIN. Scriosfaidh an teilifís an phróifíl shrianta.

## 8.5 Bainistigh Feidhmchláir

Má stopann tú feidhmchlár agus má fhilleann tú ar an roghchlár Baile, níl an feidhmchlár stoptha. Tá an feidhmchlár beo sa chúlra i gcónaí. Ní mór don chuid is mó d'fheidhmchláir roinnt sonraí a shábháil i gcuimhne thaisce na teilifíse chun feidhmiú go maith. D'fhéadfadh sé a bheith inmholta feidhmchlár a stopadh ar fad nó sonraí taisce feidhmchláir faoi leith a ghlanadh chun feidhmíocht feidhmchlár ar an iomlán a optamú agus chun úsáid chuimhne a choinneáil íseal ar do Android TV. Anuas air sin, is é an cleachtas is fearr feidhmchláir nach bhfuil in úsáid agat a dhíshuiteáil.

Chun an liosta feidhmchlár atá íoslódáiltea agus feidhmchlár córais a oscailt…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Android** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Gléas** > **Feidhmchláir** agus brúigh **OK**.
4 - Roghnaigh feidhmchlár agus brúigh **OK**. Má tá an feidhmchlár ar siúl i gcónaí, is féidir leat iallach a chur air stopadh nó is féidir leat na sonraí taisce a ghlanadh. Is féidir leat na feidhmchláir atá íoslódáilte agat a dhíshuiteáil.
5 - Brúigh ← **BACK** chun dul siar céim amháin nó brúigh **EXIT** chun an roghchlár a dhúnadh.

Má tá Diosca Crua USB á úsáid agat chun feidhmchláir a stóráil, is féidir leat an feidhmchlár a bhogadh ón Diosca Crua USB go dtí cuimhne na teilifíse nó vice versa.

## 8.6 Stóráil

Is féidir leat féachaint ar an méid spáis stórála – cuimhne inmheánach na teilifíse – atá á úsáid agat do d'fheidhmchláir, físeáin, ceol, etc, agus ar an méid spáis atá saor i gcónaí agat chun feidhmchláir nua a shuiteáil. Seiceáil do stóráil má tá d'fheidhmchláir mall nó mura bhfuil siad ag obair i gceart.

Chun an méid stórála atá á úsáid agat a fheiceáil…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Android** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Gléas** > **Stóráil & athshocraigh** agus brúigh **OK**.
4 - Féach ar úsáid stórála chuimhne na teilifíse.
5 - Brúigh ← **BACK** chun dul siar céim amháin nó brúigh **EXIT** chun an roghchlár a dhúnadh.

### Diosca Crua USB

Má nascann tú Diosca Crua USB, is féidir leat an diosca crua a úsáid chun síneadh a chur le cuimhne na teilifíse chun go mbeidh tú in ann tuilleadh feidhmchláir a stóráil. Déanfaidh an teilifís iarracht na feidhmchláir nua a stóráil ar an Diosca Crua USB i dtosach. Tá roinnt feidhmchláir ann nach bhfuil ceadaithe iad a stórail ar Dhiosca Crua USB.

### Déan roinnt spáis stórála a shaoradh

Nuair a fhaigheann tú an teachtaireacht ón gclár teilifíse go bhfuil an “Spáis stórála íseal…”, téigh go ⌂ **HOME** > **Socruithe** > **Bainistigh feidhmchláir**chun spás stórála a shaoradh trí roinnt feidhmchláir a bhaint as nó iad a stórail go seachtrach.

9

# Idirlíon

9.1

## Tosaigh an tIdirlíon

Is féidir leat an tIdirlíon a bhrabhsáil ar do theilifís. Is féidir leat féachaint ar aon suíomh gréasáin ar an Idirlíon ach níl an chuid is mó acu feiliúnach do scáileán na teilifíse.

• Tá roinnt breiseán (m.sh. chun féachaint ar leathanaigh nó ar fhíseáin) nach bhfuil ar fáil ar do theilifís.
• Ní féidir leat comhaid a sheoladh nó a íoslódáil.
• Taispeántar leathanaigh Idirlín mar leathanach amháin ag aon am amháin agus líonann siad an scáileán.

Chun brabhsálaí Idirlín a thosú…

1 - Brúigh ⌂ HOME.
2 - Roghnaigh **Feidhmchláir** > **Brabhsálaí Idirlín** agus brúigh **OK**.
3 - Cuir isteach seoladh Idirlín agus roghnaigh ✓, brúigh **OK**.
4 - Chun an tIdirlíon a dhúnadh, brúigh ⌂ HOME nó TV EXIT.

*Tabhair faoi deara: Mura bhfuil **Brabhsálaí Idirlín** ar ró na bhfeidhmchlár Ceanán, is féidir leat an deilbhín + a bhrú ag deireadh an chainéil chun an feidhmchlár a chur leis an liosta.

9.2

## Roghanna ar an Idirlíon

Tá roinnt breiseán ar fáil don Idirlíon.

Chun na breiseáin a oscailt…

1 - Nuair atá an suíomh gréasáin oscailte agat, brúigh + OPTIONS.
2 - Roghnaigh ceann de na míreanna agus brúigh **OK**.
3 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Cuir isteach Seoladh

Chun seoladh nua Idirlín a chur isteach

### Taispeáin Ceanáin

Chun féachaint ar na leathanaigh a mharcáil tú mar cheanáin.

### Athlódáil Leathanach

Chun leathanach Idirlín a lódáil arís.

### Zúmáil Leathanach

Úsáid an barra sleamhnáin chun an céatadán zúmála a shocrú.

### Faisnéis Slándála

Chun féachaint ar leibhéal slándála an leathanaigh reatha.

### Marcáil mar Cheanán

Chun an leathanach reatha a mharcáil mar cheanán

### Fotheidil

Chun fotheidil a roghnú más ann dóibh.

# 10 Roghchlár na teilifíse

## 10.1 Maidir le Roghchlár na teilifíse

Murar féidir an teilifís a nascadh leis an Idirlíon, is féidir leat **Roghchlár na teilifíse** a úsáid mar do roghchlár Baile.

Tá gach feidhm teilifíse ar fáil ar Roghchlár na teilifíse.

## 10.2 Oscail Roghchlár na teilifíse

Chun Roghchlár na teilifíse a oscailt agus mír a oscailt…

1 - Brúigh chun Roghchlár na teilifíse a oscailt.
2 - Roghnaigh mír agus brúigh **OK** chun é a oscailt nó a thosú.
3 - Brúigh ← **BACK** chun Roghchlár na teilifíse a dhúnadh gach aon rud a thosú.

# 11 Naisc, Liosta

## 11.1 Athraigh go gléas

Is féidir leat athrú go dtí aon cheann de na gléasanna nasctha ón liosta Foinsí. Is féidir leat athrú go tiúnóir chun féachaint ar theilifís, ábhar Mhéaróg Chuimhne USB nasctha a oscailt nó féachaint ar na taifeadtaí atá déanta agat ar Dhiosca Crua USB. Is féidir leat athrú go dtí do ghléasanna nasctha, mar shampla glacadóir digiteach nó seinnteoir Diosca Blu-ray, chun féachaint ar a gclár.

Chun athrú go gléas nasctha…

1 - Brúigh SOURCES chun an roghchlár Foinsí a oscailt.
2 - Roghnaigh ceann amháin de na míreanna sa liosta foinsí agus brúigh OK. Taispeánfaidh an teilifís an clár nó ábhar an ghléis.
3 - Brúigh SOURCES arís chun an roghchlár a dhúnadh.

Seinn Aon-Iarrachta

Nuair atá an teilifís i bhfuireachas, is féidir leat seinnteoir diosca a chasadh air le cianrialtán do theilifíse.
Chun an seinnteoir diosca agus an teilifís a chasadh air ó fhuireachas agus an diosca a sheinnt láithreach, brúigh ▶ (seinn) ar chianrialtán na teilifíse. Ní mór don ghléas a bheith nasctha le cábla HDMI agus ba cheart go mbeadh HDMI CEC casta air ar an teilifís agus ar an ngléas araon.

## 11.2 Roghanna d'ionchur teilifíse

Tairgeann roinnt gléasanna ionchur teilifíse socruithe sonracha.

Chun na roghanna a shocrú d'ionchur teilifíse sonrach…

1 - Brúigh SOURCES .
2 - Roghnaigh an t-ionchur teilifíse sa liosta agus brúigh OK.
3 - Brúigh + OPTIONS. Is féidir leat na roghanna a shocrú don ionchur teilifíse atá roghnaithe anseo.
4 - Brúigh + OPTIONS arís chun an roghchlár Roghanna a dhúnadh.

Roghanna féideartha…

Rialuithe

Is féidir leat an gléas nasctha a oibriú le cianrialtán na teilifíse leis an rogha seo. Ní mór don ghléas a bheith nasctha le cábla HDMI agus ba cheart go mbeadh HDMI CEC casta air ar an teilifís agus ar an ngléas araon.

Eolas Gléis

Oscail an rogha seo chun féachaint ar eolas faoin ngléas nasctha.

## 11.3 Ainm agus Cineál Gléis

Nuair a nascann tú gléas nua leis an teilifís agus nuair a bhraitheann an teilifís an gléas, is féidir leat an deilbhín a fheileann don ghléas a thabhairt air. Má nascann tú gléas le cábla HDMI agus HDMI CEC, braithfidh an teilifís an cineál gléis go huathoibríoch agus tabharfar deilbhín cuí don ghléas.

Cinneann an cineál gléis stíl an phictiúir agus na fuaime, luachanna gléine, socruithe sainiúla nó an suíomh laistigh den roghchlár Foinsí. Ní gá imní a bheith ort faoi na socruithe is fearr.

Athainmnigh nó Athraigh Cineál

Is féidir leat i gcónaí ainm nó cineál gléis nasctha a athrú. Déan cuardach don deilbhín + ar thaobh na láimhe deise d'ainm an ghléis sa roghchlár Foinsí. Tá roinnt foinsí ionchuir teilifíse ann nach gceadaíonn athrú ainm.

Chun an cineál gléis a athrú…

1 - Roghnaigh an gléas sa roghchlár Foinsí.
2 - Brúigh + OPTIONS.
3 - Brúigh ← BACK chun an méarchlár ar an scáileán a chur i bhfolach.
4 - Brúigh ∨ (síos) chun gach cineál gléis atá ar fáil a aimsiú. Roghnaigh an cineál atá uait agus brúigh OK.

5 - Má tá uait an cineál gléis a athshocrú go dtí an cineál nascóra a bhí ann ag an tús, roghnaigh Athshocraigh agus brúigh OK.
6 - Roghnaigh Dún agus brúigh OK chun an roghchlár seo a dhúnadh.

Chun ainm an ghléis a athrú…

1 - Roghnaigh an gléas sa roghchlár Foinsí.
2 - Brúigh + OPTIONS.
3 - Brúigh ← BACK chun an méarchlár ar an scáileán a chur i bhfolach.
4 - Úsáid an méarchlár ar chúl an chianrialtáin chun an t-ainm reatha a scriosadh agus ceann nua a chur isteach.
5 - Má tá uait ainm an ghléis a athshocrú go dtí an t-ainm a bhí ar an nascóir ag an tús, roghnaigh Athshocraigh agus brúigh OK.
6 - Roghnaigh Dún agus brúigh OK chun an roghchlár seo a dhúnadh.

11.4
# Ríomhaire

Má nascann tú ríomhaire, molaimid duit ainm ceart an chineál gléis a thabhairt sa roghchlár Foinse don nasc a bhfuil an ríomhaire nasctha air. Má athraíonn tú do Ríomhaire ansin sa roghchlár Foinse, socrófar an teilifís go dtí an socrú Ríomhaire is fearr go huathoibríoch.

Chun an teilifís a shocrú go dtí an socrú is fearr a fheileann…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Pictiúr agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Ardsocruithe > Ríomhaire.
4 - Roghnaigh Air nó As.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

# 12
# Socruithe

## 12.1
## Socruithe Minice

Cuachtar na socruithe is minice a úsáidtear sa roghchlár Socruithe Minice.

Chun an roghchlár a oscailt…

1 - Brúigh ⚙.
2 - Roghnaigh an socrú a bhfuil uait é a shuiteáil agus brúighOK.
3 - Brúigh ← BACK, mura bhfuil uait aon rud a athrú.

## 12.2
## Pictiúr

### Stíl Phictiúir

#### Roghnaigh Stíl

Chun an pictiúr a choigeartú go héasca, is féidir leat Stíl Pictiúir réamhshainithe a roghnú.

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ⚙.
2 - Roghnaigh Stíl Pictiúir, agus roghnaigh ceann de na stíleanna sa liosta.
3 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna atá ar fáil…

• Pearsanta - Na roghanna pictiúir a shocraíonn tú i rith na chéad suiteála.
• Gléineach - Feiliúnach d'fhéachaint i rith an lae
• Nádúrtha - Socruithe pictiúir nádúrtha
• Caighdeánach - An socrú is fearr ó thaobh choigilt fuinnimh - Socrú réamhshainithe
• Scannán - Feiliúnach d'fhéachaint ar scannáin
• Grianghraf - Feiliúnach d'fhéachaint ar ghrianghraif
• Cluiche - Feiliúnach do chluichíocht
• ISF Lá - Do Chalabrú ISF
• ISF Oíche - Do Chalabrú ISF

The styles for HDR content are…

• HDR Personal
• HDR Gléineach
• HDR Nádúrtha
• HDR Standard
• HDR Scannán
• HDR Photo
• ISF Day
• ISF Night
• HDR Cluiche

#### Stíl a Shaincheapadh

Stóráltar aon socrú pictiúir a athraíonn tú, cosúil le Dath nó Codarsnacht, sa Stíl Pictiúir atá roghnaithe faoi láthair. Ligeann sé duit gach stíl a shaincheapadh. Is é an stíl Pearsanta an t-aon stíl atá in ann a socruithe a shábháil le haghaidh gach foinse sa roghchlár Foinsí.

#### Stíl a Aisghabháil

Nuair atá Stíl Pictiúir roghnaithe agat, is féidir leat aon socrú pictiúir a athrú in Gach Socrú > Pictiúr…

Stórálfaidh an stíl atá roghnaithe na hathruithe atá déanta agat. Molaimid na socruithe pictiúir don stíl Pearsanta amháin a athrú. Tá an Stíl Pictiúir - Pearsanta in ann a socruithe a shábháil do gach foinse indibhidiúl sa roghchlár Foinsí.

Chun an stíl a aisghabháil chuig an socrú bunaidh a bhí aici…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ⚙.
2 - Roghnaigh Stíl Pictiúir, agus roghnaigh an Stíl Pictiúir a bhfuil uait é a chur ar ais.
3 - Brúigh an eochair datha — Aisghabh Stíl, agus brúigh OK. Aisghabhtar an stíl.
4 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

#### Baile nó Siopa

Má athraítear an Stíl Pictiúir ar ais go Gléineach gach uair a chasann tú air an teilifís, socrófar suíomh na teilifíse go Siopa. Socrú é seo a bhaineann le tionsncaimh shiopa.

Chun an teilifís a shocrú d'úsáid sa Bhaile…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Socruithe Ginearálta agus brúigh > chun an roghchlár a oscailt..
3 - Roghnaigh Suíomh > Baile.
4 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Socruithe pictiúir

#### Dath

Is féidir leat sáithiú datha an phictiúir a athrú le Dath.

Chun an dath a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Pictiúr agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Dath agus brúigh > (deas).

4 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Codarsnacht

Is féidir leat codarsnacht an phictiúir a choigeartú le **Codarsnacht**.

Chun an codarsnacht athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Codarsnacht** agus brúigh › (deas).
4 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Géire

Is féidir leat an leibhéal géire i mionsonraí an phictiúir a athrú le **Géire**.

Chun an ghéire a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Géire** agus brúigh › (deas).
4 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Codarsnacht, Gile

Is féidir leat leibhéal gile an chomhartha pictiúir a shocrú le **Gile**.

Chun an ghéire a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Gile** agus brúigh › (deas).
4 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Ardsocruithe Pictiúr

### Ríomhaire

Má nascann tú ríomhaire, molaimid duit ainm ceart an chineál gléis a thabhairt sa roghchlár Foinse don nasc a bhfuil an ríomhaire nasctha air. Má athraíonn tú do **Ríomhaire** ansin sa roghchlár Foinse, socrófar an teilifís go dtí an socrú Ríomhaire is fearr go huathoibríoch.

Chun an teilifís a shocrú go dtí an socrú is fearr a fheileann…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Ríomhaire**.
4 - Roghnaigh **Air** nó **As**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Socruithe Datha

### Breisiú Datha

Is féidir leat déine dathanna agus na sonraí i ndathanna geala a bhreisiú le **Breisiú Datha**.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Dath** > **Breisiú Datha**.
4
- Roghnaigh **Uasmhéid**, **Meánach**,, **Íosmhéid** nó **As**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Teocht Datha

Is féidir leat an pictiúr a athrú go teocht datha réamhshocraithe le **Teocht Datha** nó **Saincheaptha** a roghnú chun socrú teochta a shocrú tú féin le **Teocht Datha Saincheaptha**. Is do shainúsáideoirí atá Teocht datha agus Teocht datha shaincheaptha dírithe.

Chun luach réamhshainithe a roghnú …

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Dath** > **Teocht Datha**.
4 - Roghnaigh **Normálta**, **Teolaí** nó **Fionnuar**. Nó

roghnaigh **Saincheaptha** má tá uait teocht datha a shaincheapadh tú féin.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Teocht Datha Shaincheaptha

Is féidir leat teocht datha a shocrú tú féin le **Teocht Datha Saincheaptha**. Chun Teocht datha saincheaptha a shocrú, roghnaigh **Saincheaptha** ar dtús sa roghchlár Teocht Datha. Is do shainúsáideoirí atá Teocht Datha Saincheaptha dírithe.

Chun teocht datha saincheaptha a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Dath** > **Teocht Datha Saincheaptha**.
4 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú. Seasann WP do phointe bán agus BL do leibhéal dubh. Is féidir leat freisin ceann de na luachanna réamhshainithe a roghnú sa roghchlár seo.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Socruithe Rialú Datha

### Rialú Datha ISF

Is féidir le saineolaí ISF atáirgeadh dathanna na teilifíse a chalabrú le **Rialú Datha ISF**. Sainsocrú ISF é Rialú Datha.

Bain an leas is fearr as do thaispeáint teilifíse le **Calabrúchán ISF®**. Is féidir leat iarraidh ar shaineolaí calabrúcháin ISF cuairt a thabhairt ar do theach agus an teilifís a shocrú go dtí an socrú pictiúir is fearr. Is féidir le saineolaí an Calabrú ISF a shocrú d'Ambilight. Iarr ar do dheileálaí Calabrú ISF a dhéanamh.

Is iad na tairbhí a bhaineann le Calabrúchán…

• soiléire agus géire pictiúir níos fearr
• sonraí níos fearr i gcodanna geala agus dorcha den íomhá
• dubhanna níos doimhne agus níos dorcha
• glaineacht agus cáilíocht níos fearr dathanna
• tomhaltas fuinnimh níos lú

Stórálann agus glasálann an saineolaí Calabraithe ISF na socruithe ISF mar dhá stíl pictiúir.
Nuair atá an Calabrú ISF déanta, brúigh ⚙ agus roghnaigh **Stíl Pictiúir** agus roghnaigh **ISF Lá** nó **ISF Oíche**. Roghnaigh **ISF Lá**chun féachaint ar theilifís i rith choinníollacha solais ghil nó roghnaigh ISF Oíche nuair atá sé dorcha.

### Lí

Chun luach **Lí** a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Dath** > **Rialú datha**.
4 - Roghnaigh **Lí**, agus brúigh ❯ (deas).
5 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú.
6 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Sáithiú

Chun an luach **Sáithiú** a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Dath** > **Rialú datha.**
4 - Roghnaigh **Sáithiú**, agus brúigh ❯ (deas).
5 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú.
6 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Athshocraigh Gach Luach

Is féidir leat gach luach a athrú ar ais go dtí na luachanna réamhshocraithe le **Athshocraigh Gach Luach**.

Chun gach luach a athshocrú sa roghchlár **Rialú Datha** …

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Dath** > **Rialú datha**.
4 - Roghnaigh **Athshocraigh gach socrú**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Mód RGB Amháin ISF

Sainsocrú é **Mód RGB Amháin** chun athrú go dathanna RGB. Chun luachanna a athrú sa roghchlár **Mód RGB Amháin**, socraigh **ISF Lá** nó **ISF Oíche** i dtosach sa roghchlár Stíl PIctiúir.

Chun luach **Mód RGB Amháin** a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh ❯ (deas) chun

an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Ardsocruithe > Dath > Mód RGB Amháin.
4 - Roghnaigh Dearg, Uaine, Gorm, nó As chun mód RGB a chasadh as.
5 - Brúigh (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Socruithe Codarsnachta

### Móid Codarsnachta

Is féidir leat an leibhéal ag ar féidir tomhaltas cumhachta a laghdú trí ghile an scáileáin a mhaolú a shocrú le Mód Codarsnachta. Roghnaigh é seo chun an tomhaltas cumhachta is fearr a fháil nó an pictiúr leis an déine is fearr.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh , roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Pictiúr agus brúigh (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3
- Roghnaigh Ardsocruithe > Codarsnacht > Mód Codarsnachta.
4 - Roghnaigh Caighdeánach, Cumhacht is fearr, Pictiúr is fearr, nó As.
5 - Brúigh (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Uas-scálú HDR

Is féidir leat gile agus codarsnacht an phictiúir a threisiú le Uas-scálú HDR. Tá an pictiúr i bhfad níos gile agus tá an leibhéal codarsnachta idir codanna geala agus dorcha níos airde. Fanann na dathanna saibhir agus sáithithe le Uas-scálú HDR. Is féidir leat Uas-scálú HDR a chasadh air nó as.

Má tá tú ag féachaint ar chláir HDR - cláir a taifeadadh in HDR - ní gá uas-scálú go HDR agus ní bheidh fáil ar an socrú uas-scálú HDR . Is féidir leis an teilifís cláir HDR a sheinnt ó nasc HDMI, ó fhoinse Idirlín nó ó ghléas cuimhne USB nasctha.

Chun uas-scálú HDR a chasadh air nó as…

1 - Brúigh , roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Pictiúr agus brúigh (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3
- Roghnaigh Ardsocruithe > Codarsnacht > Uas-scálú HDR.
4 - Roghnaigh Air nó As.
5 - Brúigh (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Codarsnacht Fhoirfe

Is féidir leat an leibhéal ag a bhfeabhsaíonn an teilifís sonraí i limistéir dhorcha, láir agus gheala an phictiúir go huathoibríoch a shocrú le Codarsnacht Fhoirfe.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh , roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Pictiúr agus brúigh (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3
- Roghnaigh Ardsocruithe > Codarsnacht > Perfect Contrast.
4
- Roghnaigh Uasmhéid, Meánach,, Íosmhéid nó As.
5 - Brúigh (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Codarsnacht Físe

Is féidir leat raon na codarsnachta físe a laghdú le Codarsnacht Físe.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh , roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Pictiúr agus brúigh (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3
- Roghnaigh Ardsocruithe > Codarsnacht > Codarsnacht Físe.
4 - Brúigh na saigheada (suas) nó (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Braiteoir Solais

Athraíonn an Braiteoir Solais na socruithe pictiúr go huathoibríoch go dtí coinníollacha solais an tseomra. Is féidir leat an Braiteoir Solais a chasadh air nó as.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh , roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Pictiúr agus brúigh (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3
- Roghnaigh Ardsocruithe > Codarsnacht > Braiteoir Solais.
4 - Roghnaigh Air nó As.
5 - Brúigh (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Gáma

Is féidir leat socrú neamhlíneach a shocrú do lonras agus codarsnacht pictiúr le **Gáma**. Is do shainúsáideoirí atá an socrú gáma dírithe.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3
- Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Codarsnacht** > **Gáma**.
4 - Brúigh na saigheada ˄ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Socruithe Géire

### Ultra Resolution

Casann tú géire ar ardchaighdeán air i gcás ciumhaiseanna línte agus imlínte le **Ultra Resolution**.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Géire** > **Ultra Resolution**.
4 - Roghnaigh **Air** nó **As**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Géire, laghdú torainn

Is féidir leat leibhéal torann na híomhá a scagadh amach agus a laghdú le **Laghdú Torainn**.

Chun an laghdú torainn a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Géire** > **Laghdú Torainn**.
4
- Roghnaigh **Uasmhéid**, **Meánach**,, **Íosmhéid** nó **As**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Géire, Laghdú Déantán MPEG

Is féidir leat na trasdulta digiteacha sa phictiúr a shlíomadh le **Laghdú Déantáin MPEG**. Is mar bhloic bheaga nó mar chiumhaiseanna eangacha in íomhánna is minicí a fheictear déantáin MPEG.

Chun na déantáin MPEG a laghdú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Géire** > **Laghdú Déantán MPEG**.
4
- Roghnaigh **Uasmhéid**, **Meánach**,, **Íosmhéid** nó **As**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Socruithe Gluaisne

### Perfect Natural Motion

Is féidir leat an creathán gluaisne a bhíonn le feiceáil i scannáin ar an teilifís a laghdú le **Perfect Natural Motion**. Déanann Perfect Natural Motion aon ghluaiseacht mín agus líofa.

Chun an creathán gluaisne a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Gluaisne** > **Perfect Natural Motion**.
4
- Roghnaigh **Uasmhéid**, **Meánach**,, **Íosmhéid** nó **As**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Clear LCD

Is féidir leat géire gluaisne ar ardchaighdeán, leibhéal duibh níos fearr, ardchodarsnacht le híomhá chiúin agus saor ó chaochaíl agus uillinn amhairc níos mó a chasadh air le **Clear LCD**.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Pictiúr** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Gluaisne** > **Clear LCD**.
4 - Roghnaigh **Air** nó **As**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun

an roghchlár a dhúnadh.

## Formáid Phictiúir

### Bunúsach

Mura bhfuil an pictiúr ag líonadh an scáileáin ar fad, má tá barraí dubha ar taispeáint ag barr nó ag bun an scáileáin nó ar an dá thaobh, is féidir leat an pictiúr a athrú chun an scáileán a líonadh ar fad.

Chun ceann de na bunsocruithe a roghnú chun an scáileán a líonadh…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ⌨ (má tá fáil air ar do chianrialtán) nó brúigh ⚙.
2 - Roghnaigh Formáid Pictiúir > Líon Scáileán, Cuir in oiriúint don scáileán nó Scáileán leathan.
3 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.
• Líon Scáileán – méadaíonn sé an pictiúr go huathoibríoch chun an scáileán a líonadh. Is beag díchumadh pictiúir atá ann agus bíonn na fotheidil le feiceáil i gcónaí. Níl sé feiliúnach d'ionchur ó ríomhaire. Tá roinnt formáidí pictiúr foircneacha in ann barraí dubha a thaispeáint i gcónaí.
• Cuir in Oiriúint don Scáileán – zúmálann sé an pictiúr isteach go huathoibríoch chun an scáileán a líonadh gan díchumadh. D'fhéadfadh barraí dubha a bheith le feiceáil. Níl sé feiliúnach d'ionchur ó ríomhaire.
• Scáileán Leathan – déanann sé an pictiúir a zúmáil go scáileán leathan go huathoibríoch.

### Ardsocruithe

Mura bhfuil an dá bhunsocrú in ann an pictiúr a fhormáidiú ar an gcaoi atá uait, is féidir leat na hardsocruithe a úsáid. Athraíonn tú formáid do phictiúir de láimh ar do scáileán leis na hardsocruithe.

Is féidir leat an pictiúr a zúmáil, a shíneadh agus a aistriú go dtí go dtaispeánann sé a bhfuil uait – e.g. fotheidil ar iarraidh nó meirgí téacs scrollála. Má dhéanann tú an pictiúr a fhormáidiú le haghaidh Foinse ar leith – cosúil le consól cluiche nasctha – is féidir leat filleadh ar an socrú seo an chéad uair eile a úsáideann tú an consól cluiche. Stórálann an teilifís an socrú deireanach a rinne tú do gach nasc.

Chun an pictiúr a fhormáidiú de láimh…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ⌨ (má tá fáil air ar do do chianrialtán) nó brúigh ⚙.
2 - Roghnaigh Ardsocruithe agus brúigh OK.
3 - Úsáid Aistriú , Zúmáil, Sín nó Bunaidh chun an pictiúr a athrú.
4 - Mar rogha air sin, roghnaigh Socrú Deireanach agus brúigh OK chun athrú ar ais go dtí an fhormáid a bhí stóráilte agat cheana.
5 - Nó roghnaigh Cealaigh chun filleadh go dtí an socrú pictiúir a bhí ann nuair a d'oscail tú Formáid Pictiúir.
• Aistriú – Roghnaigh na saigheada chun an pictiúr a aistriú. Ní féidir leat an pictiúr a aistriú ach amháin nuair atá sé zúmáilte isteach.
• Zúmáil – Roghnaigh na saigheada chun zúmáil isteach.
• Sín – Roghnaigh ar na saigheada chun an pictiúr a shíneadh go hingearach nó go cothrománach.
• Cealaigh – Roghnaigh chun filleadh go dtí an fhormáid pictiúir ar thosaigh tú léi.
• Bunaidh – Taispeánann sé formáid bhunaidh an phictiúir atá ag teacht isteach. Is formáid 1:1 picsil ar phicsil í seo. Is mód saineolaíoch é seo d'ionchur HD agus PC.

## Mear-Socrú Fuaime

Shocraigh tú roinnt socruithe pictiúir go héasca i rith na chéad suiteála. Is féidir leat na céimeanna sin a dhéanamh arís le Mear-Socrú Phictiúir. Cinntigh gur féidir leis an teilifís tiúináil go dtí cainéal teilifíse nó go bhfuil sé in ann clár a thaispeáint ó ghléas nasctha.

Chun an pictiúr a shocrú i gcéimeanna éasca…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Pictiúr agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Mear-Socrú Pictiúir.
4 - Roghnaigh Tosaigh. Úsáid na heochracha nascleanúna chun do rogha a dhéanamh.
5 - Ar deireadh roghnaigh Críochnaigh.
6 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

12.3
# Fuaim

## Stíl Fuaime

### Roghnaigh Stíl

Is féidir leat socrú réamhshainithe a roghnú le Stíl Fuaime chun an fhuaim a athrú go héasca.

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ⚙.
2 - Roghnaigh Fuaim agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Stíl Fuaime, agus roghnaigh ceann de na stíleanna sa liosta.
4 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna atá ar fáil…

• Pearsanta - Na roghanna fuaime a shocraíonn tú an

chéad uair a chasann tú air í.
• **Bunaidh** - An socrú fuaime is neodraí
• **Scannán** - Feiliúnach d'fhéachaint ar scannáin
• **Ceol** - Feiliúnach do cheol
• **Cluiche** - Feiliúnach do chluichíocht

• **Nuacht** - Feiliúnach do chaint

### Stíl a Aisghabháil

Agus Stíl Fuaime roghnaithe agat, is féidir leat aon socrú fuaime a athrú in **Suiteáil** > **Fuaim**…

Stórálfaidh an stíl atá roghnaithe na hathruithe atá déanta agat. Molaimid na socruithe fuaime a athrú don stíl **Pearsanta** amháin. Is féidir leis an Stíl Fuaime - Pearsanta a socruithe a shábháil do gach foinse indibhidiúl sa roghchlár Foinsí.

Chun an stíl a aisghabháil chuig an socrú bunaidh a bhí aici…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ⚙.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Stíl Fuaime**, agus roghnaigh an Stíl Fuaime a bhfuil uait é a aisghabháil.
4 - Roghnaigh **Aisghabh Stíl**. Aisghabhtar an stíl.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Socruithe Fuaime

### Dord

Is féidir leat leibhéal ton íseal san fhuaim a athrú le **Dord**.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Dord** agus brúigh › (deas).
4 - Brúigh na saigheada ˄ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Tribil

Is féidir leat an leibhéal ton ard san fhuaim a athrú le **Faoi Thrí**.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Faoi Thrí** agus brúigh › (deas).
4 - Brúigh na saigheada ˄ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Airde fuaime na gCluasán

Is féidir leat socrú ar leith a dhéanamh d'airde fuaime cluasán nasctha le **hAirde Fuaime na gCluasán**.

Chun an airde fuaime a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Airde fuaime na gCluasán**.
4 - Brúigh na saigheada ˄ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Airde Fuaime Fo-Dhordaire

Má nascann tú fo-dhordaire Bluetooth gan sreang, is féidir leat airde fuaime an fho-dhordaire a ardú beagán nó a ísliú beagán.

Chun an airde fuaime a athrú beagán…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Airde Fuaime Fo-Dhordaire**.
4 - Brúigh ˄ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Mód Imfhuaime

Is féidir leat éifeacht fuaime na gcallairí teilifíse a shocrú le **Mód Imfhuaime**.

Chun an modh imfhuaime a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Mód Imfhuaime**.
4 - Roghnaigh **Steiréó** nó **Incredible surround**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Lonnú Teilifíse

Mar chuid den chéad suiteáil, socraítear an socrú seo do **Ar sheastán teilifíse** nó **Gléasta ar an mBalla**. Má tá suíomh na teilifíse athraithe ó shin agat, athraigh an socrú sin dá réir le haghaidh an atáirgeadh fuaime is fearr.

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Lonnú Teilifíse**.
4 - Roghnaigh **Ar sheastán teilifíse** nó **Gléasta ar an mballa**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Ardsocruithe Fuaime

### Uath-Leibhéaladh Airde Fuaime

Is féidir leat an teilifís a shocrú chun difríochtaí tobanna san airde fuaime a leibhéaladh le **hUathleibhéaladh Airde Fuaime**. Bíonn sé sin ag teastáil go hiondúil ag tús na bhfógraí nó nuair atá tú ag athrú cainéal.

Chun casadh air nó as...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Roghnaigh **Uathleibhéaladh Airde Fuaime** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
5 - Roghnaigh **Air** nó **As**.
6 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Clear Sound

Feabhsaíonn tú an fhuaim do chaint le **Clear Sound**. Feileann sé go breá do chláir nuachta. Is féidir leat an feabhas cainte a chasadh air nó as.

Chun casadh air nó as...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Clear Sound**.
4 - Roghnaigh **Air** nó **As**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Formáid Fuaime Amach

Má tá Córas Amharclainne Baile agat a bhfuil an cumas aige fuaim ilchainéil a phróiseáil, leithéidí Dolby Digital, DTS® nó a macasamhail, athraigh an socrú don fhormáid Fuaim Amach go Ilchainéal. Ligeann an socrú Ilchainéal don teilifís an comhartha fuaime ilchainéil comhbhrúite a sheoladh ó chainéal teilifíse nó seinnteoir nasctha go dtí an Córas Amharclainne Baile. Má tá Córas Amharclainne Baile agat nach bhfuil próiseáil fuaime ilchainéil aige, roghnaigh Steiréó.

Chun an Fhormáid Fuaime Amach a shocrú...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Formáid Fuaime Amach**.
4 - Roghnaigh **Ilchainéal** nó **Steiréó**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Leibhéaladh Fuaime Amach

Úsáid an socrú Leibhéaladh Fuaime Amach chun airde fuaime (treise) na teilifíse agus an Chórais Amharclainne Baile a chothromú nuair a athraíonn tú ó cheann amháin go ceann eile. Is féidir le difríochtaí i bpróiseáil fuaime a bheith in n-údar do dhifríochtaí in airde fuaime.

Chun an difríocht san airde fuaime a leibhéaladh...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh › (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Leibhéaladh Fuaime Amach**.
4 - Má tá difríocht mhór san airde fuaime, roghnaigh **Níos Mó**. Má tá difríocht bheag san airde fuaime, roghnaigh **Níos Lú**.
5 - Brúigh ‹ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Baineann Leibhéaladh Fuaime Amach le comharthaí fuaime Fuaim Amach - Optúil agus HDMI ARC araon.

### Moill ar Fhuaim Amach

Má shocraíonn tú moill sionc Fuaime ar do Chóras Amharclainne Baile chun an fhuaim a shioncronú leis an bpictiúr, ní mór duit **Moill ar Fhuaim Amach** ar an teilifís a chasadh as.

Chun an Mhoill ar Fhuaim Amach a chasadh as...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus

brúigh OK.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Moill ar Fhuaim Amach**.
4 - Roghnaigh **As**.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Seach-chur Fuaim Amach

Murar féidir leat moill a shocrú ar an gCóras Amharclainne Baile, is féidir leat moill a shocrú ar an teilifís le **Seach-Chur Fuaime Amach**.

Chun sioncronú leis an bhfuaim ar an teilifís...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Seach-chur Fuaim Amach**.
4 - Úsáid an barra sleamhnáin chun an seach-chur fuaime a shocrú.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Callairí

### Roghnaigh do Challairí

Is féidir leat na callairí teilifíse a chasadh air nó as sa roghchlár seo. Má nascann tú Córas Amharclainne Baile nó callaire Bluetooth gan sreang, is féidir leat an gléas a sheinneann fuaim na teilifíse a roghnú. Taispeánfar gach córas callaire atá ar fáil sa liosta seo.

Má úsáideann tú nasc HDMI CEC do ghléas fuaime (cosúil le Córas Amharclainne Baile), is féidir leat EasyLink Autostart a roghnú. Casfaidh an teilifís an gléas fuaime air, seolfaidh sé fuaim na teilifíse chuig an ngléas agus casfaidh sé as callairí na teilifíse.

Chun callairí na teilifíse a shocrú...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Fuaim** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Roghnaigh **Callairí** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
5 - Roghnaigh **Air**, **As**, nó **EasyLink Autostart**.
6 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

12.4

# Socruithe Ambilight

## Ambilight, Air nó As

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Stíl Ambilight**.

## Socruithe Ambilight

### Gile Ambilight

Is féidir leat leibhéal gile an Ambilight a shocrú le **Gile** Ambilight.

Chun an leibhéal a athrú...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Gile**.
4 - Brúigh na saigheada ^ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Gile Taoibh Íochtair

Is féidir leat leibhéal gile Ambilight a shocrú ag bun na teilifíse. D'fhéadfadh bord bán Ambilight a fhrithchaitheamh an-iomarca.

Chun an leibhéal a athrú...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Gile Taoibh Íochtair**.
4 - Brúigh na saigheada ^ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Sáithiú Ambilight

Is féidir leat leibhéal sáithithe Ambilight a shocrú le **Sáithiú** Ambilight.

Chun an leibhéal a athrú...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Sáithiú**.
4 - Brúigh na saigheada ^ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.

5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Ardsocruithe Ambilight

### Dath an Bhalla

Is féidir leat tionchar balla daite ar na dathanna Ambilight a neodrú le **Dath an Bhalla**. Roghnaigh dath an bhalla taobh thiar den teilifís agus cuirfidh an teilifís na dathanna Ambilight in oiriúint dó.

Chun dath an bhalla a roghnú . . .

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Dath an Bhalla**.
4 - Sa phailéad dathanna, roghnaigh an dath a mheaitseálann dath an bhalla taobh thiar den teilifís.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Casadh As Teilifís

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun casadh as láithreach nó dul in éag go mall nuair a chasann tú as an teilifís le **Cas as teilifís**. Tugann an dul in éag mall roinnt ama duit na gnáthshoilse a chasadh air sa seomra.

Chun an chaoi a chasann Ambilight as a roghnú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Casadh As Teilifís**.
4 - Roghnaigh **Dul in éag go mall** nó **Casadh as láithreach**.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Tiúnáil ISF

Nuair a chalabraíonn saineolaí ISF an teilifís, is féidir dath statach Ambilight a chalabrú. Is féidir leat aon dath atá uait a roghnú le haghaidh a chalabraithe. Nuair a bheidh an Calabrú ISF déanta, is féidir leat an dath statach ISF a roghnú.

Chun an dath statach ISF a roghnú…

Brúigh (Ambilight) agus roghnaigh **ISF** agus brúigh **OK**.

Chun an tiúnáil ISF a mhionathrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Tiúnáil ISF** .
4 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun an tiúnáil ISF a athshocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Athshocraigh Socruithe ISF**.
4 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Ambilight + Hue

### Cumraigh

#### Céim 1 - Líonra

Sa chéad chéim seo, ullmhóidh tú an teilifís chun an **Philips Hue Bridge** a aimsiú. Ní mór don teilifís agus don Philips Hue Bridge an líonra céanna a úsáid.

Suiteáil…

1 - Nasc an Philips Hue Bridge leis an asraon cumhachta.
2 - Nasc an Philips Hue Bridge leis an ródaire céanna atá in úsáid agat don teilifís — úsáid cábla Ethernet chun nascadh.
3 - Cas air na bolgáin Hue.

Chun an cumrú a thosú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** > **Ambilight+hue**.
3 - Roghnaigh **Cumraigh**.
4 - Roghnaigh **Tosaigh** agus brúigh **OK**. Déanfaidh an teilifís cuardach don Philips Hue Bridge. Mura bhfuil an teilifís nasctha fós le do líonra, tosóidh an teilifís suiteáil an líonra i dtosach. Má thaispeántar an Philips Hue Bridge sa liosta …

téigh go Céim 2 - Hue Bridge.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi an teilifís a nascadh le do líonra baile, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Líonra, gan sreang**.

### Céim 2 - Hue Bridge

Sa chéad chéim eile, nascfaidh tú an teilifís leis an **Philips Hue Bridge**.
Ní féidir an teilifís a nascadh ach le Hue Bridge amháin.

Chun an Hue Bridge a nascadh...

1 - Nuair atá an teilifís nasctha leis an líonra, taispeánfaidh sé na Hue Bridges atá ar fáil. Murar aimsigh an teilifís do Hue Bridge fós, is féidir leat **Scan arís** a roghnú agus brúigh **OK**.
Más rud é gur aimsigh an teililfís an t-aon Hue Bridge atá agat, roghnaigh ainm an Hue Bridge agus brúigh **OK**.
Má tá níos mó ná Hue Bridge amháin ar fáil agat, roghnaigh an Hue Bridge a bhfuil uait é a úsáid agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Tosaigh** agus brúigh **OK**.
3 - Anois téigh go dtí an **Philips Hue Bridge** agus brúigh an cnaipe naisc i lár an ghléis. Nascfaidh sé sin an Hue Bridge leis an teilifís. Déan é sin laistigh de 30 soicind. Dearbhóidh an teilifís má tá Hue Bridge nasctha leis an teilifís anois.
4 - Roghnaigh **OK** agus brúigh **OK**.

Nuair atá an Philips Hue Bridge nasctha leis an teilifís, téigh go dtí an leathanach **Bolgáin Hue**.

### Céim 3 - Bolgáin Hue

Sa chéad chéim eile, roghnóidh tú na **bolgáin Philips Hue** a leanfaidh an Ambilight.
Is féidir leat 9 bolgán Philips Hue ar a mhéid a roghnú do Ambilight+hue.

Chun na bolgáin a roghnú do Ambilight+lí...

1 - Marcáil na bolgáin sa liosta nach mór dóibh Ambilight a leanúint. Chun bolgán a mharcáil, roghnaigh ainm an bholgáin agus brúigh **OK**. Nuair a marcálann tú bolgán, déanfaidh an bolgán caochaíl amháin.
2 - Nuair atá sé sin déanta agat, roghnaigh **OK** agus brúigh**OK**.

### Céim 4 - Cumraigh Bolgán

Sa chéim seo a leanas, cumróidh tú gach ceann de na **bolgáin Philips Hue**.

Chun gach bolgán Hue a chumrú ...

1 - Roghnaigh bolgán chun é a chumrú agus brúigh **OK**. Tá an bolgán a roghnaigh tú ag caochaíl.
2 - Roghnaigh **Tosaigh** agus brúigh **OK**.
3 - Tabhair le fios i dtosach an áit ar lonnaigh tú an bolgán i dtéarmaí na teilifíse. Má shocraítear an socrú **Uillinn** i gceart, seolfaidh sé an dath ceart Ambilight chuig an mbolgán. Roghnaigh an barra sleamhnán chun an suíomh a athrú.
4 - Is é an dara céim ná an **tAchar** idir an bolgán agus an teilifís a thabhairt le fios. Éiríonn an dath Ambilight níos laige nuair a lonnaítear níos faide ón teilifís é. Roghnaigh an barra sleamhnáin chun an t-achar a athrú.
5 - Ar deireadh, socraigh **Gile** an bholgáin. Roghnaigh an barra sleamhnáin chun an gile a athrú.
6 - Chun éirí as an bolgán seo a chumrú, roghnaigh **OK** agus brúigh **OK**.
7 - Sa roghchlár **Cumraigh Ambilight+hue**, is féidir leat déanamh amhlaidh do gach bolgán.
8 - Nuair atá gach bolgán Ambilight+lí cumraithe, roghnaigh **Críochnaigh** agus brúigh**OK**.

Ambilight+lí réidh le haghaidh úsáide.

### Cas as

Chun Ambilight+hue a chasadh as...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ambilight+hue**.
4 - Roghnaigh **As**, nó **Air**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Tumadh

Is féidir leat an chaoi a leanann na bolgáin Hue an Ambilight le **Tumadh**.

Chun tumadh Ambilight+hue a athrú...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ambilight+hue** > **Tumadh**.
4 - Brúigh na saigheada ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Lounge Light+hue

Má tá Ambilight+lí suiteáilte agat, is féidir leat ligint do na bolgáin hue an Solas Tolglainne ó Ambilight a leanúint. Leathnóidh na lampaí Philips Hue an éifeacht Solas Tolglainne ar fud an tseomra. Nuair a chumraíonn tú Ambilight+lí, castar na bolgáin hue air agus socraítear iad chun an Solas Tolglainne a leanúint. Mura bhfuil tú ag iarraidh go leanfaidh na bolgáin hue an Solas Tolglainne, is féidir leat na bolgáin a chasadh as.

Chun na bolgáin hue a chasadh as...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ambilight+hue** > **Lounge Light+hue**.
4 - Roghnaigh **As**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

#### Féach ar Chumraíocht

Is féidir leat féachaint ar shuiteáil reatha Ambilight+hue, an líonra, an Droichead agus na bolgáin le **Féach ar Chumraíocht**.

Chun féachaint ar chumraíocht Ambilight+hue ...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ambilight+hue** > **Féach ar Chumraíocht**.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

#### Athshocraigh Cumraíocht

Chun Ambilight+hue a athshocrú ...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Ambilight** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ambilight+hue** > **Athshocraigh Cumraíocht**. Athshocraítear an chumraíocht.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

12.5
# Éicea-Socruithe

## Tíosach ar Fhuinneamh

Cuachann **Éicea-socruithe** 🍃 na socruithe a chabhraíonn leis an gcomhshaol.

#### Tíosach ar Fhuinneamh

Má roghnaíonn tú Coigilt Fuinnimh, athraíonn an teilifís go Stíl Pictiúir - Caighdeánach go huathoibríoch, an socrú is fearr choigilt fuinnimh don phictiúr.

Chun Coigilt Fuinnimh a shocrú don teilifís...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Éicea-socruithe** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Coigilt Fuinnimh**, socraítear an **Stíl Pictiúir** do **Caighdeánach** go huathoibríoch.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Scáileán As

Mura n-éistíonn tú ach le ceol, is féidir leat scáileán na teilifíse a chasadh as chun fuinneamh a choigilt.

Chun díreach scáileán na teilifíse a chasadh as...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Éicea-socruithe** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Scáileán As**. Casfaidh an scáileán as.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun an scáileán a chur ar siúl arís, brúigh aon eochar ar an gcianrialaitheoir.

## Braiteoir Solais

Íslíonn an braiteoir ionsuite timpeallach gile an scáileán teilifíse nuair a éiríonn sé níos dorcha chun fuinneamh a shábháil. Coigeartaíonn an braiteoir ionsuite an pictiúr go huathoibríoch, in éineacht le Ambilight, do choinníollacha solais an tseomra.

Chun díreach scáileán na teilifíse a chasadh as...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Éicea-socruithe** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Braiteoir Solais**. Taispeántar an deilbhín 🍃 os cionn an **Bhraiteora Solais** nuair atá sé gníomhach.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Amadóir Casta As

Má fhaigheann an teilifís comhartha teilifíse ach mura mbrúfaidh tú méar ar an gcianrialtán i rith thréimhse 4 uair, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch chun fuinneamh a choigilt. Anuas air sin, mura bhfhaigheann an teilifís comhartha teilifíse nó ordú cianrialtáin ar feadh 10 nóiméad, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch.

Má úsáideann tú an teilifís mar mhonatóir nó má úsáideann tú glacadóir digiteach chun féachaint ar an teilifís (Bosca bairr - STB) agus mura n-úsáideann tú cianrialtán na teilifíse, ba cheart duit an socrú chun an gléas a chasadh as go huathoibríoch a dhíghníomhachtú.

Chun an tAmadóir Casta As a dhíghníomhachtú ...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Éicea-socruithe** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Amadóir Casta as**.
4 - Brúigh na saigheada ∧ (suas) nó ∨ (síos) chun an luach a athrú. Díghníomhachtóidh an luach **0** an casadh as uathoibríoch.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

12.6

# Socruithe Ginearálta

## Diosca Crua USB

Chun Diosca Crua USB a shuiteáil agus a fhormáidiú...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Diosca crua USB**
4 - Roghnaigh **Tosaigh**, ansin lean na treoracha ar an scáileán.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi Diosca Crua USB a shuiteáil, in Cabhair**Help**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Diosca Crua USB, suiteáil** nó **Suiteáil, Diosca Crua USB** .

## Socruithe Méarchláir USB

Cas air an teilifís agus nasc an méarchlár USB le ceann de na naisc USB ar an teilifís chun an méarchlár USB a shuiteáil. Nuair a bhraitheann an teilifís an méarchlár den chéad uair, is féidir leat leagan amach do mhéarchláir a roghnú agus do rogha a thástáil. Má roghnaíonn tú leagan amach méarchláir Choireallaigh nó Ghréigise ar dtús, is féidir leat leagan amach méarchláir Laidinigh a roghnú mar cheann tánaisteach.

Chun socrú leagan amach an mhéarchláir a athrú nuair a roghnaíodh leagan amach...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Socruithe Méarchlár USB** chun suiteáil an mhéarchláir a thosú.

## Gile Logó Philips

Is féidir leat gile an lógó Philips ar aghaidh na teilifíse a chasadh as nó a choigeartú.

Chun é a choigeartú nó a chasadh as...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Gile Lógó Philips**, agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Roghnaigh **Íosmhéid**, **Meánach**, **Uasmhéid**, nó **As** chun soilsiú an lógó a chasadh as.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.




## Baile nó Siopa

Má tá an teilifís lonnaithe i siopa, is féidir leat an teilifís a shocrú chun meirge promóisin siopa a thaispeáint. Déanfar an **Stíl Pictiúir** a athrú go **Gléineach** go huathoibríoch. Tá an **tAmadóir Casta** as casta as.

Chun an teilifís a shocrú le haghaidh suíomh Siopa...

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Suíomh** > **Siopa**.
4 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Má úsáideann tú an teilifís sa bhaile, athraigh suíomh na teilifíse go Baile.

## Suiteáil Siopa

Má tá an teilifís socraithe do **Shiopa**, is féidir leat fáil físeáin thaispeána faoi leith a shocrú le haghaidh a úsáide i siopa.

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Suiteáil Siopa** agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Athraigh na socruithe de réir mar a thograíonn tú.

5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## EasyLink

### EasyLink

Chun EasyLink a chasadh as go hiomlán…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **EasyLink**, brúigh ❯ (deas) agus roghnaigh **EasyLink** céim amháin eile.
4 - Roghnaigh **As**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Cianrialtán EasyLink

Chun cianrialtán EasyLink a chasadh as…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **EasyLink** > **Cianrialtán Easylink**.
4 - Roghnaigh **As**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## HDMI Ultra HD

Is féidir leis an teilifís seo comharthaí Ultra HD a thaispeáint. Tá roinnt gléasanna ann - nasctha le HDMI - nach n-aithíonn teilifís le Ultra HD agus tá an seans ann nach n-oibreoidh siad i gceart nó go mbeidh an pictiúr nó an fhuaim díchumtha. Is féidir leat cáilíocht an chomhartha a shocrú ag leibhéal a bhfuil an gléas in ann é a láimhseáil chun nach mbainfidh aon mhífheidhm leis an ngléas. Mura bhfuil an gléas ag úsáid comharthaí Ultra HD, is féidir leat Ultra HD don nasc HDMI seo a chasadh as.

Ceadaíonn an socrú **UHD 4:4:4/4:2:2** comharthaí UHD YCbCr 4:4:4 / 4:2:2. Ceadaíonn an socrú **UHD 4:2:0** comharthaí UHD YCbCr 4:2:0.

Chun cáilíocht an chomhartha a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **HDMI Ultra HD**.
4 - Roghnaigh **UHD 4:4:4/4:2:2**, **UHD 4:2:0** nó **UHD As** .
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Má tá pictiúr agus fuaim gléis atá nasctha le **HDMI 1** nó **HDMI 2**díchumtha, nasc an gléas le **HDMI 3** nó **HDMI 4** ar an teilifís seo.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Fadhbanna, HDMI** nó **Fadhbanna, Nasc HDMI**.

## Ardsocruithe

### Eolaire Teilifíse

Faigheann an t-eolaire teilifíse eolas (sonraí) ó chraoltóirí nó ón Idirlíon. D'fhéadfadh eolas eolaire teilifíse gan a bheith ar fáil i roinnt réigiún agus i gcás roinnt cainéal. Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailiú do na cainéil atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailiú do chainéil a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

Is é an réamhshocrú atá ar an teilifís maidir le heolas ná **Ón gCraoltóir**.

Má thagann eolas Eolaire Teilifíse ón Idirlíon, is féidir leis an Eolaire Teilifíse cainéil analógacha a liostáil in aice leis na cainéil dhigiteacha. Taispeánann roghchlár an Eolaire Teilifíse freisin scáileán beag taobh istigh den chainéal reatha.

#### Ón Idirlíon

Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlíon, is féidir leat an teilifís a shocrú chun eolas Eolaire Teilifíse a fháil ón Idirlíon.

Chun eolas Eolaire Teilifíse a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Eolaire Teilifíse** > **Ón Idirlíon**.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Lógónna Cainéal

Is féidir leis an teilifís logónna na gcainéal a thaispeáint i roinnt tíortha.
Mura bhfuil uait na logónna a bheith le feiceáil, is féidir leat iad a chasadh as.

Chun na lógónna a chasadh as…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Ardsocruithe** > **Lógónna Cainéil** agus

brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Roghnaigh As.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### HbbTV

Má thairgeann cainéal teilifíse leathanaigh HbbTV, ní mór duit HbbTV a chasadh air ar dtús i socruithe na teilifíse chun féachaint ar na leathanaigh.

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Socruithe Ginearálta agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Ardsocruithe > HbbTV.
4 - Roghnaigh Air nó As.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Má tá uait rochtain ar leathanaigh HbbTV a sheachaint ar chainéal ar leith, is féidir leat na leathanaigh HbbTV a bhlocáil don chainéal sin amháin.

1 - Tiúin go dtí an cainéal a bhfuil uait na leathanaigh HbbTV a bhlocáil.
2 - Brúigh + OPTIONS, roghnaigh Sár-roghanna > HbbTV ar an gCainéal seo.
3 - Roghnaigh As.

## Socruithe monarchan

Is féidir leat an teilifís a athrú ar ais go dtí na socruithe teilifse a bhí ann ó thús (na socruithe monarchan).

Chun athrú ar ais go dtí na socruithe bunaidh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Socruithe Ginearálta agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Socruithe monarchan.
4 - Roghnaigh OK.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Athshuiteáil an teilifís

Is féidir leat suiteáil iomlán teilifíse a dhéanamh arís. Déanfar an teilifís a athshuiteáil go hiomlán.

Chun suiteáil iomlán teilifíse a athdhéanamh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Socruithe Ginearálta agus roghnaigh Athshuiteáil teilifís.
3 - Lean na treoracha ar an scáileán. D'fhéadfadh an tsuiteáil roinnt nóiméad a thógáil.

12.7

# Clog, Réigiún agus Teanga

## Teanga teilifíse

Chun teanga na roghchlár agus teachtaireachtaí teilifíse a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Réigiúin agus Teanga agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Teanga > Teanga Roghchláir.
4 - Roghnaigh an teanga atá uait agus brúigh OK.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Roghanna Teanga

### Socruithe Fuaime Teanga

Is féidir le cainéil dhigiteacha teilifíse fuaim a chraoladh i gcás roinnt teangacha labhartha do chlár. Is féidir leat an phríomhtheanga fuaime agus an teanga thánaisteach fuaime is fearr leat a shocrú. Má tá fuaim ar fáil i gceann de na teangacha sin, athróidh an teilifís go dtí an fhuaim sin.

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fuaime is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fuaime eile atá ar fáil a roghnú.

Chun an phríomhtheanga agus an teanga thánaisteach fuaime a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Reigiún agus Teanga agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Teangacha > Fuaim Phríomhúil nó Fuaim Thánaisteach.
4 - Roghnaigh an teanga atá uait.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Fotheidil

### Cas As

Chun Fotheidil a chasadh air, brúigh SUBTITLE.

Is féidir leat fotheidil a chasadh Air, As nó Air i rith Balbhaithe.
Nó chun fotheidil a thaispeáint go huathoibríoch nuair nach bhfuil an clár atá á chraoladh i dteanga na tíre – an teanga atá socraithe don teilifís – roghnaigh Uathoibríoch. Taispeánfaidh an socrú seo

freisin Fotheidil go huathoibríoch nuair a bhalbhaíonn tú an fhuaim.

## Socruithe Teanga Fotheideal

Is féidir le cainéil dhigiteacha roinnt teangacha fotheideal a thairiscint do chlár. Is féidir leat príomhtheanga fotheideal agus teanga thánaisteach a shocrú d'fhotheidil. Má tá fotheidil ar fáil i gceann de na teangacha sin, taispeánfaidh an teilifís iad.

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fotheideal is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fotheideal eile atá ar fáil a roghnú.

Chun an phríomhtheanga agus teanga thánaisteach fhotheideal a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Réigiúin agus Teanga agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Teangacha > Fotheidil Phríomhúla nó Fotheidil Thánaisteacha.
4 - Roghnaigh an teanga atá uait.
5 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Fotheidil ó Théacs

Má thiúnann tú do chainéal analógach, ní mór duit na fotheidil a chur ar fáil de láimh do gach cainéal.

1 - Athraigh go dtí cainéal agus brúigh TEXT chun Téacs a oscailt.
2 - Cuir isteach uimhir an leathanaigh a bhfuil na fotheidil orthu, 888 go hiondúil.
3 - Brúigh TEXTarís chun Téacs a dhúnadh.

Má roghnaíonn tú On i roghchlár na bhFotheideal nuair atá tú ag féachaint ar chainéal analógach, taispeánfar fotheidil má tá siad ar fáil.

## Teangacha Téacs / Teilithéacs

## Leathanaigh Téacs

Chun Téacs/Teilitéacs a oscailt, brúigh TEXT, agus tú ag féachaint ar chainéil teilifíse.
Chun Téacs a dhúnadh, brúigh TEXT arís.

### Roghnaigh leathanach téacs

Chun leathanach a roghnú… . .

1 - Cuir isteach uimhir an leathanaigh leis na heochracha uimhreacha.
2 - Úsáid na heochracha saighde chun nascleanúint.
3 - Brúigh eochair datha chun ábhar atá dathchódaithe a roghnú ag bun an scáileáin.

### Foleathanaigh téacs

Tá roinnt foleathanach in ann a bheith ag leathanach téacs. Taispeántar uimhreacha na bhfoleathanach ar bharra in aice le huimhir an phríomhleathanaigh.
Chun foleathanach a roghnú, brúigh < or >.

### T.O.P. Leathanaigh téacs

Tairgeann roinnt craoltóirí Téacs T.O.P. Téacs.
Chun T.O.P. a oscailt. Leathanaigh Téacs laistigh de Théacs, brúigh + OPTIONS agus roghnaigh forbhreathnú T.O.P.

### Leathanaigh ceanán

Déanann an teilifís liosta den 10 leathanach Téacs deireanacha a d'oscail tú. Is féidir leat iad a athoscailt sa cholún Leathanaigh Téacs Ceanán.

1 - In Téacs, roghnaigh an réalta ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe clé chun colún na leathanach ceanán a thaispeáint.
2 - Brúigh ∨ (síos) nó ∧ (suas) chun uimhir leathanaigh a roghnú agus brúigh OK chun an leathanach a oscailt.
Is féidir leat an liosta a ghlanadh leis an rogha Glan Leathanaigh Cheanáin.

### Téacs a chuardach

Is féidir leat focal a roghnú agus Téacs a scanadh le haghaidh gach ásc den fhocal sin.

1 - Oscail leathanach Téacs agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh focal nó uimhir leis na méaracha saighde.
3 - Brúigh OKarís chun dul díreach go dtí an chéad ásc eile den fhocal nó den uimhir sin.
4 - Brúigh OKarís chun dul go dtí an chéad ásc eile.
5 - Chun an cuardach a stopadh, brúigh ∧ (suas) go dtí nach bhfuil aon rud roghnaithe.

### Téacs ó ghléas nasctha

Tá roinnt gléasanna atá in ann glacadh le cainéil teilifíse in ann Téacs a thairsicint chomh maith.
Chun Téacs a oscailt ó ghléas nasctha. . .

1 - Brúigh ⮊ roghnaigh an gléas agus brúigh OK.
2 - Agus tú ag féachaint ar chainéal ar an ngléas, brúigh + OPTIONS , roghnaigh Taispeáin eochracha an ghléis agus roghnaigh an eochair ▤ agus brúighOK.
3 - Brúigh ← BACK chun na heochracha gléis a chur i bhfolach.
4 - Chun Téacs a dhúnadh, brúigh ← BACK arís.

### Téacs (Ríocht Aontaithe amháin)

Tairgeann roinnt craoltóirí teilifíse digití Téacs Digiteach nó teilifís idirghníomhach ar a gcainéil dhigiteacha teilifíse. Áirítear leis seo gnáth-Théacs a úsáidtear leis na heochracha uimhreacha, dathanna agus nascleanúna chun roghanna a dhéanamh agus chun bogadh.

Chun Téacs Digiteach a dhúnadh, brúigh ← BACK.

## Roghanna Téacs

Brúigh + OPTIONS in Téacs/Teilitéacs chun na rudaí seo a leanas a roghnú…

• Reoigh leathanch
Chun rothlú uathoibríoch fo-leathanach a stopadh
• Déscáileán / Scáileán iomlán
Chun an cainéal teilifíse agus Téacs a thaispeáint in aice a chéile.
• Forbhreathnú ar T.O.P. overview
Chun T.O.P. a oscailt. Téacs.
• Méadaigh
Chun an leathanach Téacs a mhéadú le go mbeidh sé éasca é a léamh.
• Nochtaigh
Chun eolas atá i bhfolach ar an leathanach a thaispeáint.
• Timthriall Fo-leathanach
Chun fo-leathanaigh a thimthriall nuair atá fáil orthu.
• Teanga
Chun an grúpa carachtar a mbaineann Téacs úsáid astu chun taispeáint i gceart a athrú.
• Téacs 2.5
Chun Téacs 2.5 a ghníomhachtú le haghaidh tuilleadh dathanna agus grafaicí níos fearr.

## Téacs a Shuiteáil

### Teanga théacs

Tá roinnt teangacha Téacs ar fáil ag roinnt craoltóirí teilifíse digití.
Chun do theanga Téacs phríomhúil agus tánaisteach a shocrú. . .

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Réigiúin agus Teanga** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Teanga** > **Príomhthéacs** nó **Téacs Tánaisteach**.
4 - Roghnaigh na teangacha Téacs is fearr leat.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Téacs 2.5

Má tá sé ar fáil, tairgeann Text 2.5 níos mó dathanna agus grafaicí níos fearr. Gníomhachtaítear Téacs 2.5 mar ghnáthshocrú monarchan.
Chun Téacs 2.5 a chasadh as…

1 - Brúigh **TEXT**.
2 - Nuair atá Téacs/Teilitéacs oscailte ar an scáileán, brúigh **+OPTIONS**.
3 - Roghnaigh **Téacs 2.5** > **As**.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

# Clog

## Dáta agus Am

### Uathoibríoch

Is é **Uathoibríoch** an socrú caighdeánach do chlog na teilifíse. Is as faisnéis craolta UTC - Am Uilíoch Comhordaithe a thagann an t-eolas ama.

Mura bhfuil an clog ceart, is féidir leat clog na teilifíse a athrú go **Ag Brath ar an Tír**. I gcás roinnt tíortha, is féidir leat crios ama sonrach a roghnú nó seach-chur ama a shocrú. I gcás roinnt tíortha agus roinnt oibritheoirí líonra, cuirtear na socruithe cloig i bhfolach chun socrú cloig míchruinn a sheachaint.

Chun clog na teilifíse a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Reigiún agus Teanga** agus roghnaigh **Clog** > **Mód Uath-Chloig**.
3 - Roghnaigh **Uathoibríoch** nó **Ag Brath ar an Tír**.
4 - Brúigh ❮ (clé) chun dul siar céim amháin.

### Treoirleabhar

Mura dtaispeánann aon cheann de na socruithe uathoibríocha an t-am go cruinn, is féidir leat an t-am a shocrú de láimh.

Mar sin féin, má sceidealaíonn tú taifeadtaí ón Eolaire Teilifíse, molaimid duit gan an t-am agus an dáta a athrú de láimh. I gcás roinnt tíortha agus roinnt oibritheoirí líonra, cuirtear na socruithe cloig i bhfolach chun socrú cloig míchruinn a sheachaint.

Chun an clog a shocrú de láimh (má tá sé ar fáil)…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Reigiún agus Teanga** agus roghnaigh **Clog** > **Mód Uath-Chloig** agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh **De láimh** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ❮ (clé) agus roghnaigh **Dáta** nó **Am**.
5 - Brúigh ⌃ (suas) nó ⌄ (síos) chun an luach a athrú.
6 - Brúigh ❮ (clé) chun dul siar céim amháin.

### Crios Ama

I gcás roinnt tíortha, is féidir leat criosanna ama sonracha a roghnú chun clog na teilifíse a shocrú go cruinn.

Chun an crios ama a shocrú (má tá sé ar fáil)…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Réigiún agus Teanga** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.

3 - Roghnaigh **Clog** > **Crios Ama**.
4 - Is féidir leat crios ama a roghnú nó seach-chur ama a shocrú chun clog na teilifíse a cheartú ag brath ar an tír a bhfuil tú i do chónaí inti.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Uaineadóir Codlata

Is féidir leat an teilifís a shocrú chun athrú go dtí an staid fuireachais go huathoibríoch tar éis tréimhse ama shainiúil leis an **Amadóir Codlata**.

Chun an tAmadóir Codlata a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Réigiún agus Teanga** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Clog** > Uaineadóir Codlata.
4 - Is féidir leat an t-am a shocrú ar feadh suas le 180 nóiméad in eatraimh de 5 nóiméad leis an mbarra sleamhnáin. Má shocraítear go 0 nóiméad é, castar an t-amadóir codlata as. Is féidir leat i gcónaí do theilifís a chasadh as níos luaithe nó an t-am a athshocrú i rith an chomhairimh síos.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Méarchlár Cianrialtáin

Chun méarchlár an chianrialtáin a shocrú go Azerty…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Réigiún agus Teanga** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Méarchlár Cianrialtáin**.
4 - Roghnaigh **Azerty** nó **Qwerty**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

# 12.8 Rochtain Uilíoch

## Cas As

Nuair atá **Inrochtaineacht Uilíoch** casta air, ullmhaítear an teilifís dóibh siúd atá bodhar, a bhfuil lagú éisteachta orthu, dall nó a bhfuil lagú amhairc orthu.

### Cas air

Murar chas tú **Rochtain Uilíoch** air i rith na suiteála, is féidir leat é a chasadh air sa roghchlár **Rochtain Uilíoch**.
Chun Inrochtaineacht a chasadh air…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Rochtain Uilíoch** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Rochtain Uilíoch** céim amháin eile.
4 - Roghnaigh **Air**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Lagú Éisteachta

Craolann roinnt cainéal teilifíse digití fuaim agus fotheideal speisialta atá curtha in oiriúint dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu nó do dhaoine atá bodhar. Nuair atá **Lagú Éisteachta** casta air, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí an fhuaim agus na fotheidil atá curtha in oiriúint, más ann dóibh. Sular féidir leat **Lagú Éisteachta**, a chasadh air, ní mór duit **Rochtain Uilíoch**a chasadh air.

Chun **Lagú éisteachta** a chasadh air…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Rochtain Uilíoch** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Lagú éisteachta** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Roghnaigh **Air**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Lagú amhairc

### Cas As

Tá cainéil teilifíse dhigiteacha in ann tráchtaireacht speisialta fuaime a chraoladh a chuireann síos ar a bhfuil ag tarlú ar an scáileán.
Ní mór duit **Cur síos Fuaime** a chasadh air i dtosach sular féidir leat an fhuaim agus na héifeachtaí dóibh siúd a bhfuil lagú amhairc acu a shocrú.
Chomh maith leis sin, sular féidir leat **Cur síos Fuaime** a chasadh air, ní mór duit **Rochtain Uilíoch** a chasadh air sa roghchlár suiteáil.

Cuirtear tráchtaireacht tráchtaire leis an ngnáthfhuaim nuair atá **Cur síos Fuaime** casta air.
Chun an tráchtaireacht a chasadh air (más ann di)…

Chun **Cur síos Fuaime** a chasadh air…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Rochtain Uilíoch** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Cur síos Fuaime** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
4 - Roghnaigh **Cur síos Fuaime** céim amháin eile
5 - Roghnaigh **Air**.
6 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun

an roghchlár a dhúnadh.

### Fuaim Mheasctha

Is féidir leat airde fuaime na gnáthfuaime a mheascadh leis an tráchtaireacht fuaime.

Chun an airde fuaime a mheascadh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Rochtain Uilíoch** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Cur Síos Fuaime** > **Airde Fuaime Mheasctha**.
4 - Brúigh na saigheada ˄ (suas) nó ˅ (síos) chun an luach a athrú.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Éifeacht Fuaime

Is féidir éifeachtaí breise a bheith ar fáil le roinnt tráchtaireachta fuaime, cosúil le steiréó nó fuaimeanna ag dul in éag.

Chun **Éifeachtaí Fuaime** a chasadh air (má tá siad ar fáil)…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Rochtain Uilíoch** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Cur Síos Fuaime** > **Éifeachtaí Fuaime**.
4 - Roghnaigh **Air**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Caint

I gcás cainte, tá an tráchtaireacht fuaime in ann fotheidil a stóráil do na focail a labhraítear.

Chun na fotheidil seo a chasadh air (má tá siad ar fáil) . . .

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Rochtain Uilíoch** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Cur Síos Fuaime** > **Caint**.
4 - Roghnaigh **Tuairisciúil** nó **Fotheidil**.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

12.9
# Glas Leanaí

## Rátáil Tuismitheora

Chun íosaois chun féachaint ar chláir rátáilte a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Glas Leanaí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Rátáil Tuismitheora** , agus roghnaigh ceann de na haoiseanna sa liosta.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

## Glas Feidhmchláir

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Ghlas feidhmchláir**.

## Socraigh Cód / Athraigh Cód

Úsáidtear an PIN Glais Leanaí chun cainéil nó cláir a ghlasáil nó a dhíghlasáil.

Chun an cód glais a shocrú nó chun an cód reatha a athrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Glas Leanaí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Socraigh Cód nó Athraigh Cód** .
4 - Cuir isteach cód a bhfuil 4 digit ann. Má tá cód socraithe cheana féin, cuir isteach an cód Glais Leanaí reatha agus ansin cuir isteach an cód nua faoi dhó.
5 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Tá an cód nua socraithe.

**An bhfuil do chód PIN Glais Leanaí dearmadtha agat?**

Má tá do chód PIN dearmadtha agat, is féidir leat an cód reatha a scoitheadh agus ceann nua a chur isteach.

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Glas Leanaí** agus brúigh ❯ (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh **Athraigh Cód**.
4 - Cuir isteach an cód sáraitheach **8888**.
5 - Anois cuir isteach cód PIN Glais Leanaí nua agus cuir isteach arís é chun é a dhearbhú.
6 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun

an roghchlár a dhúnadh.

Tá an cód nua socraithe.

13

# Meáin

13.1

## Ó Nasc USB

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghaif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg chuimhne USB nó diosca crua USB nasctha.

Agus an teilifís casta air agat, plugáil isteach méaróg chuimhne USB nó Diosca Crua USB i gceann de na naisc USB. Braithfidh an teilifís an gléas agus tabharfaidh sé liosta de do chomhaid Meán.

Mura dtaispeánfar an liosta comhad go uathoibríoch…

1 - Brúigh SOURCES, roghnaigh USB agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Gléasanna USB agus brúigh (deas) chun do chomhaid a bhrabhsáil sa struchtúr fillteáin atá eagraithe agat ar an tiomántán.
3 - Chun éirí as físeáin, grianghraif agus ceol a sheinnt, brúigh EXIT.

Rabhadh:

Má dhéanann tú iarracht clár a chur ar sos nó é a thaifeadadh nuair atá Diosca Crua USB, iarrfaidh an teilifís ort an Diosca Crua USB a fhormáidiú. Scriosfaidh an formáidiú seo gach comhad reatha ar an Diosca Crua USB.

13.2

## Ó Ríomhaire nó NAS

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó ríomhaire nó ó NAS (Stórás atá Ceangailte le Líonra) i do líonra baile.

Ní mór don teilifís agus don ríomhaire nó NAS a bheith sa líonra baile céanna. Ní mór duit Bogearraí Freastalaí Meán a shuiteáil ar do ríomhaire nó do NAS. Ní mór do do Fhreastálaí Meán a bheith socraithe chun comhaid a roinnt leis an teilifís. Taispeánfaidh an teilifís do chomhaid agus d'fhillteáin mar a eagraíonn an Freastálaí Meán iad nó mar atá siad struchtúrtha ar do ríomhaire nó NAS.

Ní thacaíonn an teilifís le fotheidil ar shruthanna físe ó ríomhaire nó NAS.

Má thacaíonn an Freastálaí Meán le cuardach do chomhaid, beidh réimse cuardaigh ar fáil.

Chun na comhaid ar do ríomhaire a bhrabhsáil nó a sheinnt…

1 - Brúigh SOURCES, roghnaigh Líonra agus brúigh OK.
2 - A luaithe is a nasctar gléas SimplyShare, cuirtear ainm an ghléis a nascadh in áit an mhír SimplyShare Devices.
3 - Is féidir leat do chuid comhad a bhrabhsáil agus a sheinnt.
4 - Chun éirí as físeáin, grianghraif agus ceol a sheinnt, brúigh EXIT.

13.3

## Ó Sheirbhís Stórála sa Néal

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif nó ceol nó físeáin atá uaslódáilte agat ar sheirbhís stórála a sheinnt sa néal ar líne*.

Leis an bhfeidhmchlár Cloud Explorer is féidir leat nascadh le Seirbhísí Óstála sa Néal. Is féidir leat do logáil isteach agus do phasfhocal a úsáid chun nascadh.

1 - Brúigh HOME.
2 - Scrolláil síos agus roghnaigh Feidhmchláir > Cloud Explorer agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh an tseirbhís óstála atá uait.
4 - Nasc agus sínigh isteach don tseirbhís óstála le do logáil isteach agus do phasfhocal.
5 - Roghnaigh an grianghraf nó an físeán a bhfuil uait é a sheinnt agus brúigh OK.
6 - Brúigh (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

* Seirbhís stórála cosúil le Dropbox™.

13.4

## Roghchlár Ceanán, Is mó Éilimh, a Seinneadh go deireanach

Féach ar chomhaid ceanáin

1 - Brúigh SOURCES, roghnaigh USB agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Gléasanna USB agus roghnaigh Ceanáin.
3 - Is féidir leat féachaint ar gach comhad ceanáin sa liosta.

Féach ar na comhaid is mó éilimh

1 - Brúigh SOURCES, roghnaigh USB agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Gléasanna USB agus roghnaigh Is mó éilimh.
3 - Brúigh OK chun féachaint ar chomhaid sa liosta nó brúigh OPTIONS chun liosta na gcomhad is mó éilimh a ghlanadh.

Féach ar na comhaid a seinneadh go deireanach

1 - Brúigh SOURCES, roghnaigh USB agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Gléasanna USB agus

roghnaigh ▶ A seinneadh go deireanach.
3 - Brúigh **OK** chun féachaint ar chomhaid sa liosta nó brúigh + OPTIONS chun liosta na gcomhad a seinneadh go deireanach a ghlanadh.

13.5
# Seinn do chuid Físeán

### Barra Rialuithe

Chun an barra rialuithe a thaispeáint nó a chur i bhfolach nuair atá físeán á sheinnt, brúigh ⓘ INFO*.




1 - Barra dul chun cinn
2 - Barra rialuithe athsheanma
- ⏮ : Téigh go dtí an físeán roimhe sin i bhfillteán
- ⏭ : Téigh go dtí an chéad fhíseán eile i bhfillteán
◀◀ : Atochras
▶▶ : Mearchasadh
⏸ : Cuir an athsheinm ar sos

3 - Marcáil mar cheanáin
4 - Seinn gach físeán
5 - Fotheideal: cas fotheidil Air, As nó Air i rith Balbhaithe.
6 - Fotheideal teanga: roghnaigh Fotheideal teanga
7 - Teanga fuaime: roghnaigh teanga fuaime
8 - Athsheinn go randamach: seinn do chomhaid in ord randamach.
9 - Athsheinn: seinneann sé gach físeán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach

* Má tá an eochair ⓘ INFO ar fáil ar do chianrialtán

13.6
# Féach ar do chuid Grianghraif

### Barra Rialuithe

Chun an barra rialuithe a thaispeáint nó a chur i bhfolach nuair atá taispeántas sleamhnán ag seinnt, brúigh ⓘ INFO*.




1 - Barra rialuithe athsheanma
- ⏮ : Téigh go dtí an grianghraif roimhe sin i bhfillteán
- ⏭ : Téigh go dtí an chéad ghrianghraif eile i bhfillteán
⏸ : Cuir athseinm an taispeántais sleamhnán ar sos

2 - Marcáil mar cheanáin
3 - Tosaigh taispeántas sleamhnán
4 - Rothlaigh an grianghraif
5 - Athsheinn go randamach: seinn do chomhaid in ord randamach.
6 - Athsheinn: seinneann sé gach físeán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.
7 - Stad an ceol atá á sheinnt sa chúlra.
8 - Socraigh luas an taispeántais sleamhnán.

* Má tá an eochair ⓘ INFO ar fáil ar do chianrialtán

13.7
# Seinn do Cheol

### Barra Rialuithe




1 - Barra dul chun cinn
2 - Barra rialuithe athsheanma
- ⏮ : Téigh go dtí an ceol roimhe sin i bhfillteán
- ⏭ : Téigh go dtí an chéad cheol eile i bhfillteán
◀◀ : Atochras
▶▶ : Mearchasadh
⏸ : Cuir an athsheinm ar sos

3 - Marcáil mar cheanáin

4 - Seinn gach ceol
5 - Athsheinn go randamach: seinn do chomhaid in ord randamach.
6 - Seinn Arís: seinneann sé gach ceol san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.

14

# Eolaire Teilifíse

14.1

## A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat liosta de na cláir reatha agus iad siúd atá sceidealta ar do chainéil a fheiceáil leis an Eolaire Teilifíse. Taispeánfar cainéil analógacha agus dhigiteacha nó cainéil dhigiteacha amháin, ag brath ar cé as atá eolas (sonraí) an eolaire teilifíse ag teacht. Ní bhíonn eolas Eolaire Teilifíse ag gach cainéal.

Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailiú do na cainéil atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailiú do chainéil a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

14.2

## Sonraí Eolaire Teilifíse

Faigheann an t-eolaire teilifíse eolas (sonraí) ó chraoltóirí nó ón Idirlíon. D'fhéadfadh eolas eolaire teilifíse gan a bheith ar fáil i roinnt réigiún agus i gcás roinnt cainéal. Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailiú do na cainéil atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailiú do chainéil a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

Is é an réamhshocrú atá ar an teilifís maidir le heolas ná Ón gCraoltóir.

Má thagann eolas Eolaire Teilifíse ón Idirlíon, is féidir leis an Eolaire Teilifíse cainéil analógacha a liostáil in aice leis na cainéil dhigiteacha. Taispeánann roghchlár an Eolaire Teilifíse freisin scáileán beag taobh istigh den chainéal reatha.

### Ón Idirlíon

Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlíon, is féidir leat an teilifís a shocrú chun eolas Eolaire Teilifíse a fháil ón Idirlíon.

Chun eolas Eolaire Teilifíse a shocrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh Gach socrú agus brúigh OK.
2 - Roghnaigh Socruithe Ginearálta agus brúigh > (deas) chun an roghchlár a oscailt.
3 - Roghnaigh Ardsocruithe > Eolaire Teilifíse > Ón Idirlíon agus brúigh OK.
4 - Brúigh < (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

### Taifeadtaí ar iarraidh

Nuair is cosúil go bhfuil roinnt taifeadtaí imithe ón liosta taifeadtaí, d'fhéadfadh eolas (sonraí) an eolaire teilifíse a bheith athraithe. Ní bhíonn taifeadtaí a dhéantar leis an socrú Ón gCraoltóir infheicthe sa liosta má athraíonn tú an socrú go Ón Idirlíon nó an bealach eile thart. D'fhéadfadh an teilifís a bheith athraithe go Ón Idirlíon go huathoibríoch.
Chun na taifeadtaí a chur ar fáil sa liosta taifeadtaí, athraigh go dtí an socrú a bhí roghnaithe nuair a rinneadh na taifeadtaí.

14.3

## An Eolaire Teilifíse a Úsáid

### Oscail an Eolaire Teilifíse

Chun an t-eolaire teilifíse a oscailt, brúigh ☷TV GUIDE. Taispeánfaidh an tEolaire Teilifís cainéil an tiúnóra atá roghnaithe.

Brúigh ☷ TV GUIDE arís chun dúnadh.

Déanann an teilifís scanadh ar gach cainéal teilifíse le haghaidh eolas cláir an chéad uair a osclaíonn tú an tEolaire Teilifíse. D'fhéadfadh sé seo roinnt nóiméad a thógáil. Stóráltar sonraí an Eolaire Teilifíse ar an teilifís.

### Tiúin do Chlár

Is féidir leat tiúnáil go clár reatha ón Eolaire Teilifíse.

Chun athrú go dtí an clár (cainéal), roghnaigh an clár agus brúigh OK.

#### Féach ar shonraí cláir

Chun sonraí an chláir atá roghnaithe a thaispeáint…

1 - Brúigh + OPTIONS, agus roghnaigh Roghanna.
2 - Roghnaigh Eolas Cainéil agus brúigh OK.
3 - Brúigh ← BACK chun dúnadh.

### Athraigh an Lá

Tá an tEolaire Teilfíse in ann na cláir atá sceidealaithe do na laethanta atá romhainn a thaispeáint (uasmhéid de 8 lá).

1 - Brúigh ☷ TV GUIDE.
2 - Roghnaigh Anois agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh an lá atá uait.

## Meabhrúchán a Shocrú

Is féidir leat meabhrúchán a shocrú do chlár. Tabharfaidh teachtaireacht rabhadh duit ag tús an chláir. Is féidir leat tiúnáil go dtí an cainéal sin láithreach.

Marcáltar clár a bhfuil meabhrúchán air le ⏰ (clog).san Eolaire teilifíse.

Chun meabhrúchán a shocrú…

1 - Brúigh ☰ **TV GUIDE** agus roghnaigh clár atá le craoladh go gairid.
2 - Brúigh + **OPTIONS**.
3 - Roghnaigh **Socraigh Meabhrúchán** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun meabhrúchán a ghlanadh…

1 - Brúigh ☰ **TV GUIDE** agus roghnaigh clár a bhfuil meabhrúchán air.
2 - Brúigh + **OPTIONS**.
3 - Roghnaigh **Glan Mmeabhrúchán** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

## Cuardaigh de réir Seánra

Má tá an t-eolas ar fáil, is féidir leat cláir sceidealaithe a aimsiú de réir seánra cosúil le scannáin, spóirt, srl.

Chun cuardach a dhéanamh do chláir de réir seánra…

1 - Brúigh ☰ **TV GUIDE**.
2 - Úsáid na heochracha nascleanúna chun ⋮ a roghnú i lár an scáileáin agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Déan Cuardach de réir Seánra** agus brúigh **OK**.
4 - Roghnaigh an seánra atá uait agus brúigh **OK**. Taispeánfar liosta leis na cláir a aimsíodh.
5 - Brúigh ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

## Socraigh Taifeadadh

Is féidir leat taifeadadh a shocrú san Eolaire Teilifíse*.

Marcáltar clár atá le taifeadadh san Eolaire teilifíse le ⏰ .

Chun clár a thaifeadadh…

1 - Brúigh ☰ **TV GUIDE** agus roghnaigh clár atá á chraoladh faoi láthair nó atá le craoladh sa todhchaí.
2 - Brúigh + **OPTIONS**, roghnaigh **Taifead**.
3 - Brúigh ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

* Féach ar an gcaibidil **Taifeadadh agus Cuir Teilifís ar Sos** chun tuilleadh eolais a fháil.

15
# Taifeadadh agus Cuir Teilifís ar Sos

15.1
## Taifeadadh

### A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digití a thaifeadadh agus féachaint air níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a thaifeadadh, teastaíonn na nithe seo a leanas uait…

• Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilifís seo
• cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
• chun eolais faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán
• socrú cloig teilifíse iontaofa. Má athshocraíonn tú clog na teilifíse de láimh, d'fhéadfadh na taifeadtaí teipeadh.

Ní féidir leat taifeadadh nuair atá Cuir an Teilifís ar Sos in úsáid agat.

Maidir le reachtaíocht cóipchirt a fhorfeidhmiú, is féidir le roinnt soláthróirí DVB srianta éagsúla a chur i bhfeidhm trí theicneolaíocht DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach) a úsáid. I gcás cainéil chosanta a chraoladh, d'fhéadfadh srian a bheith ar thaifeadadh, ar bhailíocht taifead nó ar an líon amharc. D'fhéadfadh cosc iomlán a bheith ar thaifeadadh. Sa chás go ndéantar iarracht craoladh cosanta a thaifeadadh nó taifead éagtha a athsheinnt, seans go dtaispeánfaí teachtaireacht earráide.

Tabhair faoi deara:
Is do chraoladh teilifíse amháin an fheidhm taifeadta. Ní féidir inneachar a thaifeadadh ó ghléasanna seachtracha (e.g. HDMI).

### Clár a Thaifeadadh

#### Taifead Anois

Chun an clár a bhfuil tú ag féachaint air anois a thaifeadadh, brúigh ● (Taifead) ar an gcianrialtán. Tosóidh an taifeadadh láithreach.

Chun taifeadadh a stopadh, brúigh ■ (Stop).

Nuair atá sonraí ón Eolaire Teilifíse ar fáil, taifeadfar an clár a bhfuil tú ag féachaint air ón nóiméad a bhrúigh an eochair taifeadta go dtí go dtagann deireadh leis an gclár. Mura bhfuil aon sonraí Eolaire Teilifíse ar fáil, ní mhairfidh an taifeadadh ach 30 nóiméad. Is féidir leat an t-am a chríochnóidh an taifeadadh a athrú sa liosta **Taifeadtaí**.

#### Sceidealaigh Taifeadadh

Is féidir leat taifeadadh cláir atá le craoladh inniu nó i gceann cúpla lá (suas le 8 lá) a sceidealú. Bainfidh an teilifís úsáid as na sonraí ón Eolaire Teilifíse chun tús a chur le taifeadadh agus chun deireadh a chur leis.

Chun clár a thaifeadadh…

1 - Brúigh ☷ TV GUIDE.
2 - Úsáid na heochracha nascleanúna chun **Anois** a roghnú, agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Anois**, **Ar ball**, **Amárach** nó an lá atá uait, agus brúigh **OK** nó ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.
4 - Roghnaigh an clár a bhfuil uait é a thaifeadadh, brúigh + **OPTIONS**, roghnaigh ● **Taifead**, agus brúigh **OK**. Tá an clár sceidealta chun taifeadadh. Taispeánfar rabhadh go huathoibríoch nuair atá taifeadtaí sceidealta atá ag forluí ar a chéile. Má tá tú ag beartú clár a thaifeadadh nuair nach bhfuil tú sa bhaile, ná déan dearmad an teilifís a fhágáil ar Fuireachas agus an Diosca Crua USB a fhágáil casta air.
5 - Brúigh ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

#### Coimhlintí Taifeadta

Nuair atá dhá thaifeadadh sceidealta ag forluí ar a chéile, tá coimhlint taifeadta ann. Chun coimhlint taifeadta a réiteach, is féidir leat am tosaithe agus am críochnaithe ceann amháin nó an dá thaifeadadh a athrú.

Chun am tosaithe agus am críochnaithe taifeadta sceidealta a athrú…

1 - Brúigh ⮹ **SOURCES**, agus roghnaigh ● **Taifeadtaí**.
2 - Ar bharr an scáileáin, roghnaigh ⏰ **Sceidealta** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Taifeadtaí** i liosta na dtaifeadtaí atá sceidealta agus na meabhrúchán agus brúigh **OK** chun féachaint ar na taifeadtaí atá sceidealta amháin.
4 - Roghnaigh an taifeadadh sceidealta atá ag coimhlint le taifeadadh sceidealta eile agus brúigh **+OPTIONS**.
5 - Roghnaigh **Athraigh Am** agus brúigh **OK**.
6 - Roghnaigh am tosaithe nó am críochnaithe agus athraigh an t-am leis na heochracha ∧ (suas) nó ∨ (síos). Roghnaigh **Cuir i bhFeidhm** agus brúigh **OK**.
7 - Brúigh ← **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

### Auto End Margin

Is féidir leat an t-achar ama a chuirfidh an teilifís go huathoibríoch le deireadh gach taifeadadh sceidealta a shocrú.

Chun an t-achar ama uathoibríoch ag deireadh an taifeadta a shocrú…

1 - Brúigh SOURCES, agus roghnaigh ● Taifeadtaí.
2 - Úsáid na heochracha nascleanúna chun ⋮ a roghnú ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh Auto End Margin agus brúigh OK.
4 - Brúigh ∧ (suas) nó ∨ (síos) agus brúigh OK chun an t-achar ama a chuirtear le taifeadadh a shocrú go huathoibríoch. Is féidir leat suas le 45 nóimead a chur le taifeadadh.
5 - Brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

### Taifeadadh de láimh

Is féidir leat taifeadadh a sceidealú nach bhfuil nasctha le clár teilifíse. Socraíonn tú an cineál tiúnóra, an cainéal agus an t-am tosaithe agus críochnaithe tú féin.

Chun taifeadadh a sceidealú de láimh…

1 - Brúigh SOURCES, agus roghnaigh ● Taifeadtaí.
2 - Ar bharr an scáileáin, roghnaigh Sceidealta .
3 - Úsáid na heochracha nascleanúna chun ⋮ a roghnú ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise, agus brúigh OK.
4 - Roghnaigh Sceidealaigh agus brúigh OK.
5 - Roghnaigh an tiúnóir a bhfuil uait taifeadadh uaidh agus brúigh OK.
6 - Roghnaigh an cainéal a bhfuil uait taifeadadh uaidh agus brúigh OK.
7 - Roghnaigh lá an taifeadta agus brúigh OK.
8 - Socraigh am tosaithe agus críochnaithe an taifeadta. Roghnaigh cnaipe agus úsáid na heochracha ∧ (suas) nó ∨ (síos) chun na huaireanta agus na nóiméid a shocrú.
9 - Roghnaigh Sceidealaigh agus brúigh OK chun an taifeadadh de láimh a sceidealú.

Taispeánfar an taifeadadh sa liosta taifeadtaí sceidealta agus meabhrúchán.

## Féach ar Thaifeadadh

Chun féachaint ar thaifeadadh…

1 - Brúigh SOURCES, agus roghnaigh ● Taifeadtaí.
2 - Sa liosta taifeadtaí, roghnaigh an taifeadadh atá uait agus brúigh OK chun tosú ag féachaint.
3 - Is féidir leat úsáid a bhaint as na heochracha ⏸ (cuir ar sos), ▶ (seinn), ◀◀ (atochras), ▶▶ (mearchasadh) nó ■ (stop).
4 - Chun athrú ar ais go féachaint ar theilifís, brúigh EXIT.

## Bain nó athainmnigh taifeadadh

Chun taifeadadh a athainmniú nó a bhaint…

1 - Brúigh SOURCES, agus roghnaigh ● Taifeadtaí.
2 - Sa liosta taifeadtaí, roghnaigh an taifeadadh atá uait agus brúigh ar INFO / + OPTIONS .
3 - Is féidir leat Athainmnigh a roghnú chun ainm an taifeadta a athrú, nó Bain as a roghnú chun an taifeadadh sin a bhaint.
4 - Chun athrú ar ais go féachaint ar theilifís, brúigh EXIT.

15.2
# Cuir teilifís ar sos

## A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digití a chur ar sos agus tosú ag féachaint air arís níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a chur ar sos, beidh na nithe seo ag teastáil uait…

• Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilifís seo
• cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
• chun eolais faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán

Nuair atá an Diosca Crua USB nasctha agus formáidithe, stórálann an teilifís an craoaldh teilifíse a bhfuil tú ag féachaint air go leanúnach. Nuair a athraíonn tú go cainéal eile, glantar craoladh an chainéil roimhe sin. Nuair a athraíonn tú an teilifís go Fuireachas, glantar an craoladh freisin.

Ní féidir leat an Teilifís a chur ar Sos agus tú i mbun taifeadta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in Cabhair, roghnaigh Eochairfhocail agus déan cuardach do Diosca Crua USB, suiteáil nó Diosca Crua USB, suiteáil.

## Clár a chur ar sos

Chun craoladh a chur ar sos agus a thosú arís…

- Chun craoladh a chur ar sos, brúigh ⏸ (Cuir ar sos).
- Chun tosú ag féachaint arís, brúigh ▶ (Seinn).

Nuair atá an barra dul chun cinn ar an scáileán, brúigh ◀◀ (Atochrais) nó brúigh ▶▶ (Ar Aghaidh) chun an áit a bhfuil uait tosú ag féachaint ar an gcraoladh atá curtha ar sos a roghnú. Brúigh na heochracha sin arís agus arís eile chun an luas a athrú.

Is féidir leat craoaldh a chur ar sos ar feadh tréimhse ama nach faide ná 90 nóiméad.

Brúigh ■ (Stop) chun filleadh ar an gcraoladh beo teilifíse féin.

## Athsheinn

Mar go stórálann an teilifís an craoladh a bhfuil tú ag féachaint air, is féidir leat an craoladh a athsheinnt ar feadh roinnt soicind.

Chun an craoladh reatha a athsheinnt …

1 - Brúigh ⏸ (Cuir ar sos)
2 - Brúigh ◀◀ (Atochras). Is féidir leat ◀◀ a bhrú arís agus arís eile chun an áit a bhfuil uait tosú ag féachaint ar an gcraoladh atá curtha ar sos a roghnú. Brúigh na heochracha sin arís agus arís eile chun an luas a athrú. Bainfidh tú tús na stórála craolta amach nó an t-uasmhéid achar ama.
3 - Brúigh ▶ (Seinn) chun féachaint ar an gcraoladh arís.
4 - Brúigh ■ (Stop) chun féachaint ar an gcraoladh beo.

16

# Fóin Chliste agus Táibléid

16.1

## Philips TV Remote App

Is é an **Philips TV Remote App** nua ar d'fhón cliste nó ar do thaibléad do chara nua.

Tá tú i gceannas ar na meáin atá mórthimpeall ort leis an TV Remote App. Seol grianghraif, ceol nó físeáin chuig do scáileán mór teilifíse nó féach ar aon cheann de do chainéil teilifíse beo ar do thaibléad nó ar d'fhón. Fiosraigh a bhfuil uait féachaint air san Eolaire Teilifíse agus féach air ar d'fhón nó ar an teilifís. Is féidir leat d'fhón a úsáid mar chianrialtán leis an TV Remote App.

Íoslódáil an Philips TV Remote App ón siopa feidhmchlár is ansa leat inniu.

Tá TV Remote App Philips ar fáil in aisce do iOS agus Android.

16.2

## Google Cast

### A bhfuil de dhíth ort

Má tá Google Cast ar fheidhmchlár ar do ghléas soghluaiste, is féidir leat d'fheidhmchlár a theilgean ar an teilifís seo. Déan cuardach do dheilbhín Google Cast ar an ngléas soghluaiste. Is féidir leat úsáid a bhaint as do ghléas soghluaiste chun a bhfuil ar an teilifís a rialú. Oibríonn Google Cast ar Android agus ar iOS.

Ní mór do ghléas soghluaiste a bheith nasctha leis an líonra baile Wi-Fi céanna le do theilifís.

**Feidhmchláir le Google Cast**

Tagann feidhmchláir nua do Google Cast amach gach lá. Is féidir leat triail a bhaint as le YouTube, Chrome, Netflix, Photowall … nó Big Web Quiz for Chromecast. Féach freisin google.com/cast

Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar **support.google.com/androidtv**

### Teilgean chuid do theilifís

Chun feidhmchlár a theilgean chuig scáileán na teilifíse…

1 - Oscail feidhmchlár a thacaíonn le Google Cast ar d'fhón cliste nó do thaibléad.
2 - Tabáil an deilbhín Google Cast.
3 - Roghnaigh an teilifís ar mhaith leat teilgean chuige.
4 - Brúigh seinn ar d'fhón cliste nó do thaibléad. Ba cheart don rud a roghnaigh tú tosú ag seinnt ar an teilifís.

16.3

## AirPlay

Chun feidhmiúlacht AirPlay a chur le do Android TV, is féidir leat ceann amháin de na feidhmchláir Android a íoslódáil agus a shuiteáil. Is féidir leat go leor de na feidhmchláir sin a fháil sa **Google Play™ Store** .

16.4

## MHL

Tá an teilifís seo oiriúnach le MHL™.

Má tá do ghléas soghluaiste oiriúnach le MHL, is féidir leat do ghléas soghluaiste a nascadh leis an teilifís le cábla MHL. Nuair atá an cábla MHL nasctha, is féidir leat a bhfuil ar do ghléas soghluaiste ar scáileán na teilifíse a roinnt. Luchtaíonn do ghléas soghluaiste a cheallra ag an am céanna. Feileann an nasc MHL go maith d'fhéachaint ar scannáin nó cluichí a imirt ó do ghléas soghluaiste ar an teilifís ar feadh tréimhse níos faide.

**Luchtú**

Nuair atá an cábla MHL nasctha, luchtóidh do ghléas nuair atá an teilifís casta air (ní ar fuireachas).

**Cábla MHL**

Teastaíonn cábla MHL fulangach (HDMI go dtí Micro USB) uait chun do ghléas soghluaiste a nascadh leis an teilifís Tá an seans ann go mbeidh cuibheoir breise ag teastáil uait chun do ghléas soghluaiste a nascadh. Úsáid an nasc **HDMI 4 MHL** chun an cábla MHL a nascadh leis an teilifís.

Is trádmharcanna de chuid an MHL, LLC iad MHL, Mobile High-Definition Link agus Lógó MHL.

17
# Cluichí

17.1
## A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat cluichí a imirt ar an teilifís seo...

• ó na Feidhmchláir ar an roghchlár Baile
• ón **Google Play™ Store** ar an roghchlár Baile
• Ó Chonsól Cluiche nasctha

Ní mór feidhmchláir cluiche a íoslódáil agus a shuiteáil ar an teilifís sula bhféadfaí iad a imirt. Teastaíonn ceap stiúrtha ó roinnt cluichí chun iad a imirt.

Ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon chun feidhmchláir cluiche a shuiteáil. Ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide chun feidhmchláir a úsáid. Ní mór duit síniú isteach le Cuntas Google chun na feidhmchláir Google Play agus **Google Play™ Store** a úsáid.

17.2
## Cluiche a Imirt

### Ó Chonsól Cluiche

Chun cluiche a thosú ó Chonsól Cluiche...

1 - Cas air an Consól Cluiche.
2 - Brúigh **SOURCES** agus roghnaigh consól cluiche nó ainm an naisc.
3 - Tosaigh an cluiche.
4 - Brúigh ← **BACK** arís agus arís eile nó brúigh **EXIT** nó is féidir leat an feidhmchlár a stopadh leis an gcnaipe amach/stop.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Chonsól Cluiche, nasc**.

# 18 Ambilight

## 18.1 Ambilight, Air nó As

### Lean Físeán

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun an físeán a leanúint nó dinimicí fuaime cláir teilifíse. Mar rogha air sin, is féidir leat Ambilight a shocrú chun stíl datha réamhshocraithe a thaispeáint nó is féidir leat Ambilight a chasadh as.

Má roghnaíonn tú **Lean Físeán**, is féidir leat ceann de na stíleanna a leanann dinimicí an phictiúir ar do scáileán teilifíse a roghnú.

Chun an Stíl Ambilight a shocrú…

1 - Brúigh AMBILIGHT.
2 - Roghnaigh **Lean Físeán**.
3 - Roghnaigh an stíl atá uait.
4 - Brúigh (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna **Lean Físeán** atá ar fáil ná…

• **Caighdeánach** - Feileann sé do ghnáthfhéachaint teilifíse
• **Nádúrtha** - Leanann sé an pictiúr nó an fhuaim sound chomh dílis agus is féidir
• **Tumthach** - Feiliúnach do scannáin aicsin
• **Gléineach** - Feiliúnach d'fhéachaint i rith an lae

• **Cluiche** - Feiliúnach do chluichíocht
• **Compordach** - Feiliúnach do thráthnóna ciúin
• **Lig do Scíth** - Cruthaíonn sé braistint tolglainne

### Lean Fuaim

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun an físeán a leanúint nó dinimicí fuaime cláir teilifíse. Mar rogha air sin, is féidir leat Ambilight a shocrú chun stíl datha réamhshocraithe a thaispeáint nó is féidir leat Ambilight a chasadh as.

Má roghnaíonn tú **Lean Fuaim**, is féidir leat ceann de na stíleanna a leanann dinimicí na fuaime a roghnú.

Chun an Stíl Ambilight a shocrú…

1 - Brúigh AMBILIGHT.
2 - Roghnaigh **Lean Fuaim**.
3 - Roghnaigh an stíl atá uait.
4 - Brúigh (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna **Lean Fuaim** atá ar fáil ná…

• **Lumina** - Meascann sé dinimicí fuaime le dathanna físe
• **Colora** - Bunaithe ar dhinimicí fuaime
• **Retro** - Bunaithe ar dhinimicí fuaime
• **Spectrum** - Bunaithe ar dhinimicí fuaime
• **Scanner** - Bunaithe ar dhinimicí fuaime
• **Rhytm** - Bunaithe ar dhinimicí fuaime
• **Party** - Meascán de gach stíl Lean Fuaim, ceann i ndiaidh a chéile

### Lean Dath

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun an físeán a leanúint nó dinimicí fuaime cláir teilifíse. Mar rogha air sin, is féidir leat Ambilight a shocrú chun stíl datha réamhshocraithe a thaispeáint nó is féidir leat Ambilight a chasadh as.

Má roghnaíonn tú **Lean Dath**, is féidir leat ceann de na scéimeanna datha réamhshocraithe a roghnú.

Chun an Stíl Ambilight a shocrú…

1 - Brúigh AMBILIGHT.
2 - Roghnaigh **Lean Dath**.
3 - Roghnaigh an stíl atá uait.
4 - Brúigh (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna **Lean Dath** atá ar fáil ná…

• **Hot Lava** - Malairtí deirge
• **Deep Water** - Malairtí goirm
• **Fresh Nature** - Malairtí uaine
• **ISF Warm White** - Dath statach
• **Cool White** - Dath statach

### Lean Feidhmchlár

Tá an fheidhm seo ar fáil nuair a rialaíonn tú Ambilight le feidhmchlár.

Chun an Stíl Ambilight a shocrú…

1 - Brúigh AMBILIGHT.
2 - Roghnaigh **Lean Feidhmchlár**.
3 - Lean an treoir ar an scáileán.
4 - Brúigh (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

## 18.2 Ambilight As

Chun Ambilight a chasadh as…

1 - Brúigh AMBILIGHT.
2 - Roghnaigh **As**.
3 - Brúigh (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

18.3
## Socruithe Ambilight

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Ambilight, Socruithe**.

18.4
## Mód Solais Tolglainne

Ligeann solas tolglainne do theilifís duit an Ambilight a chasadh air nuair atá an teilifís i bhfuireachas. Is féidir leat mar sin do sheomra a shoilsiú le Ambilight.

Tar éis duit do theilifís a athrú go fuireachas agus tú ag iarraidh an solas tolglainne Ambilight a chasadh air, lean na céimeanna seo a leanas:

1 - Brúigh **AMBILIGHT**.
2 - Tar éis duit **AMBILIGHT** a bhrú, casfar an solas tolglainne Ambilight air.
3 - Brúigh **AMBILIGHT** arís más mian leat athrú go héifeacht solais eile.
4 - Chun an solas tolglainne Ambilight a chasadh as, brúigh **AMBILIGHT** go dtí go gcastar na soilse as. Seans go mbeidh ort **AMBILIGHT** a bhrú roinnt uaireanta.

19
# Sár-Roghanna

19.1
## Maidir le Sár-Roghanna

Le Sár-Roghanna, molann do theilifís...

• cláir teilifíse reatha in **Ar an teilifís anois**
• na físeáin ar cíos is deireanaí in **Físeán ar Éileamh**
• seirbhísí teilifíse ar líne (Catch Up TV) in **Teilifís ar Éileamh**

Chun taitneamh a bhaint as Sár-Roghanna, nasc do theilifís leis an Idirlíon. Bí cinnte go nglacann tú leis na Téarmaí Úsáide. Níl seirbhísí ná eolas faoi na Sár-Roghanna ar fáil ach amháin i dtíortha faoi leith.

Téarmaí Úsáide

Ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide chun ligint don teilifís na moltaí seo a dhéanamh. Cinntigh go bhfuil tic curtha agat sa ticbhosca do **Ag freastal ar do mholtaí pearsantaithe** chun moltaí pearsantaithe a fháil atá bunaithe ar do ghnásanna féachana.

Chun na Téarmaí Úsáide a oscailt...

1 - Brúigh **TOP PICKS**.
2 - Úsáid na heochracha nascleanúna chun ⋮ a roghnú ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise, roghnaigh **Téarmaí Úsáide** agus brúigh **OK**.

19.2
## Ar Theilifís Anois

### Maidir le Ar Theilifís Anois

Molann an teilifís na 10 gclár is mó a bhfuil tóir orthu faoi láthair le **Ar Theilifís Anois** .

Roghnaítear na cláir a moltar ó na cainéil atá suiteáilte agat. Déantar an rogha ó chainéil do thíre. Anuas air sin, is féidir leat ligint do **Ar Theilifís Anois** roinnt moltaí pearsantaithe a dhéanamh duit atá bunaithe ar na cláir a bhféachann tú orthu go rialta.

Chun eolas Ar Theilifís Anois a chur ar fáil...

• ní mór d'eolas Ar Theilifís Anois ar fáil i do thír.
• ní mór don teilifís na cainéil a bheith suiteáilte.
• Ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
• ní mór do Chlog na teilifíse a bheith socraithe d'Uathoibríoch nó Ag Brath ar an Tír.
• ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide (B'fhéidir gur ghlac tú leo cheana féin nuair a nasc tú leis an Idirlíon).

### Ar Theilifís Anois á úsáid

Chun Ar Theilifís Anois a oscailt...

1 - Brúigh **TOP PICKS** chun an roghchlár Sár-Roghanna a oscailt.
2 - Roghnaigh **Ar Theilifís Anois** ar bharr an scáileáin agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Tuilleadh** chun an t-eolaire teilifíse a oscailt.

Nuair a osclaíonn tú **Ar Theilifís Anois**, d'fhéadfadh roinnt soicind a bheith ag teastáil ón teilifís chun an t-eolas leathanaigh a athnuachan.

19.3
## Teilifís ar Éileamh

### Maidir le Teilifís ar Éileamh

Is féidir leat féachaint ar chláir teilifíse atá caillte agat nó féachaint ar na cláir is ansa leat ag an am is fearr a fheileann duit le **Teilifís ar Éileamh** . Tugtar Catch Up TV, Replay TV nó Online TV ar an tseirbhís seo freisin. Is féidir féachaint ar na cláir atá ar fáil ar Theilifís ar Éileamh gan íoc.

Anuas air sin, is féidir leat ligint do Theilifís ar Éileamh roinnt moltaí pearsantaithe clár a dhéanamh, bunaithe ar shuiteáil na teilifíse agus ar na cláir a mbíonn tú ag féachaint orthu go rialta.

Ní thaispeánfar an deilbhín sa bharra ar bharr an roghchláir Baile ach amháin nuair atá Teilifís ar Éileamh ar fáil.

### Teilifís ar Éileamh a úsáid

Chun Teilifís ar Éileamh a oscailt...

1 - Brúigh **TOP PICKS** chun an roghchlár Sár-Roghanna a oscailt.
2 - Roghnaigh **Teilifís ar Éileamh** ar bharr an scáileáin agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Gach Craoladh** agus brúigh **OK**. Is féidir leat craoltóir faoi leith a roghnú má tá níos mó ná ceann amháin ar fáil.
4 - Brúigh ← **BACK** chun dúnadh.

Nuair a osclaíonn tú **Teilifís ar Éileamh**, d'fhéadfadh roinnt soicind a bheith ag teastáil ón teilifís chun an t-eolas leathanaigh a athnuachan.

A luaithe is atá clár tosaithe, is féidir leat na heochracha ▶ (Seinn) agus ⏸ (Cuir ar sos) a úsáid.

19.4
# Físeáin ar Éileamh

## Maidir le Físeán ar Éileamh

Is féidir leat scannáin a thógáil amach ar cíos ó shiopa físeáin ar líne le Físeán ar Éileamh .

Is féidir leat ligint do Físeán ar Éileamh roinnt moltaí pearsantaithe scannán a dhéanamh a bheidh bunaithe ar do thír, suiteáil na teilifíse agus ar na cláir a mbíonn tú ag féachaint orthu go rialta.

Ní thaispeánfar an deilbhín sa bharra ar bharr ach amháin nuair atá Físeán ar Éileamh ar fáil.

Íocaíocht

Nuair a thógann tú amach scannán ar cíos nó nuair a cheannaíonn tú scannán, is féidir leat an siopa físeáin a íoc go sábháilte le do chárta creidmheasa. Iarrann an chuid is mó de na siopaí físeáin ort cuntas logála isteach a chruthú an chéad uair a thógann tú scannán amach ar cíos.

Trácht Idirlín

Má shruthaíonn tú go leor físeán, d'fhéadfá dul thar do theorainn tráchta Idirlín mhíosúil.

## Ag Úsáid Físeán ar Éileamh

Chun Físeán ar Éileamh a oscailt…

1 - Brúigh TOP PICKS chun an roghchlár Sár-Roghanna a oscailt.
2 - Roghnaigh Físeán ar Éileamh ar bharr an scáileáin agus brúigh OK.
3 - Roghnaigh Gach Siopa, Molta,
or Mór-rachairt le haghaidh do rogha.
4 - Brúigh BACK chun dúnadh.

Nuair a osclaíonn tú Físeán ar Éileamh, d'fhéadfadh roinnt soicind a bheith ag teastáil ón teilifís chun an t-eolas leathanaigh a athnuachan.

Is féidir leat siopa físeáin ar leith a roghnú má tá níos mó ná ceann amháin ar fáil.

Chun scannán a thógáil amach ar cíos…

1 - Fág an pointeoir ar phóstaer scannáin.
Taispeánfar faisnéis theoranta tar éis cúpla soicind.
2 - Brúigh OK chun leathanach scannán an tsiopa físeáin a oscailt chun achoimre den scannán a fháil.
3 - Deimhnigh d'ordú.
4 - Déan an íocaíocht ar an teilifís.
5 - Tosaigh ag féachaint. Is féidir leat na heochracha ▶ (Seinn) agus ⏸ (Cuir ar sos) a úsáid.

20
# Netflix

Má tá suibscríbhinn ballraíochta agat le Netflix, is féidir leat taitneamh a bhaint as Netflix ar an teilifís seo. Ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon. Seans nach mbeidh Netflix ar fáil i do réigiún ach amháin le nuashonruithe bogearraí sa todhchaí.

Brúigh an eochair NETFLIX ar do chianrialtán chun an feidhmchlár Netflix a oscailt. Is féidir leat Netflix a oscailt láithreach ó theilifís atá ar fuireachas.

www.netflix.com

# 21 Ilamharc

## 21.1 TV agus TV

Is féidir leat féachaint ar an dara clár i scáileán beag le hIlamharc.

Chun an scáileán Ilamharc a oscailt…

1 - Brúigh Ilamharc * nó brúigh chun an **Roghchlár Teilifíse** a oscailt.
2 - Roghnaigh **Ilamharc**, agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Ilamharc: Air** ar an scáileán.
Taispeánfar an cainéal a raibh tú ag féachaint air sa scáileán beag.

Coinníollacha
• Ní féidir le hIlamharc ach cainéil teilifíse dhigiteacha a thaispeáint.
• Agus an teilifís i mbun taifeadta, níl fáil ar Ilamharc.
• Chun Ilamharc a úsáid le tiúnóirí teilifíse satailíte, ní mór duit an 2 thiúnóir satailíte **SAT 1** agus **SAT 2** a nascadh le do mhias satailíte.
• Má theastaíonn CAM ón dá cainéal teilifíse chun iad a dhíchódú, ní mór duit 2 CAM a shuiteáil chun Ilamharc a úsáid.

* Má tá an eochair **Ilamharc** ar fáil ar do chianrialtán

## 21.2 Téacs agus Teilifís

Is féidir leat féachaint ar chainéal teilifíse i scáileán beag Ilamharc nuair atá tú ag féachaint ar Théacs.

Chun féachaint ar chainéal teilifíse agus tú ag féachaint ar Théacs…

1 - Brúigh Ilamharc * nó brúigh chun an **Roghchlár Teilifíse** a oscailt.
2 - Roghnaigh **Ilamharc** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Ilamharc: Air** ar an scáileán.
Taispeánfar an cainéal a raibh tú ag féachaint air sa scáileán beag.

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, roghnaigh **Ilamharc: As** ar an scáileán.

* Má tá an eochair **Ilamharc** ar fáil ar do chianrialtán

## 21.3 HDMI agus teilifís

Is féidir leat féachaint ar chainéal teilifíse i scáileán beag Ilamharc nuair atá tú ag féachaint ar fhíseán ó ghléas HDMI nasctha.

Chun féachaint ar chainéal teilifíse agus tú ag féachaint ar fhíseán ó ghléas HDMI nasctha*…

1 - Brúigh Ilamharc * nó brúigh chun an **Roghchlár Teilifíse** a oscailt.
2 - Roghnaigh **Ilamharc**, agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Ilamharc: Air** ar an scáileán.
Taispeánfar an cainéal a raibh tú ag féachaint air sa scáileán beag.

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, roghnaigh **Ilamharc: As** ar an scáileán.
Tabhair faoi deara: Ní féidir leat ach féachaint ar íomhá an chainéil teilifíse i mód Ilamhairc. Ní bheidh fuaim an chainéil teilifíse le cloisteáil.

* Má tá an eochair **Ilamharc** ar fáil ar do chianrialtán

## 21.4 Nettv agus Teilifís

Is féidir leat féachaint ar chainéal teilifíse i scáileán beag Ilamharc nuair atá tú ag féachaint ar fheidhmchlár Nettv.

Chun féachaint ar chainéal teilifíse agus tú ag féachaint ar fheidhmchlár Nettv…

1 - Brúigh Ilamharc * nó brúigh chun an **Roghchlár Teilifíse** a oscailt.
2 - Roghnaigh **Ilamharc**, agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Ilamharc: Air** ar an scáileán.
Taispeánfar an cainéal a raibh tú ag féachaint air sa scáileán beag.
4 - Brúigh ≡ **+** or ≡ **–** chun cainéil sa scáileán beag a athrú

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, roghnaigh **Ilamharc: As** ar an scáileán.

Tabhair faoi deara: Níl gach feidhmchlár Nettv in ann tacú le hIlamharc le cainéal teilifíse. Mura bhfuil an feidhmchlár in ann tacú le hIlamharc, taispeánfar teachtaireacht ar an teilifís: **Ní thacaítear le hIlamharc**.

* Má tá an eochair **Ilamharc** ar fáil ar do chianrialtán

21.5
# Nettv agus HDMI

Is féidir leat féachaint ar fheidhmchlár Nettv i scáileán beag Ilamharc nuair atá tú ag féachaint ar fhíseán ó ghléas HDMI nasctha.

1 - Brúigh **Ilamharc** * nó brúigh chun an **Roghchlár Teilifíse** a oscailt.
2 - Roghnaigh **Ilamharc**, agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Ilamharc: Air** ar an scáileán.

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, roghnaigh **Ilamharc: As** ar an scáileán.

Tabhair faoi deara: Níl gach feidhmchlár Nettv in ann tacú le hIlamharc le cainéal teilifíse. Mura bhfuil an feidhmchlár in ann tacú le hIlamharc, taispeánfar teachtaireacht ar an teilifís: **Ní thacaítear le hIlamharc**.

* Má tá an eochair **Ilamharc** ar fáil ar do chianrialtán

22

# Bogearaí

22.1

## Nuashonrú Bogearraí

### Nuashonrú ón Idirlíon

Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlíon, d'fhéadfá teachtaireacht a fháil chun bogearraí na teilifíse a nuashonrú. Teastaíonn nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon. Má fhaigheann tú an teachtaireacht seo, molaimid go ndéanfá an nuashonrú.

Nuair atá an teachtaireacht ar an scáileán, roghnaigh **Nuashonraigh** agus lean na treoracha ar an scáileán.

Is féidir leat cuardach a dhéanamh do nuashonrú bogearraí tú féin.

Níl aon phictiúr i rith an nuashonraithe bogearraí agus casfar an teilifís as agus air arís. D'fhéadfadh sé sin tarlú roinnt uaireanta. D'fhéadfadh an nuashonrú roinnt nóiméad a thógáil. Fan go dtí go dtiocfaidh pictiúr na teilifíse ar ais. Ná brúigh an lasc cumhachta ⏻ ar an teilifís nó ar an gcianrialtán i rith an nuashonruithe bogearraí.

Chun cuardach a dhéanamh do nuashonrú bogearraí tú féin…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Nuashonraigh Bogearraí** > **Déan Cuardach do Nuashonruithe**.
3 - Roghnaigh **Idirlíon**.
4 - Déanfaidh an teilifís cuardach do nuashonrú ar an Idirlíon.
5 - Má tá nuashonrú ar fáil, is féidir leat na bogearraí a nuashonrú láithreach.
6 - D'fhéadfadh nuashonrú bogearraí roinnt nóiméad a thógáil. Ná brúigh an eochair ⏻ ar an teilifís ná ar an gcianrialtán.
7 - Nuair atá an nuashonrú déanta, fillfidh an teilifís ar an gcainéal a raibh tú ag féachaint air.

### Nuashonraigh ó USB

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach bogearraí na teilifíse a nuashonrú.

Teastaíonn ríomhaire uait le nasc ardluais don Idirlíon agus méaróg chuimhne USB chun na bogearraí a uaslódáil ar an teilifís. Úsáid méaróg chuimhne USB a bhfuil 500MB de spás saor air. Bí cinnte go bhfuil cosaint ar scríobh casta as.

Chun bogearraí na teilifíse a nuashonrú…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Nuashonraigh Bogearraí** > **Déan Cuardach do Nuashonruithe**.
3 - Roghnaigh **USB** > **Nuashonruithe áitiúla** agus brúigh **OK**.

Aithin an teilifís
1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach i gceann de na naisc USB ar an teilifís.
2 - Roghnaigh **Tosaigh** agus brúigh **OK**. Scríobhtar comhaid aitheantais ar an méaróg chuimhne USB.

Íoslódáil na bogearraí
1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach i do ríomhaire.
2 - Aimsigh an comhad **update.htm** ar an méaróg chuimhne USB agus cliceáil faoi dhó air.
3 - Cliceáil **Seol ID**.
4 - Má tá bogearraí nua ar fáil, íoslódáil an comhad .zip.
5 - I ndiaidh na híoslódála, dízipeáil an comhad agus cóipeáil an comhad **autorun.upg** go dtí an mhéaróg chuimhne USB. Ná cuir an comhad seo i bhfillteán.

Nuashonraigh bogearraí na teilifíse
1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach sa teilifís arís. Tosaíonn an nuashonrú go huathoibríoch.
2 - D'fhéadfadh nuashonrú bogearraí roinnt nóiméad a thógáil. Ná brúigh an eochair ⏻ ar an teilifís ná ar an gcianrialtán. Ná bain amach an mhéaróg chuimhne USB.
3 - Nuair atá an nuashonrú déanta, fillfidh an teilifís ar an gcainéal a raibh tú ag féachaint air.

Má chliseann ar an gcumhacht i rith an nuashonraithe, ná bain as an mhéaróg chuimhne USB ón teilifís go deo. Nuair a thiocfaidh an chumhacht ar ais, leanfaidh an nuashonrú ar aghaidh.

Scrios an comhad autorun.upg ón méaróg chuimhne USB chun nuashonrú tionóisceach bhogearraí na teilifíse a chosc.

### Déan cuardach do nuashonruithe OAD

Déan scan chun cuardach a dhéanamh do nuashonrú bogearraí OAD (Íoslódáil Tríd an Aer).

Déan cuardach do nuashonruithe OAD

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Nuashonraigh Bogearraí** > **Déan Cuardach do Nuashonruithe OAD**.
3 - Lean na treoracha ar an scáileán.

*Tabhair faoi deara: Níl nuashonrú bogearraí OAD ar fáil ach i dtíortha ar leith.

22.2
# Leagan Bogearraí

Chun féachaint ar leagan reatha na mbogearraí teilifíse…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Nuashonraigh Bogearraí** > **Eolas faoi Bhogearraí Reatha** agus brúigh **OK**.
3 - Taispeánfar an leagan, na nótaí eisithe agus an dáta cruthaithe. Taispeánfar an Uimhir ESN Netflix freisin má tá sé ar fáil.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

22.3
# Nuashonrú bogearraí uathoibríoch

Cas air Nuashonrú bogearraí uathoibríoch chun bogearraí do theilifíse a nuashonrú go huathoibríoch. Fág an teilifís i bhfuireachas nuair nach bhfuil sí casta air.

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Nuashonraigh Bogearraí** > **Nuashonrú Bogearraí Uathoibríoch** agus brúigh **Air/As**.
3 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

22.4
# Bogearraí Foinse Oscailte

Tá bogearraí foinse oscailte sa teilifís seo. Tairgeann TP Vision Europe B.V. leis seo cóip den chód foinse comhfhreagrach iomlán do na pacáistí bogearraí foinse oscailte faoi chóipcheart a úsáidtear sa táirge seo a sheachadadh, ach iarratas a bheith déanta, sa chás go bhfuil a leithéid de thairiscint iarrtha ag na ceadúnais faoi seach.

Tá an tairiscint seo bailí ar feadh tréimhse suas le trí bliana tar éis don táirge a bheith ceannaithe d'aon duine a bhfuil an t-eolas seo a fháil aige nó aici. Scríobh i mBéarla le do thoil chuig chun an cód foinse a fháil . . .

open.source@tpvision.com

22.5
# Ceadúnas Foinse Oscailte

## Maidir leis an gCeadúnas Foinse Oscailte

README chun an cód foinse a fháil do na codanna sin de bhogearraí teilifíse TP Vision Netherlands B.V. a thagann faoi cheadúnais foinse oscailte.

Is cáipéis í seo ina ndéantar cur síos ar dháileadh an chóid foinse atá á úsáid ar theilifís TP Vision Netherlands B.V., a thagann faoi cheann amháin den Cheadúnas Poiblí Ginearálta GNU (an GPL), nó Ceadúnas Poiblí Níos Lú GNU (an LGPL), nó aon cheadúnas foinse oscailte eile. Is féidir treoracha a fháil faoin gcaoi cóipeanna de na bogearraí seo a fháil sna Treoracha Úsáide.

NÍ THUGANN TP Vision Netherlands B.V. AON BHARÁNTA, BÍODH SÉ SAINRÁITE NÓ INTUIGTHE, LENA N-ÁIRÍTEAR AON BHARÁNTA INDÍOLTACHTA NÓ OIRIÚNACHT DO CHUSPÓIR FAOI LEITH, MAIDIR LEIS NA BOGEARRAÍ SEO. Ní thugann TP Vision Netherlands B.V. aon tacaíocht do na bogearraí seo. Ní chuireann an méid atá ráite thuas isteach ar do bharántaí ná ar do chearta reachtúla maidir le haon táirge de chuid TP Vision Netherlands B.V. atá ceannaithe agat. Ní bhaineann sé ach leis an gcód foinse seo atá curtha ar fáil duit.

22.6
# Fógraí

Is féidir leat fógra a fháil maidir le bogearraí nua teilifíse atá ar fáil le haghaidh a n-íoslódála nó faoi shaincheisteanna eile a bhaineann le bogearraí.

Chun na fógraí sin a léamh…

1 - Brúigh ⚙, roghnaigh **Gach socrú** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Nuashonraigh Bogearraí** > **Fógraí**.
3 - Má tá fógra ann, is féidir leat é a léamh nó ceann de na fógraí atá ar fáil a roghnú.
4 - Brúigh ❮ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

# 23 Sonraíochtaí

## 23.1 Comhshaol

### Comhad Táirge

55PUS8601
• Aicme Éifeachtacht Fuinnimh : A
• Méid Scáileáin Infheicthe : 139 cm / 55 orlach
• Tomhaltas Cumhachta sa Mhodh Air (W) : 115W
• Tomhaltas Fuinnimh Bliantúil (kWh) * : 160kWh
• Tomhaltas Cumhachta ar Fuireachas (W) : 0.5W
• Taifeach Taispeána (Picteilíní) : 3840 x 2160p

65PUS8601
• Aicme Éifeachtacht Fuinnimh : A+
• Méid Scáileáin Infheicthe : 164 cm / 65 orlach
• Tomhaltas Cumhachta sa Mhodh Air (W) : 118W
• Tomhaltas Fuinnimh Bliantúil (kWh) * : 164kWh
• Tomhaltas Cumhachta ar Fuireachas (W) : 0.5W
• Taifeach Taispeána (Picteilíní) : 3840 x 2160p

* Tomhaltas kWh fuinnimh in aghaidh na bliana, bunaithe ar thomhaltas cumhachta teilifíse atá ag feidhmiú 4 uair in aghaidh an lae ar feadh 365 lá. Braitheann an tomhaltas fuinnimh iarbhír ar an gcaoi a mbaintear úsáid as an teilifís.

### Deireadh Úsáide

Do sheantáirge agus do cheallraí a dhiúscairt

Dearadh agus monaraíodh do tháirge le hábhair agus comhpháirteanna ar ardchaighdeán ar féidir iad a athchúrsáil agus a athúsáid.



Nuair a bhíonn tá an tsiombail seo d'araid rothaí a bhfuil cros air ar tháirge, ciallaíonn sé go bhfuil an táirge clúdaithe ag Treoir Eorpach 2012/19/CE.



Cuir tú féin ar an eolas le do thoil faoin gcóras bailiúcháin áitiúil ar leith do tháirgí leictreacha agus leictreonacha.

Cloígh leis na rialacha áitiúla atá i bhfeidhm le do thoil agus ná diúscair do sheantáirgí le do ghnáthdhramhaíl tí. Nuair a dhiúscraíonn tú do sheantáirge i gceart, cabhraíonn sé iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don chomhshaol agus do shláinte an duine a chosc.

Tá ceallraí i do tháirge atá san áireamh i dTreoir an Chomhphobail Eorpaigh 2006/66/EC, nach féidir iad a dhiúscairt le gnáthdhramhaíl tí.



Cuir tú féin ar an eolas le do thoil faoi rialacha áitiúla maidir le bailiú ar leith ceallraí mar go gcabhróidh diúscairt chuí iarmhairtí díobhálacha don chomhshaol agus do shláinte an duine a chosc.

## 23.2 Cumhacht

Tá sonraíochtaí an táirge faoi réir athraithe gan fógra. Chun tuilleadh sonraí maidir le sonraíochtaí an táirge seo a fháil, féach ar [www.philips.com/TVsupport](http://www.philips.com/TVsupport)

Cumhacht
• Príomhchumhacht: AC 220-240V +/-10%
• Teocht chomhthimpeallach : 5°C go 35°C
• Gnéithe Choigilt Cumhachta : Éicea-mód, Balbhaigh pictiúr (do raidió), Múch uaineadóir go huathoibríoch, Roghchlár Éicea-socruithe.

Chun faisnéis faoi thomhaltas cumhachta a fháil, féach ar an gcaibidil **Product Fiche**.

Is é an rátáil cumhachta atá ar chlár cineáil an táirge tomhaltas cumhachta don táirge seo i rith gnáthúsáid tí (IEC 62087 Ed.2). Úsáidtear an rátáil cumhachta is airde, scríofa idir lúibíní, chun críche sábháilteachta leictrí (IEC 60065 Ed. 7.2).

## 23.3 Córas Oibriúcháin

Android OS :

Android Oreo 8

## 23.4 Glacacht

• Ionchur Aeróige : 75 ohm comhaiseach (IEC75)
• Bandaí tiúnóra : Hyperband, S-Channel, UHF, VHF
• DVB DVB-T2 (tacaíocht do HEVC), DVB-C (cábla) QAM
• Athsheinm físeáin analógaigh : SECAM, PAL
• Athsheinm físeáin digitigh : MPEG2 SD/HD (ISO/IEC 13818-2); MPEG4 SD/HD (ISO/IEC 14496-10)
• Athsheinm fuaime digití (ISO/IEC 13818-3)
• Ionchur aeróige satailíte : 75 ohm F-type

• Raon minicíochta ionchuir : 950 go 2150MHz
• Raon leibhéil ionchur : 25 go 65 dBm
• DVB-S/S2 QPSK, ráta siombailí 2 go 5M siombailí, SCPC agus MCPC
• LNB DiSEqC 1.0, 1 go 4 LNBanna tacaithe, Roghnú polaraíochta 14/18V, Roghnú banda 22kHz, Mód rúisce toin, LNB reatha 300mA max

23.5
# Cineál Taispeána

Méid fhiarthrasna an scáileán
• 55PUS8601 : 139 cm / 55 orlach
• 65PUS8601 : 164 cm / 65 orlach

Taifeach Taispeána
• 3840 x 2160p

23.6
# Taifeach taispeána:

Formáidí físe

Taifeach — Ráta athnuachan

• 480i - 60 Hz
• 480p - 60 Hz
• 576i - 50 Hz
• 576p - 50 Hz
• 720p - 50 Hz, 60 Hz
• 1080i - 50 Hz, 60 Hz
• 1080p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz
• 2160p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz, 50 Hz, 60 Hz

Formáidí ríomhaire

Taifigh (i measc cinn eile)

• 640 x 480p - 60 Hz
• 800 x 600p - 60 Hz
• 1024 x 768p - 60 Hz
• 1280 x 768p - 60 Hz
• 1360 x 765p - 60 Hz
• 1360 x 768p - 60 Hz
• 1280 x 1024p - 60 Hz
• 1920 x 1080p - 60 Hz
• 3840 x 2160p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz, 50 Hz, 60 Hz

23.7
# Toisí agus Meáchain

## 55PUS8601

55PUS8601
• le seastán teilifíse agus taobhchallairí:
Leithead 1317 mm - Airde 758 mm - Doimhneacht 227 mm - Meáchan ± 21.5 kg
• le taobhchallairí amháin:
Width 1260 mm - Height 709 mm - Depth 41 mm - Weight ±20 kg
• le seastán teilifíse amháin:
Leithead 1317 mm - Airde 758 mm - Doimhneacht 227 mm - Meáchan ± 20.5 kg
• gan seastán teilifíse agus taobhchallairí:
Leithead 1227 mm - Airde 709 mm - Doimhneacht 41 mm - Meáchan ± 19 kg

Philips PTS840 - Seastán Teilifíse Lárnach*

I gcomhar le 55PUS8600 agus taobhchailairí
Leithead 1260 mm - Airde 763 mm - Doimhneacht 202 mm - Meáchan ±24 kg

Philips PTA860 - Seastáin Callaire gan sreang*

Seastán callaire amháin i gcomhar le taobhchallaire 55PUS8600.
Airde 1262 mm - Leithead an bhoinn 160 mm - Doimhneacht an bhoinn (le nascóirí) 210 mm - Meáchan ±2 kg (1 seastán + callaire)

* Díoltar astu féin iad

23.8
# Nascacht

Taobh na teilifíse
• HDMI 3 isteach - ARC - HDCP 2.2 - 4K 50/60Hz
• HDMI 4 isteach - MHL - ARC - HDCP 2.2 - 4K 50/60Hz
• USB 2 - USB 2.0
• USB 3 - USB 3.0 (gorm)
• 2x Sliotán Comhéadain Choitinn: CI+/CAM
• Cluasáin - Mionseac steiréó 3.5mm

Cúl na teilifíse
• Fuaim Isteach (DVI go HDMI) - Mionseac steiréó 3.5mm
• SCART: Fuaim Clé/Deas, CVBS isteach, RGB
• YPbPr : Y Pb Pr, Fuaim Clé Deas

Bun na teilifíse
• HDMI 1 isteach - ARC - HDCP 2.2 - 4K 50/60Hz
• HDCP 2 isteach - ARC - HDMI 2.2 - HDCP 2.2
• USB 1 - USB 2.0
• Fuaim Amach Dhigiteach - Optical Toslink
• Líonra LAN - RJ45
• Aeróg (75Ω), tiúnóir déach
• Tiúnóir satailíte 1
• Tiúnóir satailíte 2
• Don tsraith 8601 amháin - Fuaim gan Sreang, do Philips PTA860

23.9

## Fuaim

• 3D wOOx
• HD Stereo
• Cumhacht aschuir (RMS) : 50W
• Dolby Digital Plus®
• DTS Premium Sound ™

23.10

## Ilmheáin

Naisc
• USB 2.0 / USB 3.0
• Ethernet LAN RJ-45
• Wi-Fi 802.11a/b/g/n/ac (ionsuite)
• BT2.1 le EDR & BT4.0 le BLE

Córais comad USB tacaithe
• FAT 16, FAT 32, NTFS

Freastalaithe meán, tacaithe
• Árthaí : 3GP, AVCHD, AVI, MPEG-PS, MPEG-TS, MPEG-4, Matroska (MKV), Quicktime (MOV, M4V, M4A) Windows Media (ASF/WMV/WMA)
• Codecs Físe : MPEG-1, MPEG-2, MPEG-4 Cuid 2, MPEG-4 Cuid 10 AVC (H264), H.265 (HEVC), VC-1, WMV9
• Codecs Fuaime : AAC, HE-AAC (v1/v2), AMR-NB, Dolby Digital, Dolby Digital Plus, DTS Premium Sound™, MPEG-1/2/2.5 Layer I/II/III (MP3 san áireamh), WMA (v2 go v9.2), WMA Pro (v9/v10)
• Fotheidil :
– Formáidí : SAMI, SubRip (SRT), SubViewer (SUB), MicroDVD (TXT), mplayer2 (TXT), TMPlayer (TXT)
– Ionchóduithe carachtair: UTF-8, Lár na hEorpa agus Oirthear na hEorpa (Windows-1250), Coireallach (Windows-1251), Gréigis (Windows-1253), Tuircis (Windows-1254), Iarthar na hEorpa (Windows-1252)
• Codecs Íomhánna : JPEG, GIF, PNG, BMP
• Teorainneacha :
– Is é 30Mbps an t-uasráta giotán iomlán a thacaítear leis i gcás comhaid meáin
– Is é 20Mbps an t-uasráta giotán físe a thacaítear leis i gcás comhaid meáin.
– Tacaítear le MPEG-4 AVC (H.264) suas le hArdphróifíl @ L5.1.
– Tacaítear le H.265 (HEVC) suas le Main / Main 10 Profile suas le Leibhéal 5.1
– Tacaítear le VC-1 suas go hArdphróifíl @ L3.

Bogearraí freastalaí meán (DMS) tacaithe
• Is féidir leat aon bhogearraí freastalaí meán (aicme DMS) atá deimhnithe ag DLNA V1.5 a úsáid.
• Is féidir leat an feidhmchlár Remote Philips TV (iOS agus Android) a úsáid ar ghléasanna soghluaiste.

D'fhéadfadh feidhmiúlacht a bheith athraitheach, ag brath ar chumais an ghléis shoghluaiste agus ar na bogearraí atá in úsáid.

# 24 Cúnamh agus Tacaíocht

## 24.1 Cláraigh do theilifís

Cláraigh do theilifís agus bain leas as raon tairbhí lena n-áirítear tacaíocht iomlán (íoslódálacha san áireamh), rochtain phribhléideach a fháil ar fhaisnéis maidir le táirgí nua, tairiscintí agus lascainí eisiacha agus an deis duaiseanna a bhuachan agus fiú páirt a ghlacadh i suirbhéanna speisialta faoi eisiúintí nua.

Tabhair cuairt ar www.philips.com/TVsupport.

## 24.2 Cabhair a Úsáid

Tairgeann an teilifís seo cabhair ar an scáileán ❓.

Oscail Cabhair

Brúigh ⚙ Cabhair OK.

Chun Cabhair a léamh mar leabhar, roghnaigh **Leabhar**. Chun cuardach a dhéanamh d'eochairfhocal, roghnaigh **Eochairfhocal**.

Is féidir leat freisin ❓ Cabhair a oscailt ar an roghchlár teilifíse.

Sula leanfaidh tú treoracha Cabhair, dún Cabhair.

I gcás gníomhaíochtaí áirithe, cosúil le Téacs (Teilithéacs), tá feidhmeanna sonracha ag na heochracha dathanna agus ní féidir leo Cabhair a oscailt.

### Cabhair teilifíse ar do tháibléad, d'fhón cliste nó do ríomhaire

Chun go n-éascófaí seichimh fada treoracha, is féidir leat Cabhar teilifís a íoslódáil i bhformáid PDF le haghaidh a léite ar d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire. Mar rogha air sin, is féidir leat an leathanach ábhartha ó Chabhair a phriontáil ó do ríomhaire.
Chun Cabhair (an treoir úsáideora) a íoslódáil, téigh go dtí www.philips.com/TVsupport.

## 24.3 Fadhbanna

### Cas Air agus Cianrialtán

Ní chasann an teilifís air
• Bain an cábla cumhachta amach as an asraon cumhachta. Fan ar feadh nóiméid agus ansin cuir isteach arís é.
• Cinntigh go bhfuil an cábla cumhachta nasctha go daingean.

Tá fuaim dhíoscánach ann nuair a chastar air nó as é

Nuair a bhíonn tú ag casadh na teilifís air, as nó ar Fhuireachas, cloiseann tú fuaim dhíoscánach ó fhonnadh na teilifíse. Is mar gheall ar ghnáthleathadh agus cungú na teilifíse an fhuaim dhíoscánach sin, agus an teilifís ag fuarú agus ag téamh. Ní chuireann sé isteach ar fheidhmíocht.

Ní fhreagraíonn an teilifís don chianrialtán

Teastaíonn roinnt ama ón teilifís tosú. I rith an ama sin, ní fhreagraíonn an teilifís don chianrialtán ná do rialcuithe na teilifíse. Iompar normálta é sin.
Má leanann an teilifís gan freagairt don chianrialtán, is féidir leat seiceáil an bhfuil an cianrialtán ag obair trí úsáid a bhaint as ceamara ar fhón soghluaiste.. Cuir an fón i mód ceamar agus pointeáil an cianrialtán i dtreo lionsa an cheamara. Má bhrúnn tú aon eochair ar an gcianrialtán agus má thugann tú faoi deara caochaíl infridhearg an LED tríd an gceamara, tá an cianrialtán ag obair. Ní mór an teilifís a sheiceáil.
Mura dtugann tú an chaochaíl faoi deara, d'fhéadfadh an cianrialtán a bheith briste nó a chuid ceallraí a bheith ídithe.
Níl an modh seo chun an cianrialtán a sheiceáil indéanta le cianrialtáin atá péireáilte leis an teilifís gan sreang.

Téann an teilifís ar ais go Fuireachas tar éis scáileán tosaithe Philips a thaispeáint

Nuair a dhínasctar agus athnasctar an teilifís leis an soláthar cumhachta i mód fuireachais, taispeánfar an scáileán tosaigh agus filleann an teilifís ansin ar mhód fuireachais. Is gnáthiompar é sin. Chun an teilifís a chasadh air ó Fhuireachas arís, brúigh ⏻ ar an gcianrialtán nó ar an teilifís.

Coinníonn an solas Fuireachais leis ag caochaíl

Bain an cábla cumhachta amach as an asraon cumhachta. Fan 5 nóiméad sula nascann tú an cábla cumhachta arís. Má tharlaíonn an chaochaíl arís, déan teagmháil le Philips TV Consumer Care.

## Cainéil

### Níor aimsíodh aon chainéal digiteach i rith na suiteála

Féach ar na sonraíochtaí teicniúla chun a chinntiú go dtacaíonn do theilifís le DVB-T nó DVB-C i do thír. Cinntigh go bhfuil na cáblaí nasctha i gceart agus go bhfuil an líonra ceart roghnaithe.

### Níl na cainéil a suiteáladh roimhe seo sa liosta cainéal

Cinntigh go bhfuil an liosta cainéal ceart roghnaithe.

### Cainéal DVB-T2 HEVC

Féach ar na sonraíochtaí teicniúla chun a chinntiú go dtacaíonn do theilifís le DVB-T2 HEVC i do thír agus athshuiteáil an cainéal DVB-T.

## Pictiúr

### Gan pictiúr / pictiúr díchumtha

• Cinntigh go bhfuil an aeróg nasctha leis an teilifís i gceart.
• Cinntigh go bhfuil an gléas ceart roghnaithe mar an fhoinse taispeána.
• Cinntigh go bhfuil an gléas nó foinse sheachtrach nasctha i gceart.

### Tá fuaim ann ach níl aon phictiúr

• Cinntigh go bhfuil na socruithe pictiúr socraithe i gceart.

### Glacadh aeróige lag

• Cinntigh go bhfuil an aeróg nasctha leis an teilifís i gceart.
• Tá callairí arda, gléasanna fuaime nach bhfuil talmhaithe, soilse neon, foirgnimh arda agus rudaí móra eile in ann tionchar a imirt ar chaighdeán an ghlactha. Más féidir, déan iarracht caighdeán an ghlactha a fheabhsú trí threo na haeróige a athrú nó gléasanna a bhogadh amach ón teilifís.
• Má tá an glacadh go dona díreach ar chainéal amháin, déan míntiúnadh ar an gcainéal sin.

### Drochphictiúr ó ghléas

• Cinntigh go bhfuil an gléas nasctha i gceart.
• Cinntigh go bhfuil na socruithe pictiúr socraithe i gceart.

### Athraíonn socruithe pictiúr tar éis scathaimh

Cinntigh go bhfuil Suíomh socraithe do Baile . Is féidir socruithe a athrú agus a shábháil sa mhód seo.

### Tá meirge tráchtála ar taispeáint

Cinntigh go bhfuil Suíomh socraithe do Baile.

### Ní oireann an pictiúr don scáileán

Athraigh go formáid pictiúr éagsúil.

### Coinníonn an fhormáid pictiúr air ag athrú ó chainéal go cainéal

Roghnaigh formáid pictiúr nach mbaineann 'Uath' leis.

### Tá suíomh an phictiúir mícheart

Is féidir nach n-oirfeadh comharthaí pictiúr ó ghléasanna áirithe don scáileán i gceart. Seiceáil aschur comhartha an ghléis nasctha.

### Níl an pictiúr ríomhaire cobhsaí

Cinntigh go n-úsáideann do ríomhaire an taifeach agus ráta athnuacha a dtacaítear leo.

## Fuaim

### Gan aon fhuaim nó droch-chaighdeán fuaime

Mura mbraitear aon chomhartha fuaime, casanna an teilifís an aschur fuaime as go huathoibríoch — ní chiallaíonn sé sin mífheidhm.

• Cinntigh go bhfuil na socruithe fuaime socraithe i gceart.
• Cinntigh go bhfuil gach cábla nasctha i gceart.
• Cinntigh nach bhfuil an airde fuaime balbhaithe nó socraithe go nialas.
• Cinntigh go bhfuil aschur fuaime na teilifíse nasctha le hionchur fuaime an Chóras Amharclainne Baile. Ba cheart go mbeadh fuaim le cloisteáil ó challairí an HTS.
• D'fhéadfadh roinnt gléasanna iarraidh ort aschur fuaime HDMI a chumasú de láimh. Má tá fuaim HDMI cumasaithe cheana féin, ach fós ní chloiseann tú aon fhuaim, bain triail as an fhormáid fuaime digití a athrú go PCM (Modhnú Bíogchóid). Féach ar an gcáipéisíocht a tháinig le do ghléas le haghaidh treoracha.

## HDMI agus USB

### HDMI

• Tabhair faoi deara go bhféadfadh tacaíocht HDCP (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Bandaleithead) in ann moill a chur ar an méid ama a thógann sé do theilifís ábhar ó ghléas HDMI a thaispeáint.
• Mura n-aithníonn an teilifís an gléas HDMI agus mura bhfuil aon phictiúr ar taispeáint, athraigh an fhoinse ó ghléas amháin go gléas eile agus ar ais arís.
• Má tá pictiúr agus fuaim gléis atá nasctha le HDMI 1 nó HDMI 2díchumtha, nasc an gléas le HDMI 3 nó HDMI 4 ar an teilifís seo.
• Má tá pictiúr agus fuaim gléis atá nasctha le HDMI díchumtha, bain triail as socrú éagsúil HDMI Ultra HD chun an fhadhb a réiteach. Chun tuilleadh eolais a fháil, in Cabhair, roghnaigh Eochairfhocail agus déan cuardach do HDMI Ultra HD.
• Má chuirtear isteach ar an bhfuaim go heatramhach, cinntigh go bhfuil na socruithe aschuir ón ngléas

HDMI ceart.
• Má tá cuibheoir HDMI-go-DVI nó cábla HDMI-go-DVI in úsáid agat, cinntigh go bhfuil cábla fuaime breise nasctha le AUDIO IN (mion-seac amháin), más ann dó.

Ní oibríonn HDMI EasyLink
• Cinntigh go bhfuil do ghléasanna HDMI comhoiriúnach le HDMI-CEC. Ní oibríonn gnéithe EasyLink ach amháin le gléasanna atá comhoiriúnach le HDMI-CEC.

Níl an deilbhín don airde fuaime ar taispeáint
• Nuair atá gléas fuaime HDMI-CEC nasctha agus nuair a úsáideann tú Cianrialtán na Teilifíse chun an airde fuaime a athrú ón ngléas, is gnáthiompar é sin.

Ní thaispeántar grianghraif, físeáin agus ceol ó ghléas USB
• Cinntigh go bhfuil an gléas stórála USB socraithe chun a bheith comhoiriúnach le hAicme Ollstórála, mar atá curtha síos air i gcáipéisíocht an ghléis stórála.
• Cinntigh go bhfuil an gléas stórála USB comhoiriúnach leis an teilifís.
• Cinntigh go dtacaíonn an teilifís na formáidí comhaid fuaime agus pictiúir.

Athsheinnt briste comhad USB
• D'fhéadfadh feidhmíocht aistrithe an ghléis stórála USB srian a chur ar an ráta aistrithe sonraí chuig an teilifís, a bhfuil athsheinnt briste mar thoradh uirthi.

## Líonra, gan sreang

Ní aimsítear an líonra Wi-Fi nó tá sé díchumtha
• Tá oighinn micreathonnacha, fóin DECT nó gléasanna eile Wi-Fi 802.11b/g/n i do chomharsanacht in ann cur isteach ar an líonra gan sreang.
• Molaimid duit an mhinicíocht 5 GHz (802.11ac) a úsáid ar do ródaire nuair atá do theilifís lonnaithe i ngaireacht do go leor ródairí gan sreang eile (árasáin, etc.).
• Bí cinnte go ligeann na ballaí dóiteáin i do líonra rochtain ar nasc gan sreang na teilifíse.
• Chun go n-éascófaí suiteáil do líonra gan sreang, ná bíodh ainm do ródaire i bhfolach tríd an gcraoladh SSID a chasadh as.
• Mura n-oibreoidh an líonra gan sreang i gceart i do theach, is féidir leat an líonra sreangaithe a úsáid.

Tá an nasc líonra Wi-Fi mall
• Úsáid nasc Idirlín ardluais (leathanbhanda) do do ródaire.
• Cuir srian le líon na ngléasanna atá ag baint úsáid as an ródaire céanna.
• Féach i dtreoirleabhar úsáideora do ródaire gan sreang chun eolas a fháil maidir le raon laistigh, ráta aistrithe nó fachtóirí eile a bhaineann le caighdeán an chomhartha.

DHCP
• Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP (Prótacal Óstchumraíochta Dinimiciúla) an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

## Bluetooth

Gan a bheith in ann péireáil
• Cinngith go bhfuil an gléas i mód péireála. Léigh treoir úsáideora an ghléis.
• Bíodh an ródaire agus an callaire gan sreang chomh gar don teilifís agus is féidir.
• Tá áiteanna a bhfuil go leor gníomhaíochta gan sreang iontu - árasáin a bhfuil go leor ródairí gan sreang ann - in ann cur isteach ar an nasc gan sreang.
• Má dhéanann tú iarracht roinnt gléasanna a phéireáil leis an teilifís ag an am céanna, tá an seans ann nach n-éireoidh leat.

Nasc Bluetooth caillte
• Lonnaigh an callaire gan sreang laistigh de 5 méadar ón teilifís i gcónaí.

Sioncronú Fuaime agus Físe Bluetooth
• Sula gceannóidh tú callaire gan sreang Bluetooth, cuir tú féin ar an eolas faoi chaighdeán a shioncronú Fuaim go Fís, a dtugtar 'beolbheachtú' air go hiondúil. Ní fheidhmíonn gach gléas Bluetooth i gceart. Beidh do mhiondíoltóir in ann comhairle a chur ort.

## Idirlíon

Ní oibríonn an tIdirlíon
• Má tá an nasc leis an ródaire ag obair i gceart, seiceáil nasc an ródaire leis an Idirlíon.

## Teanga Mhícheart Roghchláir

Teanga mhícheart roghchláir

Athraigh an teanga ar ais do do theanga féin.

1 - Brúigh ⌂ HOME chun dul go dtí an scáileán Baile.
2 - Roghnaigh an deilbhín ⚙ (Socruithe) ón mbarra Córais ar bharr an scáileáin Baile agus brúigh OK.
3 - Brúigh 5 uair ⌄ (síos).
4 - Brúigh 3 uair › (deas), roghnaigh do theanga agus brúigh OK.
5 - Brúigh ← BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

24.4
# Cabhair Ar Líne

Is féidir leat dul i gcomhairle lenár dtacaíocht ar líne chun aon fhadhb a bhaineann le teilifís Philips a réiteach. Is féidir leat do theanga a roghnú agus uimhir do mhúnla táirge a chur isteach.

Tabhair cuairt ar www.philips.com/TVsupport.

Is féidir leat an uimhir teileafóin chun dul i dteagmháil linn i do thír féin a aimsiú ar an suíomh tacaíochta, chomh maith le freagraí do cheisteanna coitianta (CCanna). Is féidir leat dul i mbun comhrá le duine dár gcomhoibrithe i roinnt tíortha agus do cheist a chur go díreach nó ceist a sheoladh trí ríomhphost.
Is féidir leat bogearraí nua teilifíse a íoslódáil, nó an treoir úsáideora chun í a léamh ar do ríomhaire.

24.5
# Tacaíocht agus Athdheisiú

Is féidir leat glaoch ar an mbeolíne Chúram Custaiméirí i do thír chun tacaíocht nó athdheisiú a fháil. Déanfaidh ár n-innealltóirí seirbhíse athdheisiú, más gá.

Aimsigh an uimhir teileafóin ar an doiciméadúchán priontáilte a tháinig leis an teilifís.
Nó tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin www.philips.com/TVsupport agus roghnaigh do thír má gá.

### Uimhir mhúnla agus sriathuimhir na teilifíse

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort uimhir mhúnla an táirge teilifíse agus an tsraithuimhir a thabhairt. Aimsigh na huimhreacha seo ar an lipéad pacáistithe nó ar an lipéad cineáil ar chúl nó ar bhun na teilifíse.

### ⚠ Rabhadh

Ná triail an teilifís a athdheisiú tú féin. D'fhéadfá tú féin a ghortú go dona, damáiste nach féidr é a leigheas a dhéanamh do do theilifís nó do bharánta a chur ar ceal.

25
# Sábháilteacht agus Cúram

25.1
## Sábháilteacht

### Tábhachtach

Léigh agus tuig gach treoir sábháilteachta sula n-úsáidfidh tú an teilifís. Má tharlaíonn díobháil mar nár leanadh treoracha, ní bheidh feidhm ag an mbaránta.

### Baol Turrainge Leictrí nó Tine

• Ná nocht an teilifís don bháisteach nó d'uisce. Ná cuir soithí ina mbíonn leachtanna, cosúil le vásaí, in aice leis an teilifís.
Má dhoirtear leachtanna ar an teilifís, nó isteach inti, dínasc an teilifís ón asraon cumhachta láithreach.
Déan teagmháil le Cúram Custaiméirí Philips TV chun an teilifís a sheiceáil sula n-úsáidfí í.
• Ná nocht an teilifís, an cianrialtán ná ceallraí go deo do theas iomarcach. Ná cuir in aice le coinnle ar lasadh nó lasracha gan chosaint iad, ná in aice le foinsí teasa iad, lena n-áirítear teas díreach na gréine.
• Ná cuir aon rud isteach sna sliotáin aeraithe go deo, ná sna hoscailtí eile ar an teilifís.
• Ná cuir rudaí troma go deo ar an seolán cumhachta.
• Ná bíodh aon neart á imirt ar na plugaí cumhachta. Tá plugaí cumhachta scaoilte in ann a bheith ina n-údar do stuáil nó do thine. Bí cinnte nach mbeidh aon straidhn ar an seolán cumhachta nuair a sclóineann tú scáileán na teilifíse.
• Chun an teilifís a dínascadh ó chumhacht an phríomhlíonra, ní mór pluga cumhachta na teilifíse a dínascadh. Nuair atá an chumhacht a dínascadh agat, tarraing an pluga cumhachta i gcónaí, ná tarraing an seolán go deo. Bí cinnte go bhfuil rochtain iomlán agat ar an bpluga cumhachta, an seolán cumhachta agus ar an soicéad asraoin i gcónaí.

### Baol Gortuithe nó Baol Díobhála don teilifís

• Teastaíonn beirt chun teilifís atá níos troime ná 25 cileagram nó 55 punt a iompar.
• Má ghléasann tú an teilifís ar sheastán, ná húsáid ach an seastán a tháinig léi. Daingnigh an seastán leis an teilifís go maith.
Lonnaigh an teilifís ar dhromchla réidh cothrom atá in ann glacadh le meáchan na teilifíse agus an seastáin.
• Nuair atá sé gléasta ar an mballa, bí cinnte go bhfuil an gléasadh balla in ann meáchan na teilifíse a iompar go sábháilte. Ní ghlacann TP Vision le haon fhreagracht as gléasadh balla míchuí a mbeidh tionóisc, gortú nó damáiste mar thoradh air.
• Is as gloine atá píosaí den táirge déanta. Láimhseáil go cúramach é chun gortú nó damáiste a sheachaint.

Baol damáiste don teilifís

Sula nascfaidh tú an teilifís leis an asraon cumhachta, cinntigh go bhfuil an voltas cumhachta ag meaitseáil an luach atá priontáilte ar chúl na teilifíse. Ná nasc an teilifís go deo leis an asraon cumhachta má tá voltas éagsúil ann.

### Baol Gortuithe do Pháistí

Lean na réamhchúraim seo chun nach mbeidh an teilifís ina údar gortuithe do pháistí má thiteann sé ón seastán:

• Ná cuir an teilifís go deo ar dhromchla atá clúdaithe le héadach nó le hábhar eile ar féidir é a tharraingt.
• Bí cinnte nach bhfuil aon chuid den teilifís ag gobadh amach thar imeall an dromchla gléasta.
• Ná cuir an teilifís go deo ar throscán ard, cosúil le leabhragán, gan an troscán agus an teilifís araon a bheith daingnithe don bhalla nó do thaca feiliúnach.
• Labhair le leanaí faoi na contúirtí a bhaineann le bheith ag dreapadóireacht ar throscán chun dul chomh fada leis an teilifís.

An baol a bhaineann le ceallraí a shlogadh!

D'fhéadfadh ceallraí atá cosúil le boinn airgid a bheith sa chianrialtán agus d'fhéadfadh leanaí óga iad a shlogadh go héasca. Ná bíodh leanaí in ann rochtain a fháil ar na ceallraí seo go deo.

### Baol Róthéite

Ná cuir an teilifís go deo in áit a bhfuil an spás cúng ann. Bíodh spás 20 ceintiméadar nó 4 orlach ar a laghad timpeall na teilifíse i gcónaí le haghaidh aeraithe. Bí cinnte nach gclúdaíonn cuirtíní nó rudaí eile sliotáin aeraithe na teilifíse.

### Stoirmeacha Tintrí

Dínasc an teilifís ón asraon cumhachta agus ón aeróg roimh stoirmeacha tintrí.
Ná leag do lámh ar aon chuid den teilifís, an seológ cumhachta nó cábla na haeróige i rith stoirmeacha tintrí.

## Baol Damáiste Éisteachta

Ná húsáid cluasáin ar feadh tréimhsí fada nuair a bhíonn an fhuaim an-ard agat.

## Teochtaí Ísle

Má iompraítear an teilifís nuair atá an teocht níos lú ná 5°C nó 41°F, díphacáil an teilifís agus fan go dtí go mbeidh teocht an tseomra bainte amach ag an teilifís sula nascfaidh tú an teilifís leis an asraon cumhachta.

## Bogthaise

Tá sé in ann tarlú go hannamh, ag brath ar theocht agus ar bhogthaise, go mbeidh mion-comhdhlúthú ar an taobh istigh d'aghaidh ghloine na teilifíse (ar roinnt múnlaí). Chun é seo a chosc, ná nocht an teilifís do sholas díreach na gréine, do theas ná do an-bhogthaise. Má bhíonn comhdhlúthú ann, imeoidh sé leis féin tar éis don teilifís a bheith air ar feadh roinnt uaireanta.
Ní dhéanfaidh taise an bhogthaise aon dochar don teilifís agus ní bheidh sé ina údar mífheidhme.

25.2
# Glanadh

• Ná bíodh aon rud i dteagmáil leis an scáileán agus ná húsáid aon rud chun an scáileán a bhrú, a chuimilt nó a bhualadh.
• Bain amach pluga na teilifíse sula nglanann tú í.
• Glan an teilifís agus an fráma le ceirt bhog thais agus cuimil go séimh í. Ná déan teagmháil leis na LEDanna Ambilight ar chúl na teilifíse. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh nó glantóirí tí ar an teilifís.
• Chun dífhoirmithe agus téaltú na ndathanna a sheachaint, glan suas braonta uisce chomh tapaidh agus is féidir.
• Seachain íomhánna cónaitheacha a mhéid is féidir. Íomhánna a fhanann ar an scáileán ar feadh tréimhsí fada iad íomhánna cónaitheacha. Áirítear le híomhánna cónaitheacha roghchláir ar an scáileán, barraí dubha, taispeáintí ama, srl. Má chaitheann tú íomhánna cónaitheacha a úsáid, laghdaigh codarsnacht agus gile an scáileán chun damáiste don scáileán a sheachaint.

25.3
# Cúram Scáileáin

• Ná bíodh aon rud i dteagmáil leis an scáileán agus ná húsáid aon rud chun an scáileán a bhrú, a chuimilt nó a bhualadh.
• Bain amach pluga na teilifíse sula nglanann tú í.
• Glan an teilifís agus an fráma le ceirt bhog thais agus cuimil go séimh í. Ná déan teagmháil leis na LEDanna Ambilight ar chúl na teilifíse. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh nó glantóirí tí ar an teilifís.
• Chun dífhoirmithe agus téaltú na ndathanna a sheachaint, glan suas braonta uisce chomh tapaidh agus is féidir.
• Seachain íomhánna cónaitheacha a mhéid is féidir. Íomhánna a fhanann ar an scáileán ar feadh tréimhsí fada iad íomhánna cónaitheacha. Áirítear le híomhánna cónaitheacha roghchláir ar an scáileán, barraí dubha, taispeáintí ama, srl. Má chaitheann tú íomhánna cónaitheacha a úsáid, laghdaigh codarsnacht agus gile an scáileán chun damáiste don scáileán a sheachaint.

26
# Téarmaí Úsáide

26.1
## Téarmaí Úsáide - Teilifís

2016 © TP Vision Europe B.V. Gach ceart ar cosnamh.

Is é TP Vision Europe B.V. déantúsóir an táirge seo, a dtagrófar feasta dó mar TP Vision, nó ceann dá chuideachtaí cleamhnaithe, a thug an táirge seo chuig an margadh. Is é TP Vision an barántóir i ndáil leis an teilifís ar tháinig an leabhrán seo in aon phacáiste léi. Is trádmharcanna cláraithe de chuid Koninklijke Philips N.V. Philips agus suaitheantas scéithe Philips.

D'fhéadfadh na sonraíochtaí a athrú gan choinne. Is le Koninklijke Philips N.V., nó a úinéirí faoi seach, na trádmharcanna. Tá sé de cheart ag TP Vision táirgí a athrú am ar bith gan dualgas a bheith air táirgí atá ar fáil cheana féin a athrú dá réir.

Creidtear go bhfuil an t-ábhar scríofa a tháinig in aon phacáiste leis an teilifís agus an lámhleabhar atá stóráilte i gcuimhne na teilifíse nó a íoslódáiltear ó láithreán gréasáin Philips [www.philips.com/support](http://www.philips.com/support) leordhóthanach don úsáid a bhfuil an córas beartaithe lena haghaidh.

Creidtear go bhfuil an t-ábhar sa treoirleabhar seo leordhóthanach don úsáid atá beartaithe ag an gcóras. Má úsáidtear an táirge, nó a mhodúil nó nósanna imeachta indibhidiúla, chun críche nach bhfuil sonraithe leis seo, ní mór deimhniú a fháil maidir lena mbailíocht agus a n-oiriúnacht. Barántaíonn TP Vision nach sáraíonn an t-ábhar féin aon phaitinn de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá. Níl aon bharantá eile ráite nó intuigthe. Ní bheidh TP Vision freagrach as aon earráid in ábhar na cáipéise seo ná as aon fhadhb a eascraíonn as ábhar na cáipéise seo. Leigheasfar earráidí a thuairiscítear do Philips agus foilseofar ar láithreán gréasáin tacaíochta Philips a luaithe is féidir.

Téarmaí baránta - Baol gortuithe, damáiste don teilifís nó an baránta a chur ar neamhní!
Ná triail go deo an teilifís a dheisiú tú féin. Úsáid an teilifís agus a comhghabhálais mar atá beartaithe ag an déantúsóir. Tugann an comhartha rabhaidh ar chúl na teilifíse le fios go bhfuil baol turrainge leictrí ann. Ná bain as clúdach na teilifíse go deo. Déan teagmháil le Cúram Custaiméirí Philips TV le haghaidh seirbhíse nó deisiúchán. Aimsigh an uimhir theileafóin sa cháipéisíocht phriontáilte a tháinig leis an teilifís. Nó tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin **www.philips.com/support** agus roghnaigh do thír más gá. Cuirfear an baránta ar neamhní má dhéantar aon oibríocht atá toirmiscithe go sainráite sa treoirleabhar seo, nó aon choigeartú nó nós imeachta cóimeála nach bhfuil molta ná údaraithe sa treoirleabhar seo.

Tréithe picteilín
Tá líon ard picteilíní daite ag an táirge LCD/LED seo. Cé go bhfuil picteilíní éifeachtacha de 99.999% nó níos airde aige, d'fhéadfaí poncanna dubha nó pointí geala solais (dearg, uaine nó gorm) a bheith ar taispeáint go leanúnach ar an scáileán. Airí struchtúrtha de chuid na taispeána é seo (laistigh de ghnáthchaighdeáin an tionscail) agus ní mífheidhm é.

Comhlíonadh CE
Deimhníonn TP Vision Europe B.V. leis seo go bhfuil an teilifís seo comhlíontach le bunriachtanais agus le forálacha ábhartha eile Treoracha 2014/53/AE (RED), 2009/125/CE (Éicea-dearadh), 2010/30/AE (Lipéadú Fuinnimh) and 2011/65/CE (RoHS).

Comhlíonadh le EMF
Déantúsaíonn agus díolann EMF TP Vision Europe B.V. go leor táirgí atá dírithe ar thomhaltóirí a bhfuil an cumas acu, cosúil le trealamh leictreonach ar bith, comharthaí leictreamhaighnéadacha a astú agus a fháil. Is é ceann de phrionsabail ghnó TP Vision tabhairt faoi gach beart sláinte agus sábháilteachta atá riachtanach dár dtáirgí chun comhlíonadh le gach riachtanais dlí infheidhmithe agus chun fanacht taobh istigh de na caighdeáin Réimse Leictreamhaighnéadach (EMF) a bhí infheidhmithe ag an am ar táirgeadh na táirgí.

Tá TP Vision tiomanta táirgí a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chur ar an margadh nach bhfuil ina n-údar d'aon díobháil sláinte. Dearbhaíonn TP Vision go bhfuil a tháirgí sábháilte le haghaidh an úsáid atá beartaithe acu de réir na fianaise eolaíche atá ar fáil inniu, chomh fada is a úsáidtear iad chun an úsáid atá beartaithe leo. Tá ról gníomhach ag TP Vision i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta EMF agus sábháilteachta, rud a chuireann ar chumas TP Vision tuilleadh forbairtí i gcaighdeánú a ionchasú agus na forbairtí sin a chomhtháthú go luath ina dtáirgí.

26.2
## Téarmaí Úsáide - Bailiúchán Philips TV

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Théarmaí Úsáide, Bailiúchán Philips TV**.

# 27 Cóipchearta

## 27.1 MHL

Is trádmharcanna de chuid an MHL, LLC iad MHL, Mobile High-Definition Link agus Lógó MHL.

## 27.2 HDMI

Is trádmharcanna nó trádmharcanna cláraithe de HDMI Licensing LLC iad na téarmaí HDMI agus HDMI High-Definition Multimedia Interface, agus lógó HDMI Logo i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i dtíortha eile.

## 27.3 Dolby Digital Plus

Monaraíodh faoi cheadúnas ó Dolby Laboratories. Is trádmharcanna iad Dolby agus an tsiombail D-dúbáilte de Dolby Laboratories.

## 27.4 DTS Premium Sound ™

Maidir le paitinní DTS, féach http://patents.dts.com. Arna dhéanamh faoi cheadúnas ó DTS Licensing Limited. Is trádmharcanna cláraithe DTS, an tSiombail, & DTS agus an tSiombail le chéile, agus is trádmharc é DTS Premium Sound de chuid DTS, Inc. © DTS, Inc. Gach Ceart ar Cosnamh.

## 27.5 Microsoft

### Windows Media

Is trádmharc cláraithe nó trádmharc é Windows Media de Microsoft Corporation i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus/nó tíortha eile.

### Microsoft PlayReady

Úsáideann úinéirí inneachair teicneolaíocht rochtana inneachair Microsoft PlayReady™ chun a maoin intleachtúil a chosaint, lena n-áirítear inneachar a bhfuil cóipcheart air.
Úsáideann an gléas seo teicneolaíocht PlayReady chun rochtain a fháil ar inneachar atá PlayReady-cosanta agus/nó inneachar WMDRM-cosanta. Má theipeann ar an ngléas srianta ar úsáid ábhar a fhorfheidhmiú go cuí, d'fhéadfadh úinéirí ábhar iarradh ar Microsoft cumas an ghléis ábhar atá cosanta ag PlayReady a sheinnt a aisghairm. Ní ceart go mbeadh aon tionchar ag aisghairm ar ábhar neamhchosanta nó ábhar atá cosanta ag teicneolaíochtaí rochtana ábhar eile. D'fhéadfadh úinéirí ábhar iarradh ort PlayReady a uasghrádú chun rochtain a fháil ar a n-ábhar. Má dhiúltaíonn tú roimh uasghrádú, ní bheidh tú in ann rochtain a fháil ar ábhar a bhfuil an t-uasghrádú ag teastáil uaidh.

## 27.6 Wi-Fi Alliance

Is trádmharcanna cláraithe de chuid an Wi-Fi Alliance Wi-Fi®, an logó Wi-Fi CERTIFIED, an logó Wi-Fi.

27.7
# Kensington

(más infheidhme)

Trádmharcanna cláraithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá de chuid ACCO World Corporation iad Kensington agus Micro Saver a bhfuil clárúcháin eisithe agus iarratais ar feitheamh acu i dtíortha eile ar fud an domhain.

27.8
# Trádmharcanna Eile

Maoin dá n-úinéirí faoi seach iad gach trádmharc cláraithe agus neamhchláraithe eile.

28

# Séanadh maidir le seirbhísí agus/nó bogearraí atá á dtairiscint ag tríú páirtithe

D’fhéadfaí seirbhísí agus/nó bogearraí atá á dtairiscint ag tríú páirtithe a athrú, a chur ar fionraí, nó a fhoirceannadh gan aon fhógra a thabhairt roimhe ré. Ní bheidh aon fhreagracht ar TP Vision ina leithéid de chás.

# Innéacs


A
Aeróg, Nasc Aeróige 6
Ag Féachaint ar an Teilifís 20
Ainm an líonra teilifíse 40
Airde fuaime na gCluasán 59
Amadóir Casta As 64
Ambilight, Socruithe 61
Ar Theilifís Anois 85

É
Éicea-Socruithe 64

B
Bluetooth 31
Bluetooth, Bain gléas as 32
Bluetooth, Péireáil 32
Bluetooth, Roghnaigh gléas 32
Braiteoir Solais 56
Breisiú Datha 54

C
Cainéal 19
Cainéal, athraigh go cainéal 20
Cainéal, Liosta Cainéal, cuardaigh 19
Cainéal, Liosta Cainéal, maidir le 19
Cainéal, Liosta Cainéal, oscail 19
Cainéal, Liosta Cainéal, scag 25
Cainéal, rátáil aoise 20
Cainéal, Suiteáil Satailíte 13
CAManna Satailíte 13
Camthaifeadán, nasc 36
Cóipeáil Liosta Cainéal 18
Cóipeáil Liosta Cainéal, cóipeáil 18
Cóipeáil Liosta Cainéal, leagan reatha 18
Cóipeáil Liosta Cainéal, uaslódáil 18
Cúram an Scáileáin 100
Cúram Custaiméirí 98
Cúram Scáileáin 100
Ceallraí, Cianrialtán Bluetooth 11
Ceamara grianghraif, nasc 36
Ceap Stiúrtha, nasc 33
Cianrialtán, Cuardach Gutha 9
Cianrialtán, Forbhreathnú 8
Cianrialtán, Glacadóir 11
Cláir HDR 56
Cláir, Moltaí 85
Codarsnacht 54
Codarsnacht, Codarsnacht Físe 56
Codarsnacht, Codarsnacht Fhoirfe 56
Codarsnacht, Gile 54
Comhaid Meán, ó mhéaróg chuimhne USB 73
Comhaid Meán, ó Ríomhaire nó NAS 73
Comhaid meán, ó Stóráil sa Néal 73
Consól Cluiche, nasc 33
Cuardach Gutha, Cianrialtán 9
Cuimhne Idirlín, glan 40
Cuir teilifís ar sos 79
Cumhacht Air 12
Cumhacht As 12

D
Dath 53
Dath, rialú datha 55
Diúscairt teilifíse nó ceallraí 92
Diosca crua USB, Suiteáil 34
Dord 59

E
EasyLink HDMI CEC 27

F
Fadhbanna, Cianrialtán 95
Fadhbanna, Fuaim 96
Fadhbanna, Nasc HDMI 96
Fadhbanna, Nasc USB 96
Fadhbanna, Pictúr 96
Físeáin ar Éileamh 86
Fógraí 91
Feidhmchláir 45
Formáid Phictiúir 58
Fuaim, Uathleibhéaladh Airde Fuaime 60

G
Gáma 57
Géire 54
Géire, Laghdú Déantán MPEG 57
Géire, laghdú torainn 57
Glais d'Fheidhmchláir 47
Glan Cuimhne Idirlín 41
Gluaisne, Clear LCD 57
Grianghraif, Físeáin agus Ceol 73

H
HDMI MHL 27
HDMI Ultra HD 66
HDMI, ARC 26

I
Ilamharc 88

L
Lagú amhairc 70
Lagú Éisteachta 70
Lagú éisteachta 70
Lí 55
Líonra gan Sreang 39
Líonra sreangaithe 40
Líonra, Ainm Líonra na teilifíse 41
Líonra, Cas air Wi-Fi 41
Líonra, Féach ar Shocruithe 40
Líonra, gan sreang 39
Líonra, IP Statach 40
Líonra, nasc 39
Líonra, Scáileán Cliste Wi-Fi 41
Líonra, Sreangaithe 40
Líonra, WoWLAN 40
Líonra, WPS 39
Líonra, WPS le cód PIN. 39
Logó Philips, Gile 65

M
Méaróg Chuimhne USB, nasc 35
Méarchlár Cianrialtáin 10
Méarchlár, nasc 35
Mód Codarsnachta 56

Mód Fuireachais 12
Mear-Socrú Fuaime 58
Motion, Perfect Natural Motion 57

N

Nasc Satailíte, Mias Satailíte 6
Nasc YPbPr 28
Nasc, Cábla Cumhachta 5
Nasc, Cluasáin 32
Nuashonrú Bogearraí 90

P

Perfect Natural Motion 57

R

Rátáil Aoise 20
Rátáil Tuismitheora 20
Ríomhaire, nasc 36
Rochtain Uilíoch 70
Roghnú Físeáin 22

S

Satailít, Bain as Satailít 15
Satailít, Cuir Satailít leis an liosta 14
Satailít, Nuashonrú Cainéal de Láimh 14
Satailít, Pacáistí Cainéal 14
Satailít, Suiteáil de láimh 15
Satailít, Unicable 14
Sáithiú 55
Scáileán Baile 43
Socrú, achar féachana 5
Socrú, socrú teilifíse 5
Socruithe Android 42
Soláthraí Meán Digiteach - DMR 41
Sonraí Eolaire Teilifíse 76
Stíl Fuaime 58
Stíl Phictiúir 53
Suiteáil Líonra 39
Suiteáil Satailíte 13

T

Tacaíocht ar líne 98
Téarmaí Úsáide 101
Téarmaí Úsáide, Bailiúchán Philips TV 43
Teilifís ar Éileamh 85
Teilitéacs 23
Teocht Datha 54
Teocht Datha Shaincheaptha 55
Tráchtaireacht fuaime 70
Treoir maidir le Nascacht 26
Treoracha Sábháilteachta 99
Tribil 59

U

Uaineadóir Codlata 70
Uas-scálú HDR 56
Uath-Leibhéaladh Airde Fuaime 60
Ultra Resolution 57
Unicable 14

W

Wi-Fi 39

All registered and unregistered trademarks are property of their respective owners.
Specifications are subject to change without notice.
Philips and the Philips' shield emblem are trademarks of Koninklijke Philips N.V.
and are used under license from Koninklijke Philips N.V.
2017 © TP Vision Europe B.V. All rights reserved.

philips.com